Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



# Plean Gníomhaíochta 2018-2022

Straitéis 20 Bliain Don Ghaeilge 2010-2030

## Tuairisc ar dhul chun cinn
## Iúil 2019 - Nollaig 2020

Arna fhoilsiú ag
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

S20
STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

# Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar ..... 2
Ráiteas ón Aire ..... 3
Ráiteas ón Aire Stáit ..... 5
Achoimre Fheidhmeach ..... 7
Réimse Gnímh 1: Oideachas ..... 11
Réimse Gnímh 2: An Ghaeltacht ..... 39
Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath ..... 60
Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal ..... 76
Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht ..... 87
Réimse Gnímh 6: Foclóirí ..... 118
Réimse Gnímh 7: Reachtaíocht agus Stádas ..... 123
Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta ..... 130
Réimse Gnímh 9: Tionscnaimh Leathana ..... 139
Aguisín 1: Gluais Acrainmneacha agus Naisc Úsáideacha ..... 141
Aguisín 2: Miontuairiscí Chruinnithe an Choiste Stiúrtha ..... 147

# Ráiteas ón Aire



Mar Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, tá áthas orm an dara tuairisc seo ar dhul chun cinn maidir le **Plean Gníomhaíochta 2018–2022** don Ghaeilge a chur i láthair i gcomhar leis an Aire Stáit Chambers thar ceann an Rialtais. Ach an oiread leis an gcéad tuairisc ar dhul chun cinn a foilsíodh i mí Dheireadh Fomhair 2020 (inar cuimsíodh an tréimhse fhorfheidhmithe ó Iúil 2018 go dtí Meitheamh 2019), tugtar léargas sa tuairisc seo ar an méid atá déanta thar an tréimhse ó Iúil 2019 go Nollaig 2020 go príomha chun cúram a dhéanamh de gach beart atá luaite sa Phlean Gníomhaíochta – ar leas na Gaeilge agus na Gaeltachta i ndeireadh báire, agus ar leas fhorfheidhmiú na Straitéise dá réir.

Cosúil leis an **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030,** atá mar chreatlach foriomlán don Phlean Gníomhaíochta, tá úinéireacht thras-Rannach ag an bPlean agus, dá réir, ag an tuairisc seo ar dhul chun cinn.

Níl aon amhras ach go raibh dúshlán faoi leith bainteach leis an tréimhse ó thús 2020 mar gheall ar COVID-19. Fearacht gach réimse eile den saol d'imir an phaindéim tionchar suntasach ar ábaltacht gach eagraíocht lena mbaineann forfheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta a gcion a dhéanamh chun cúram a dhéanamh de na bearta a mbaineann leo agus dá gcláir oibre trí chéile ar son na Gaeilge agus na Gaeltachta. Mura raibh aon neart ag éinne air sin is díol suntais agus misnigh é gur aimsíodh bealaí agus seifteanna nua malartacha chun rudaí a dhéanamh.

Mar a aithníodh nuair a seoladh an Plean Gníomhaíochta i mí an Mheithimh 2018, is é spiorad na meithle atá ag croílár an scéil agus is údar misnigh agus sásaimh é gur éirigh le páirtithe leasmhara – le cúnamh mo Roinne agus forais ábhartha eile stáit, dul i ngleic le móramh mór na ndeacrachtaí a tháinig chun cinn go dtí seo de thoradh COVID-19 fad ár gcumais.

Maidir le cúrsaí airgeadais trí chéile mar a bhaineann sé le réimse na Gaeilge agus na Gaeltachta, is fiú a lua gur cheadaigh an Rialtas seo €14.8m breise i gcáinaisnéis 2021 d'earnáil na Gaeilge agus na Gaeltachta don bhliain reatha. Fágann sé seo go bhfuil maoiniú iomlán d'os cionn €78m ar fáil don Ghaeilge agus don Ghaeltacht i mbliana.

Ba iontach an rud é don dá Rialtas agus na páirtithe polaitiúla sa tuaisceart, teacht ar an gcomhaontú Ré Nua, Cur Chuige Nua anuraidh. Faoin gcomhaontú sin leagtar amach ár dtosaíochtaí roinnte maidir le sláinte, oideachas, bonneagar, leasa an phobail, teanga agus cultúir, agus é mar aidhm teacht i dtír ar na ceisteanna is tábhachtaí do phobal an Tuaiscirt.

Is mian liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas a ghabháil le gach páirtí leasmhar a raibh baint acu go dáta le feidhmiú bhearta an phlean. Cuimsítear i measc na bpáirtithe leasmhara úd mo Roinn féin, an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge, in éindí le heagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta fud fad na tíre.

Gabhaim buíochas chomh maith leis an gcoiste stiúrtha atá i mbun oibre chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar a chur chun feidhme i gcomhréir le mian an Rialtais.

Bíodh is go n-aithnítear na dúshláin lena bhfuilimid uile mar phobal ag maireachtáil de bharr COVID-19, tugann an dul chun cinn atá le sonrú sa tuairisc seo dóchas agus misneach dom.

Táim ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhar leis an Aire Stáit Chambers agus le gach páirtí leasmhar sa tréimhse atá romhainn chun cur leis an obair fhónta atá le sonrú sa tuairisc seo ar leas an rud is cás linn ar fad i ndeireadh báire - an Ghaeilge agus an Ghaeltacht.

**Catherine Martin T.D.,**
An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

# Ráiteas ón Aire Stáit



Mar Phríomh-Aoire an Rialtais agus mar Aire Stáit Gaeltachta agus Spóirt, tá áthas orm an tuairisc seo ar dhul chun cinn maidir le **Plean Gníomhaíochta 2018–2022** don Ghaeilge a chur i láthair i gcomhar leis an Aire Martin. Is plean uaillmhianach dúshlánach é atá comhdhéanta d'os cionn 180 gníomh atá á gcur i bhfeidhm i gcomhar le 60 páirtí leasmhar ar leas foriomlán na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Tagann foilsiú na tuairisce seo leis an ngealltanas a rinneadh nuair a seoladh an Plean Gníomhaíochta i mí an Mheithimh 2018 go bhfoilseofaí a leithéid de thuairisc, ar son na trédhearcachta agus na cuntasachta.

Ó ceapadh mé mar Aire Stáit na Gaeltachta tá gach deis tapaithe agam laistigh de na srianta COVID-19 chun bualadh leis an iliomad eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta fud fad na tíre ar mhaithe le cloisteáil uathu faoina bhfuil ar bun agus beartaithe acu ar leas na Gaeilge ar leas na Gaeltachta agus ar leas an phobail lena mbaineann siad.

I measc na nithe is suntasaí a baineadh amach le linn thréimhse na tuarascála seo (Iúil 2019 go dtí Nollaig 2020),

- rinneadh dul chun cinn suntasach le cur i bhfeidhm an phróisis pleanála teanga mar a bhaineann sé leis na ceantair Ghaeltachta, le Bailte Seirbhíse agus le Líonraí Gaeilge mar a ndéantar iad a shainiú in Acht na Gaeltachta 2012
- Bunaíodh ciste cobhsaithe i samhradh 2020 chun teacht i gcabhair ar earnáil na gColáistí Gaeilge
- Cheadaigh an Rialtas maoiniú breise don Ghaeltacht mar chuid den Phacáiste Spreagtha Post i mí Iúil 2020, ina raibh soláthar caipitil €8m breise d'Údarás na Gaeltachta in 2020 chun uasghrádú riachtanach a dhéanamh ar a stoc foirgneamh agus ar chórais chóireála uisce.

De thoradh na comhpháirtíochta agus na comhúinéireachta a bhaineann leis seo uile, is údar sásaimh é domsa go bhfuil dul chun cinn suntasach le sonrú sa dara tuairisc seo ar chur chun feidhme an Plean Gníomhaíochta. Lena foilsiú, cuirtear ar shúile an Oireachtais, an státchórais, na n-eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta agus an phobail trí chéile an méid atá déanta san achar ama 18 mhí ó Iúil 2019 go Nolllaig 2020. Tugtar léargas ann chomh maith maidir le cá háit is gá le tuilleadh oibre a dhéanamh chun cúram níos fearr a dhéanamh de na bearta úd sa Phlean a bhfuil moill luaite leo.

Mar atá luaite roimhe seo, aithnítear sa phlean gurb ionann na bearta atá rianaithe ann agus bonnlíne agus go mbeifear ag faire amach i rith an ama ar na bealaí a mbeifear in ann cur tuilleadh lena bhfuil leagtha amach sa phlean sa tréimhse atá amach romhainn de réir mar a thagann deiseanna agus acmhainní breise chun cinn.

Agus muid ag breathnú chun tosaigh, is gá dúinn ar fad a aithint go bhfuil údar suntasach dóchais ann. Dá dheacra agus dá dhúshláiní an ré ina bhfuilimid ar fad ag maireachtáil faoi láthair tá dóchas ós ár gcomhair amach ag bun na spéire.

Is údar misnigh agus dóchais dom an méid atá bainte amach ó foilsíodh an plean é féin trí bliana ó shin agus go deimhin thar tréimhse na tuairisce faoi leiht seo. Ach an oiread leis an Aire Martin, táim ag súil go mór le bheith ag leanúint orm ag obair le gach páirtí leasmhar san achar ama atá romhainn chun cur lena bhfuil bainte amach go dáta ar leas phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge araon.

**Jack Chambers T.D.,**
Príomh-Aoire an Rialtais agus Aire Stáit Gaeltachta agus Spóirt

# Achoimre Fheidhmeach

Is é cuspóir na dara tuairisce seo léargas chomh cruinn, beacht agus soiléir a d'fhéadfaí a thabhairt faoina bhfuil bainte amach ag gach páirtí leasmhar thar an tréimhse **18 mí ó 1 Iúil 2019 go 31 Nollaig 2020** chun cúram a dhéanamh den bhreis agus 180 beart atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta 2018-2022.

Tagann foilsiú na dara tuairisce seo, atá faofa ag an Rialtas, lena chinneadh go bhfoilseofaí a leithéid go bliantúil ar son na cuntasachta agus na trédhearcachta.

Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar bhonn leanúnach maidir leis an bPlean Gníomhaíochta, chun é a fheidhmiú, is í an tréimhse 1 Iúil 2019 go 31 Nollaig 2020 amháin atá mar ábhar na tuairisce seo go príomha. Is ar bhonn bliain fhéilire a fhoilseofar tuairiscí 2021 agus 2022 faoi seach; cuimseofar an dul chun cinn atá déanta ar gach réimse ábhartha den phlean – lena n-áirítear Bille na dTeangacha Oifigiúla sa chéad tuairisc bhliantúil eile faoina gcumhófar an tréimhse ó mhí Eanáirt go Nollaig 2021.

**Ullmhú na Tuairisce**
I gcomhthéacs na freagrachta atá sannta don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon Gaeltachta, Spórt agus Meán (RTCEGSM) as cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus go deimhin an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, chuaigh an RTCEGSM i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara atá luaite sa Phlean agus an tuairisc seo ar dhul chun cinn á cur i dtoll a chéile.

Ina theannta sin agus sular foilsíodh í, cuireadh an tuairisc faoi bhráid an Choiste Stiúrtha a ceapadh i mí na Samhna 2018 - faoi chathaoirleacht na RTCEGSM, chun cabhrú le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta. Tá tuilleadh sonraí faoin gcoiste agus an obair a rinne siad i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe seo faoin gcaibidil: Monatóireacht agus Tuairisciú.

**Leagan Amach na Tuairisce**
Fearacht an chéad tuairisc ar dul chun cinn a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2019 tugtar léargas i bhfoirm réamhrá ag tús gach ceann den 9 Réimse Gnímh faoinar baineadh amach sa réimse úd thar an tréimhse, chomh maith le tagairtí maidir le haon ní/bheart faoi leith nach foláir a bheith ar an airdeall faoi - cheal dul chun cinn.

Maidir leis na táblaí bearta faoi leith, mar a rinneadh roimhe seo baintear úsáid as dath glas, oráiste agus dearg chun léiriú agus idirdhealú a dhéanamh ar bhearta atá déanta, idir lámha nó a bhfuil moill bainteach lena gcur i bhfeidhm. Tugtar léargas i bhfoirm tábla ar an staid a bhaineann le feidhmiú bhearta gach Réimse Gnímh faoi leith.

Ós rud é go bhfuil comhúinéireacht agus comhfhreagracht bainteach leis agus gurb í feidhm na RTCEGSM comhordú a dhéanamh ar sholáthar na tuairisce (móide cúram a dhéanamh de na bearta a bhaineann go príomha léi, ar ndóigh), níor mhiste a nótáil go bhfuil gach iarracht déanta, chomh fada agus is féidir, chun a chinntiú go bhfuil an tuairisciú trí chéile chomh cruinn, beacht agus soiléir agus is féidir dó a bheith.


Ós rud é go bhfuiltear ag súil leis go mbainfear leas níos mó as an leagan leictreonach den tuairisc seo ná an leagan clóbhuailte, tá naisc leictreonacha curtha sa téacs oiread agus is féidir chuig suíomhanna idirlín ábhartha - áit a bhfuil fáil ar eolas breise faoi cibé ábhar atá faoi chaibidil. Tagann an cur chuige seo lenar deineadh sa chéad tuairisc ar dhul chun cinn (Iúil 2018 go Meitheamh 2019).

**Léargas**


Den 185 gníomh sa Phlean, bhí 51 gníomh le cur i bhfeidhm idir 2018 agus deireadh 2020 dar leis an tráthchlár ina leith a aontaíodh sular foilsíodh an Plean é féin. Ós rud é gurb í an tréimhse 1Iúil 2019 go 31 Nollaig 2020 atá mar ábhar na tuairisce seo, tugtar léargas sa léaráid agus sna táblaí thíos ar staid na mbeart sin mar a bhí ag deireadh mhí na Nollag 2020.

**COVID-19**

Níl aon amhras ach go raibh tionachar mór ag COVID-19 agus ainneoinn na ndúshlán a tháinig chun cinn ó thús 2020 de dheasca sin tuairiscítear dul chun cinn suntasach trí chéile maidir le cur chun feidhme na bearta atá sa phlean.




| | Réimse Gnímh 1 | Réimse Gnímh 2 | Réimse Gnímh 3 | Réimse Gnímh 4 | Réimse Gnímh 5 | Réimse Gnímh 6 | Réimse Gnímh 7 | Réimse Gnímh 8 | Réimse Gnímh 9 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Déanta | 8 | 2 | 1 | 0 | 10 | 2 | 1 | 2 | 1 | 27 |
| Idir Lámha | 7 | 3 | 2 | 1 | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | 16 |
| Moill leis | 0 | 0 | 1 | 1 | 4 | 0 | 1 | 0 | 1 | 8 |
| Iomlán | 15 | 5 | 4 | 2 | 16 | 2 | 2 | 3 | 2 | 51 |



| Amscála | 2018 | 2018-2019 | 2018-2020 | 2018-2021 | 2018-2022 | 2019 | 2019-2020 | 2019-2021 | 2019-2022 | 2020 | 2021 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réimse Gnímh 1: Oideachas** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 1 | 5 | 2 | - | 2 | - | - | - | - | - | - | 10 |
| Idir Lámha | 1 | 3 | - | 1 | 28 | - | 1 | 1 | 1 | 2 | - | 38 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Réimse Gnímh 2: An Ghaeltacht** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 1 | - | - | - | - | - | 1 | - | - | - | - | 2 |
| Idir Lámha | - | 1 | 1 | - | 18 | 1 | - | - | 4 | - | - | 25 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 0 |
| **Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 1 | - | - | - | 1 | - | - | - | - | - | - | 2 |
| Idir Lámha | - | 1 | - | - | 8 | - | 1 | - | 1 | - | - | 11 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | 1 | - | - | - | - | - | 1 |
| **Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Idir Lámha | - | - | - | 1 | 9 | 1 | - | - | 3 | - | - | 14 |
| Moill Leis | 1 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1 |
| **Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 8 | 1 | - | - | - | 1 | - | - | - | - | - | 10 |
| Idir Lámha | 1 | - | 1 | 2 | 32 | - | - | - | - | - | - | 36 |
| Moill Leis | 1 | - | 1 | - | - | 2 | - | - | - | - | - | 4 |
| **Réimse Gnímh 6: Foclóirí** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | - | 1 | - | - | - | - | - | - | - | 1 | - | 2 |
| Idir Lámha | - | - | - | 2 | 3 | - | - | - | - | - | - | 5 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Réimse Gnímh 7: Reachtaíocht agus Stádas** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 1 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1 |
| Idir Lámha | - | - | - | 1 | 2 | - | - | - | - | - | 1 | 4 |
| Moill Leis | - | 1 | - | - | 1 | - | - | - | - | - | - | 2 |
| **Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | - | 1 | - | - | - | 1 | - | - | - | - | - | 2 |
| Idir Lámha | - | - | 1 | 1 | 10 | - | - | - | 1 | - | - | 13 |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Réimse Gnímh 9: Tionscnaimh Leathana** | | | | | | | | | | | | |
| Déanta | 1 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 1 |
| Idir Lámha | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Moill Leis | - | - | - | - | - | 1 | - | - | - | - | - | 1 |
| **Iomlán** | 17 | 14 | 6 | 8 | 114 | 8 | 3 | 1 | 10 | 3 | 1 | 185 |



# 1 Réimse Gnímh

## Oideachas

# Réimse Gnímh 1: Oideachas

## Réamhrá

Sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2019 – Cumasú: Cumasú trí fhoghlaim – athdheimhníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna an tiomantas atá aici do chur leis an gcaidreamh atá aici leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chun na gnéithe oideachais den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 a chur chun cinn. Tá ról lárnach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i ngnóthú na gcuspóirí seo a leanas atá leagtha amach sa Straitéis:

**Cuspóir 4**: Tabharfar tacaíocht ar leith don Ghaeltacht mar cheantar labhartha Gaeilge.

**Cuspóir 5**: Déanfar an Ghaeilge a theagasc mar ábhar riachtanach ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hArdteistiméireachta. Cuirfidh an curaclam ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn, chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh ar fhiúntas na teanga dúinn mar phobal. Chun na críche seo, déanfar infheistíocht fheabhsaithe i bhforbairt phroifisiúnta agus i dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí agus i soláthar téacsleabhar agus acmhainní. Cuirfear tacaíocht ar fáil chomh maith do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama.

**Cuspóir 6**: Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltaí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá.

**Cuspóir 7**: Leanfar leis an tacaíocht a thugtar don réamhscolaíocht Ghaeilge agus déanfar breis forbartha ar an gcóras oideachais tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge.

Le linn na chéad bhliana de chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta 2018-2022 don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna timpeallacht a thionscnamh, a chruthú, a éascú agus a chur chun cinn inar féidir tabhairt faoin athrú suntasach a chumasóidh feabhas a chur ar eispéiris agus torthaí foghlama gach leanbh, go háirithe maidir lena dteagmháil agus a dtaithí ar an nGaeilge. Tá forbhreathnú ar an dul chun cinn a rinneadh curtha i láthair thíos. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil i dTábla na nGníomhaíochtaí.

## Oideachas sa Ghaeltacht

Ó foilsíodh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 sa bhliain 2016, tá obair shuntasach déanta ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna ar raon leathan gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun oideachas ar ard-cháilíocht trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta a chur chun cinn.

- I rith na tréimhse ó Iúil 2018 go Meitheamh 2019 bhí 105 bunscoil (80%) agus 29 iar-bhunscoil (100%) páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

- Tá an tionscadal píolótach ríomh-mhoil atá á chur i bhfeidhm in dhá iar-bhunscoil Ghaeltachta rathúil. Is é cuspóir an tionscadail seo ná soláthar ar líne a úsáid chun cur leis an raon ábhar atá ar fáil trí mheán na Gaeilge do scoláirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta ag tosú le Fisic Ardleibhéal na hArdteistiméireachta.

- Roghnaíodh dhá iar-bhunscoil Ghaeltachta, bunaithe ar chritéir shonraithe, chun páirt a ghlacadh sa chlár forbartha teanga, *Forás*. Tá múinteoir breise ar choibhéis lánaimseartha á chur ar fáil don dá iar-bhunscoil seo chun cuidiú le scoláirí na sraithe sóisearaí ar léir gur gá dóibh a scileanna teanga Gaeilge a fheabhsú san idirthréimhse le cur ar a gcumas a bheith gafa go tairbheach le curaclam na scoile trí mheán na Gaeilge.

- Bhronn an Roinn Oideachais agus Scileanna conarthaí do dhá chlár nua oideachais tosaigh múinteoirí a chuirfidh suas le 60 áit nua ar fáil go bliantúil don oideachas múinteoirí trí mheán na Gaeilge. I mí Mheán Fómhair 2018, chuir Coláiste Mhuire gan Smál tús le clár Máistreachta (M.Oid) foghlaim-chumaisc páirtaimseartha san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí agus do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile. I rith na tréimhse 2018/2019 rinneadh an t-ullmhúchán chun tús a chur le Baitsiléir Oideachais (B.Oid.) 4-bliana trí mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Mharino ag tosú i mí Mheán Fómhair 2019.

## Páirt-Tumadh

I mí an Mheithimh 2019, sheol an tAire Oideachais agus Scileanna an treoirthionscadal um Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) don Ghaeilge, Corpoideachas san áireamh. Sa treoirthionscadal sin, tugtar le chéile saineolaithe agus cleachtóirí ó gach cuid de chontanam an tsoláthair oideachais i suíomhanna Chúram agus Oideachas na Luath-Óige trí mheán an Bhéarla suas go leibhéal na hiar-bhunscoile. Tá an treoirthionscadal ina léiriú ar an tiomantas atá ag an Roinn d'iniúchadh a dhéanamh ar an lánacmhainneacht a bhaineann le cur chuige FCÁT a ghlacadh i leith shealbhú na Gaeilge i measc foghlaimeoirí agus aithnítear ann an tábhacht a bhaineann le hullmhacht cleachtóirí agus múinteoirí.

- Cuireadh grúpa stiúrtha ar bun don tionscadal. Cuimsíonn sé ionadaithe ar gheallsealbhóirí ar fud réimse an oideachais, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí agus d'institiúidí ardoideachais.

- Cuireadh leis an tréimhse ama don treoirthionscadal ó dhá bhliain go trí bliana ionas go bhféadfaí sonraí níos láidre a chomhthiomsú chun bonn eolais a chur faoin mbeartas amach anseo i leith FCÁT.

- Sa chéad bhliain den treoirthionscadal, féachfar le forbairt a dhéanamh ar chláir chuimsitheacha agus acmhainní cuimsitheacha forbartha gairmiúla leanúnaí atá dírithe ar FCÁT. Forbrófar na cláir agus na hacmhainní sin bunaithe ar an ionchur ó shaineolaithe i réimse an tsealbhaithe dara teanga agus na hoideolaíochta.

## Curaclam

Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha chun cinn i réimse an tsoláthair churaclaim Ghaeilge:

- Chuaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i mbun comhairliúchán fairsing ar Churaclam nua Teanga na Bunscoile.

- Tá forbairt na bpleananna le haghaidh clár cuimsitheach forbartha gairmiúla leanúnaí á sholáthar do mhúinteoirí chun tacú le Curaclam Teanga na Bunscoile a chur i bhfeidhm beagnach críochnaithe agus leantar le clár den chineál sórt sin a sholáthar i gcás Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí.

- Ag gníomhú di de bhun na n-athruithe a tugadh isteach don Ghaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí, thionóil an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta grúpa forbartha ábhair a bhfuil de dhualgas air sonraíochtaí nua don Ghaeilge san Ardteistiméireacht bhunaithe a fhorbairt.

## Measúnacht

Leagtar amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile (CTB) agus sna sonraíochtaí do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí na torthaí foghlama atá le baint amach ag daltaí agus ag scoláirí. Sna sonraíochtaí nua don Ghaeilge san Ardteistiméireacht bhunaithe, glacfar cur chuige comhchosúil i leith na sonraíochtaí maidir le foghlaim scoláirí.

- Ag leibhéal na bunscoile, leanann na daltaí uile i ranganna 2, 4 agus 6 i suíomhanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagaisc de thrialacha caighdeánaithe a dhéanamh gach bliain i léitheoireacht na Gaeilge.

- D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta treoirlínte measúnachta chun tacú le cur chun feidhme na sonraíochtaí nua do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí.

- Agus aird á tabhairt aige ar na tátail i roinnt tuarascálacha taighde, choigeartaigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit seicheamhú na ngnéithe measúnachta den Scrúdú Cainte Comónta san Ardteistiméireacht do na scrúduithe sa bhliain 2020 agus ina diaidh chun tuilleadh scóipe a thabhairt d'iarrthóirí a gcumas labhartha sa Ghaeilge a léiriú.

## Oiliúint Múinteoirí

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht reachtúil a bhfuil de dhualgas air caighdeáin a shocrú do ghairm na múinteoireachta agus cláir Oideachas Tosaigh Múinteoirí a chreidiúnú. Trí sheirbhísí tacaíochta múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna, déantar foghlaim ghairmiúil múinteoirí a dhoimhniú agus a fheabhsú tuilleadh thar a dtréimhse sa ghairm chun freastal ar na riachtanais foghlama athraitheacha atá ag leanaí agus daoine óga agus de réir mar a dhéantar curaclaim a athbhreithniú agus a thabhairt isteach.

- Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta i mbun athbhreithnithe ar na cláir athchoincheapaithe, Oideachas Tosaigh Múinteoirí.

- Tá breithniú á dhéanamh ar chomhairle maidir leis an scéim 'Iarratasóirí Gaeltachta' agus tabharfar aird ar an mBaitsiléir Oideachais nua trí mheán na Gaeilge atá le tosú i bhfómhar na bliana 2019.

- Leanann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí le tacaíocht a thabhairt nuair a bhíonn curaclaim nua á dtabhairt isteach. Tá an feabhas ar eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí ina chuid lárnach de na cláir forbartha gairmiúla uile atá forbartha do mhúinteoirí atá ag gabháil do theagasc na Gaeilge.

## Acmhainní a Fhorbairt agus a Sholáthar

Is í an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) a phleanálann agus a chomheagraíonn an soláthar téacsleabhar agus acmhainní chun tacú le foghlaim agus teagasc trí mheán na Gaeilge. Treisíodh an ról atá ag COGG maidir le teagasc na Gaeilge i gcoitinne.

- Leanann an COGG le feabhas a chur ar an rochtain atá ag múinteoirí ar raon acmhainní cuí chun tacú le teagasc na Gaeilge agus le teagasc ábhar curaclaim trí mheán na Gaeilge ag leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile.

- Chomh maith leis sin, tá COGG ag treisiú a ról maidir le rochtain a thabhairt ar acmhainní cuí a bhfuil mar aidhm leo tacú le teagasc na Gaeilge i mbunscoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc. Ullmhaíodh doiciméid soláthair do chlár teanga a bhfuil mar aidhm leis tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla.

## An Soláthar Scoile agus an Soláthar Múinteoirí don Ghaeloideachas

Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha chun cinn chun an rochtain ar an nGaeloideachas agus an Soláthar Múinteoirí do Ghaelscoileanna a mhéadú.

- Foilsíodh an tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) sa bhliain 2018.

- Forbraíodh córas nua próiseála pátrúnachta ar líne, lena gcuirtear faisnéis oibiachtúil ar fáil agus lena gcumasaítear tuismitheoirí a sainrogha phearsanta a chur in iúl i dtaca leis an tsamhail pátrúnachta agus le teanga an teagaisc sna scoileanna nua atá á mbunú.

## Úsáid na Gaeilge lasmuigh den Scoil

Ag gníomhú thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leanann Cigireacht na Roinne Oideachais le meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i gcoláistí samhraidh Gaeilge éagsúla. Déanann cigirí faireachán ar cháilíocht an tsoláthair i gCampaí Samhraidh do leanaí i mbunscoileanna DEIS freisin. Leathnaíodh an clár Campaí Samhraidh le haghaidh 2020 le go gcuirfí san áireamh gach bunscoil DEIS agus roghnaigh 30 scoil a gcampaí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge..

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | 2 | 1 | 1 | |
| 2018-2019 | 8 | 5 | 3 | |
| 2018-2020 | 2 | 2 | | |
| 2018-2021 | 1 | | 1 | |
| 2018-2022 | 30 | 2 | 28 | |
| 2019-2020 | 1 | | 1 | |
| 2019-2021 | 1 | | 1 | |
| 2019-2022 | 1 | | 1 | |
| 2020 | 2 | | 2 | |
| IOMLÁN | 48 | 10 | 38 | 0 |

# Réimse Gnímh 1: Oideachas

## Oideachas sa Ghaeltacht

| | |
|---|---|
| Uimhir 1.1 | **Déanfar maoirseacht ar fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ionas go soláthróidh gach scoil atá rannpháirteach oideachas ar ardchaighdeán trí Ghaeilge dá bhfoghlaimeoirí. Beidh na príomhréimsí seo san áireamh:**<br>• **an deis a thairiscint do gach scoil i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta a bheith rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta**<br>• **nascachtaí idir scoileanna agus Coistí Pleanála Teanga a chothú tríd an Scéim Aitheantais**<br>• **nascachtaí idir scoileanna agus naíonraí i limistéir Ghaeltachta a chothú mar chuid den Scéim Aitheantais**<br>• **cuairteanna comhairleacha agus tacaíochta ón gCigireacht a chur ar fáil, chomh maith le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) bhreise trí COGG i bpáirtíocht le seirbhísí eile tacaíochta chun tacú leis an tumoideachas i scoileanna sa Scéim**<br>• **tacaíochtaí breise múinteoireachta agus eile a sholáthar, de réir mar a cheadaítear le hacmhainní, chun tacú le feidhmiú an oideachais trí Ghaeilge i scoileanna sa Scéim**<br>• **monatóireacht, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtacht an tsoláthair i scoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Go luath in 2020, d'fhoilsigh an AOG ciorcláin bhreise chun treoir a thabhairt maidir le hoibriú na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus chun scoileanna a chur ar an eolas faoi hacmhainní breise a bheith á gcur ar fáil ach páirt a ghlacadh sa Scéim. Foilsíodh ciorcláin dhírithe ar leithligh in 2019 agus 2020 do scoileanna nach raibh ag glacadh páirt sa Scéim chun iad a spreagadh le glacadh leis an rogha a bheith páirteach sa Scéim.<br><br>Ní raibh aon athrú ar na rátaí rannpháirtíochta i measc scoileanna Gaeltachta sa scéim sa tréimhse tuairiscithe, is é sin ghlac 105 bunscoil (80%) agus 29 iar-bhunscoil (100%) páirt sa Scéim. I gcás scoileanna nach raibh ag glacadh páirt sa scéim, tugadh deis eile dóibh in 2019 agus 2020 suim a léiriú inti. |

| | |
|---|---|
| | Ar bhonn rannpháirtíochta leanúnaí dírithe sa Scéim, lena n-áirítear próisis pleanála gníomhaíochta leis an tumoideachas a fheabhsú, cuireadh pacáiste tacaíochtaí breise múinteoireachta agus eile ar fáil do scoileanna atá ag glacadh páirt sa scéim ó 2018. Ina measc seo bhí uaireanta breise teagaisc Gaeilge, deontas bliantúil €1,200 do gach scoil chun acmhainní múinteoireachta trí mheán na Gaeilge a cheannach, forbairt ghairmiúil leanúnach arna cur ar fáil ag COGG agus tacaíocht bhreise ón gCigireacht i bhfoirm cuairteanna comhairleacha.<br><br>Tá 8 n-iar-bhunscoil sa Ghaeltacht ag glacadh páirt sa tionscadal píolótach ríomh-Mhol maoinithe ag an Roinn Oideachais ionas go bhféadfaidh scoláirí rochtain a fháil ar an bhFisic Ardleibhéil don Ardteistiméireacht trí mheán na Gaeilge ar líne. Tá triúr ríomh-mhúinteoirí bunaithe in 2 scoil ríomh-Mhol atá ag cur an chúrsa ar fáil do 22 scoláirí in 8 n-iar-bhunscoil (3 scoil oileánda san áireamh) faoi mhaoirseacht triúr meantóirí. Chríochnaigh beirt scoláire ón gcéad sciar de scoláirí rannpháirteacha an Ardteistiméireacht in 2020.<br><br>In 2020, foilsíodh leaganacha nuashonraithe de dhréacht-Treoracha maidir le Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht. Ba é an tAonad um Oideachas Gaeltachta a d'fhorbair na dréacht-Treoracha i gcomhar le COGG in 2018.<br><br>Chuir an Foras Taighde ar Oideachas, i gcomhar leis an gCigireacht, tús le Staidéar Taighde agus Meastóireachta trí bliana ar thionchar na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Rinneadh 19 gcás-staidéar ar shampla ionadaíoch de bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ag glacadh páirt sa Scéim. Seoladh tuarascálacha faoi na cás-staidéir chuig na scoileanna rannpháirteacha agus tá an deis faighte ag gach scoil machnamh a dhéanamh ar a cleachtas féin agus cur leis an tuarascáil. In 2021, foilseofar Tuairisc Chumaisc Eatramhach ar thorthaí tosaigh an staidéir. Ní fhoilseofar cás-staidéir ar scoileanna aonair.<br><br>**An Rannóg um Oideachas Múinteoirí**<br>Cuireadh treoir ar fáil ar bhonn leanúnach do scoileanna maidir leis an tumoideachas agus próisis pleanála gníomhaíochtaí scoileanna. Rinne an AOG éascú ar thosach an dá chláir nua oideachais múinteoirí trí mheán na Gaeilge a chuireann suas le 60 spás maoinithe nua ar fáil ar an iomlán gach bliain chun tacú le hoideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil i scoileanna Gaeltachta. |

| | |
|---|---|
| | In 2019, chuir Institiúid Oideachais Marino tús le clár Baitsiléir Oideachais (B.Oid.) nua lán-Ghaeilge oideachais tosaigh do bhunmhúinteoirí. Lean Coláiste Mhuire gan Smál le Máistreacht dhá bhliain foghlama teagaisc a chur ar fáil faoi Oideachas Lán-Ghaeilge agus Oideachas Gaeltachta do mhúinteoirí agus príomhoidí atá ag cleachtadh. Rinneadh soláthar go dtabharfaí beirt mhúinteoirí ar iasacht don Mháistir Gairmiúil san Oideachas in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun oibriú i dtreo méadú a dhéanamh ar líon na gcéimithe ón gclár a fhéadann oideachas lán-Ghaeilge ardchaighdeáin a chur ar fáil thar réimse ábhar in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.<br><br>Tá foghlaim ghairmiúil sa tumoideachas ar fáil do na scoileanna seo ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM).<br><br>**COGG**<br>Cuireann Oifigigh Oideachais COGG forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus seimineáir ar fáil do scoileanna a ghlacann páirt sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta chun tacú le feidhmiú pleananna gníomhaíochta ar bhonn leanúnach.<br><br>Tá forbairt treoirlínte maidir le naisc a chothú idir bunscoileanna agus naíonraí i gcomhthéacsanna lán-Ghaeilge á cur i gcrích, a bhfuil taighde coimisiúnaithe ag COGG mar bhonn eolais di. |

| Uimhir 1.2 | **Déanfar athbhreithniú ar sholáthar oideachais na nAonad Lán-Ghaeilge reatha i scoileanna Gaeltachta, mar a bhforáiltear dóibh sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Rinne an Chigireacht réamhobair chun tacú le rannóga eile den Roinn tabhairt faoin athbhreithniú seo. |

| Uimhir 1.3 | **Cinnteofar go bhfuil an lucht gairme agus na gníomhaireachtaí uile a oibríonn le scoileanna Gaeltachta i gcáil tacaíochta ag déanamh teagmhála le pobal na scoile trí mheán na Gaeilge agus go dtacaíonn siad le cothabháil na Gaeilge mar theanga an phobail.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, SNSO, SFGM, SSM, CNOS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Reáchtáil **an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)** suirbhé náisiúnta chun leibhéil inniúlachta Gaeilge síceolaithe sannta do scoileanna Gaeltachta a shainaithint. Mar thoradh air seo, tá SNSO ag déanamh iarrachtaí, nuair is féidir, síceolaithe a bhfuil leibhéal ard inniúlachta Gaeilge acu a shannadh do na scoileanna seo. |

| | |
|---|---|
| | Tá leibhéal inniúlachta síceolaithe á fheabhsú i gcónaí ag SNSO trí fhreastal ar chúrsaí Ghaelchultúr agus COGG. Tá a bhunachar acmhainní do shíceolaithe á fhorbairt i gcónaí ag SNSO le húsáid i scoileanna Gaeltachta. Tá oiliúint curtha ar fáil ag SNSO, i gcomhar le COGG, do mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge ar an gCur Chuige Cothromaithe i leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile.<br><br>Tá Comhairleoir Seirbhíse Tacaíochta CNOS curtha ar fáil ag an g**Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)** ag a bhfuil an inniúlacht Ghaeilge chun tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.<br><br>D'fhonn leanúint leis an tseirbhís seo a chur ar fáil do scoileanna, tá socruithe á gcur i bhfeidhm ag an CNOS chun comhairleoir a earcú ag a mbeidh na scileanna riachtanacha chun leanúint de sheirbhís a chur ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.<br><br>Tá tacaíochtaí i nGaeilge á gcur ar fáil faoin **tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM)** do na príomhcheardlanna i ngach ceann de na réimsí ábhair, ó thaobh na Scoile Uile agus na Ceannaireachta mar a bhaineann leis an tSraith Shóisearach agus tá iarrachtaí leanúnacha ar bun comhairleoirí agus comhlaigh a bhfuil Gaeilge acu a earcú agus a fhostú. Eagraíonn an SSM cnuas-chruinnithe sonracha d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta (chomh maith le haon Ghaelcholáistí sa réigiún céanna) agus cuirtear FGL ar fáil trí mheán na Gaeilge. |

| Uimhir 1.4 | **Déanfar moltaí a fhorbairt agus a fheidhmiú le go gcuirfear roinnt tacaíochtaí idirdhealaithe ar fáil a chabhróidh le haghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha scoileanna na n-oileán.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 - 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, BOO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Mar aitheantas do na dúshláin uathúla roimh scoileanna oileánda agus dá dtábhacht do mharthanas na bpobal oileánda, lean an Roinn Oideachais de phacáiste tacaíochtaí a chur ar fáil do gach ceann de na cúig iar-bhunscoil lonnaithe ar oileáin, a bhfuil gach ceann díobh faoi phátrúnacht BOO na Gaillimhe agus Ros Comáin nó BOO Dhún na nGall.<br><br>Iarrtar ar gach BOO cur chuige comhordaithe, straitéiseach a ghlacadh i leith bhainistiú agus leithdháileadh na n-acmhainní breise seo d'iar-bhunscoileanna oileánda. |

| Uimhir 1.5 | **Leanfar leis an bplean poiblíochta agus cumarsáide a fhorbairt agus a fheidhmiú le:**<br>• **pobal na scoileanna a chur ar an eolas faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta**<br>• **na scoileanna nach bhfuil páirteach fós a mhealladh chun clárú le páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta**<br>• **na tacaíochtaí go léir atá ar fáil dóibh a léiriú dóibh ar bhonn leanúnach**<br>• **feasacht a fhorbairt i measc tuismitheoirí agus pobal i limistéir Ghaeltachta maidir leis an bhfiúntas a bhaineann leis an teanga, leis an gcultúr Gaelach agus leis an oideachas trí mheán na Gaeilge ar ardchaighdeán trí bhileoga eolais do thuismitheoirí, seimineáir agus na meáin shóisialta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, RTCEGSM, ÚnaG, FnaG, GO, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | **An Roinn Oideachais (An tAonad um Oideachas Gaeltachta)**<br>Go luath in 2020, foilsíodh trí chiorclán nua chun scoileanna Gaeltachta agus a bpobail a chur ar an eolas faoi na chéad chéimeanna eile i bhfeidhmiú na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.<br><br>In 2019 agus 2020, eisíodh ciorcláin ar leithligh go sonrach chuig scoileanna nár ghlac páirt sa Scéim fós agus inar tairgeadh rogha mhear.<br><br>**COGG**<br>Tá scaipeadh eolais maidir leis an bPolasaí agus seachadadh na seimineár/ceardlann FGL do scoileanna fós idir lámha.<br><br>**Gaeloideachas**<br>Tá maoiniú curtha ar fáil ag Foras na Gaeilge do Ghaeloideachas chun tacú leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus tá Gaeloideachas ag obair leanúnach sa réimse seo i gcomhar leis na páirtithe eile.<br><br>Tá Gaeloideachas ag cur tacaíocht ar fáil agus ag déanamh ionadaíochta/abhcóideachta ar son na Gaeilge agus scoileanna Gaeltachta trí struchtúir agus tacaíochtaí cuí a mholadh don Stát agus do pháirtithe cuí, a thacóidh leis an soláthar foriomlán trí mheán na Gaeilge.<br><br>**Gaeloideachas**<br>Le linn na tréimhse cuireadh aiseolas ó scoileanna nach bhfuil páirteach sa Scéim faoi bhráid Choiste Comhairleach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta/An tAonad Gaeltachta le tuiscint a mhéadú ar na cúiseanna nach bhfuil scoileanna páirteach agus bearta ceaptha lena rannpháirteacht a mhéadú. |

| | |
|---|---|
| | Guth na scoileanna atá páirteach sa Scéim curtha faoi bhráid Choiste Comhairleach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta/An tAonad Gaeltachta le heolas cuimsitheach ar fheidhmiú na Scéime ag leibhéal an talaimh a bheith ar fáil do na páirtithe leasmhara. |

## Páirt-Tumadh

| Uimhir 1.6 | **Cuirfear críoch leis an bpáipéar scóipe ar fheidhmiú na Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) agus déanfar plean gníomhaíochta a fhorbairt lena fheidhmiú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá páipéar scóipe curtha i gcrích agus bunaíodh grúpa stiúrtha chun feidhmiú phlean gníomhaíochta an tionscadail a chur chun cinn. |

| Uimhir 1.7 | **Déanfar píolótú ar fheidhmiú FCÁT mar mhodh chun tacú le foghlaim na Gaeilge thar na leibhéil réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 – 2021 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tionscadal trí bliana (2019–2022) é seo atá le feidhmiú i scoileanna agus i suímh Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (ECCE) a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Sa chéad bhliain den tionscadal, céim na forbartha, díríodh ar scoileanna agus suímh a earcú chun páirt a ghlacadh sa tionscadal, spriocréimsí ábhair curaclaim a shainaithint agus acmhainní a fhorbairt, lena n-áirítear:<br>• acmhainní chun tacú le múinteoirí agus cleachtóirí glacadh le cur chuige FCAT agus le 'Am Lóin' i gcás suímh ECCE. Threoraigh na seirbhísí tacaíochta (SFGM, SSM, Tús Níos Fearr) an obair seo, i gcomhar le saineolaithe tríú leibhéil, COGG agus an Chigireacht;<br>• acmhainní chun tacú le meastóireacht an tionscadail;<br>• FGL do mhúinteoirí;<br>• suíomh idirlín tiomnaithe a bhfuil stór tiomnaithe ann d'acmhainní agus eolas eile do phobail suíomh agus scoileanna faoin tionscadal píolótach FCÁT.<br><br>Ba ghá an chéim scoile den tionscadal a chur siar de dheasca shrianta COVID-19. Agus é seo á chur san áireamh, chuir an grúpa stiúrtha síneadh ama le creat ama an tionscadail go dtí 2023. |

## Curaclam

| Uimhir 1.8 | **Rachfar i gcomhairle i dtaobh dréacht-Churaclam Teanga na Bunscoile (CTB) do na ranganna láir agus sinsearacha agus déanfar foráil dá fheidhmiú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RO, CNCM, SFGM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tugadh Curaclam Teanga na Bunscoile (CTB) isteach do gach céim i ngach scoil i mí Mheán Fómhair 2019. Mar thaca don CTB, d'fhoilsigh an CNCM Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile, sraith mhór uirlisí ar líne lena n-áirítear Samplaí d'Fhoghlaim Leanaí, Ábhair Thacaíochta do mhúinteoirí agus Contanaim Dul Chun Cinn. Tacaíonn siad seo le hobair scoileanna i nGaeilge agus Béarla.<br>Féadtar teacht ar na hábhair uile a bhaineann leis an gcuraclam agus na tacaíochtaí a forbraíodh go dtí seo ar líne. |

| Uimhir 1.9 | **Tacófar le feidhmiú CTB do gach rang trí chlár cuimsitheach FGL do mhúinteoirí a sholáthar.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO, SFGM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá clár cuimsitheach FGL chun tacú le feidhmiú an CTB á chur ar fáil tríd an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus trí Sheirbhís Tacaíochta na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).<br><br>Tar éis seimineár lae iomláin a chur ar fáil do gach scoil, chuir an SFGM tús le clár tacaíochta céimnithe leanúnaí do scoileanna chun éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht scoileanna ina gcomhthéacsanna uathúla féin i Ráithe 1, 2020. Tá seimineáir bhliantúla cheannaireachta ar fáil do phríomhoidí scoileanna a thugann aghaidh ar an téama Athrú Curaclaim a Threorú don CTB. B'éigean an FGL seo a stopadh ó Mhárta go Meán Fómhair 2020 mar gheall ar COVID-19. Le linn an ama seo, lean an SFGM de thacú ó chian le scoileanna i bhfeidhmiú an CTB agus tacaíodh le 3,872 múinteoirí le linn 440 cuairt tacaíochta ar scoileanna, ríomhphoist, glaonna fóin agus seisiúin Zoom idir Aibreán agus Meitheamh 2020.<br><br>D'fhorbair an SFGM sraith seimineár gréasáin chun tacú le feidhmiú an CTB:<br>• Eisíodh Seimineár Gréasáin 1 in Eanáir 2020 agus díríodh ar thacú le múinteoirí iniúchadh a dhéanamh ar thorthaí foghlama don CTB;<br>• Eisíodh Seimineár Gréasáin 2 i mBealtaine 2020 agus rinneadh iniúchadh ar eispéiris foghlama spraíúla sa seomra ranga, úsáid na teicneolaíochta digití agus iniúchadh ar ábhair thacaíochta CTB. |

| Uimhir 1.10 | **Tacófar le daingniú na sonrúchán nua don tSraith Shóisearach Ghaeilge trí chlár cuimsitheach FGL do mhúinteoirí a sholáthar.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO, SSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil faoin tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) chun na sonraíochtaí nua do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí a leabú.<br><br>Sa chlár seo bhí FGL lárnach sa mhúnla cnuasaigh ó Shamhain go Nollaig 2019 agus ó Eanáir go Márta 2020 agus tacaíocht ar líne trí dhá sheimineár gréasáin le linn Márta go hAibreán 2020. Tairgeadh trí sheimineár gréasáin bhreise roghnacha do mhúinteoirí Gaeilge le linn na bliana mar gheall gurb é seo an chéad bhliain do scoláirí páirt a ghlacadh sa phróiseas do na Measúnachtaí Seomra Ranga-Bhunaithe 1 agus 2 agus dá múinteoirí páirt a ghlacadh sa phróiseas Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus Measúnú Ábhair (AFMÁ) don Ghaeilge. San áireamh sa tacaíocht bhreise, tá acmhainní nua ar shuíomh idirlín an SSM agus cor poist rialta ina dtugtar nuashonruithe agus freagraí ar na ceisteanna is coitianta do mhúinteoirí ar na ceisteanna reatha is tábhachtaí dóibh.<br><br>Sa tréimhse ó Mheán Fómhair go Nollaig 2020, chuir an SSM ceardlanna ar fáil do T1 Gaeilge, ar baineadh athearraíocht as mar FGL agus a taifeadadh le haghaidh rannpháirtíocht féin-treoraithe do mhúinteoirí a bhfuil T1 Gaeilge mar an dara hábhar acu. |

| Uimhir 1.11 | **Déanfar cúrsaí léinn a fhorbairt do Ghaeilge na sraithe sinsearaí mar chuid d'athbhreithniú ar an soláthar curaclaim sa tsraith shinsearach agus déanfar foráil dá seachadadh.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RO, CNCM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Trí Ghrúpa Forbartha Ábhair ionadaíoch, d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta sonraíochtaí curaclaim T1 agus T2 do Ghaeilge na hArdteistiméireachta (bunaithe). Ceadaíodh dhá dhréacht-sonraíocht i Ráithe 4, 2020 le haghaidh comhairliúcháin.<br><br>Tá réimse príomh-gheallsealbhóirí sa Ghrúpa Forbartha Ábhair agus ionadaithe ann ó cheardchumainn na múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta, COGG, ionadaithe tuismitheoirí ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-Bhunscoile), An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge agus Tuismitheoirí na Gaeltachta, mar aon le hionadaithe ón Roinn Oideachais (ROS), Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Foras na Gaeilge agus Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA). |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.12** | **Reáchtálfar comhairliúchán, ina gcuirfear san áireamh na cinntí ó thuarascáil taighde ar bhronnadh díolúintí ó staidéar na Gaeilge de chuid na Cigireachta, le polasaí sa réimse seo san am atá romhainn a threorú.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Foilsíodh ciorcláin athbhreithnithe lena bhfeidhmiú i scoileanna ó Mheán Fómhair 2019. Foilsíodh treoirlínte mionsonraithe agus acmhainní eile ar shuíomh idirlín na Roinne chun tacú le scoileanna agus tuismitheoirí. |

## Measúnú

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.13** | **Foilseofar Treoirlínte Measúnaithe don tSraith Shóisearach Gaeilge.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | CNCM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Foilsíodh Treoirlínte Measúnaithe na Sraithe Sóisearaí https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Gaeilge/Assessment-and-Reporting/?lang=ga-ie |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.14** | **Déanfar uirlisí agus nósanna imeachta cuí a fhorbairt le haghaidh measúnú ar an nGaeilge sa tsraith shinsearach de réir aon athruithe ar na cúrsaí staidéir sa tsraith shinsearach.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | CNCM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Mar atá leagtha amach i nGníomh 1.11 thuas, chuir an CNCM tús le hathbhreithniú ar an nGaeilge san Ardteistiméireacht Bhunaithe go déanach in 2018. Ceadaíodh dréacht-sonraíochtaí T1 agus T2 do Ghaeilge na hArdteistiméireachta Bunaithe le haghaidh comhairliúcháin i Ráithe 4, 2020. Beidh torthaí an chomhairliúcháin mar bhonn eolais do na chéad chéimeanna eile i dtéarmaí na hoibre forbartha.<br><br>Cuireadh scrúduithe béil Ardteistiméireachta ar ceal in 2020 mar gheall ar COVID-19. |

## Oiliúint Múinteoirí

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.15** | **Féachfar ar thionchar na gclár athshamhlaithe Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) do theagasc agus foghlaim na Gaeilge, ag cur tuarascálacha ábhartha agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara san áireamh, i gcomhthéacs athbhreithniú na Comhairle Mhúinteoireachta ar chritéir agus threoirlínte do sholáthróirí OTM.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | CM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Mar atá leagtha amach i nGníomh 1.11 thuas, chuir an CNCM tús le hathbhreithniú ar an nGaeilge san Ardteistiméireacht Bhunaithe go déanach in 2018. Ceadaíodh dréacht-sonraíochtaí T1 agus T2 do Ghaeilge na hArdteistiméireachta Bunaithe le haghaidh comhairliúcháin i Ráithe 4, 2020. Beidh torthaí an chomhairliúcháin mar bhonn eolais do na chéad chéimeanna eile i dtéarmaí na hoibre forbartha.<br><br>Cuireadh scrúduithe béil Ardteistiméireachta ar ceal in 2020 mar gheall ar COVID-19. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.16** | **Déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú ar a riachtanais chlárúcháin don Ghaeilge, agus súil ar fheidhmiú an riachtanais do mhúinteoirí Gaeilge fianaise neamhspleách a sholáthar maidir le cumas i ngach ceann de na cúig scil teanga ag íosleibhéal B2.2 ar an CTET. Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an Roinn agus cuirfidh sí comhairle ar fáil di de réir mar is gá.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | CM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Rinneadh athbhreithniú ar na riachtanais chlárúcháin don Ghaeilge mar chuid den athbhreithniú foriomlán ar na riachtanais ábhair curaclaim. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.17** | **Féachfar ar chomhairle a thiocfaidh ón gComhairle Mhúinteoireachta maidir leis an scéim 'Iarratasóirí Gaeltachta' ina gcuirtear oiread agus 10% d'áiteanna sna Coláistí Oideachais ar leataobh d'iarratasóirí ón nGaeltacht agus cuirfear aon ghnímh chuí i bhfeidhm.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá an chomhairle á breithniú agus forbairtí eile cuí curtha san áireamh, lena n-áirítear gur tugadh isteach Baitsiléir Oideachais nua lán-Ghaeilge ó Mheán Fómhair 2019 in Institiúid Oideachais Marino faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. |

| Uimhir 1.18 | **Leanfar le rochtain ar FGL a sholáthar do mhúinteoirí chun tacú le feidhmiú Churaclam Teanga na Bunscoile agus leis na Sonraíochtaí Nua Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO, SFGM, SSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá an taca seo á chur ar fáil ar bhonn leanúnach ag an SFGM agus an SSM (féach gníomhaíochtaí 1.9 agus 1.10 thuas). |

| Uimhir 1.19 | **Tacófar le múinteoirí Gaeilge i ngach timpeallacht breis forbartha a dhéanamh ar a scileanna ar na bealaí seo:**<br>• **eiseamláirí foghlama a fhorbairt, lena n-áirítear físeáin dea-chleachtais teagaisc agus foghlama**<br>• **samhlacha FGL a fhorbairt le fócas ar mhodheolaíochtaí chun cur chuige cumarsáideacha a fheabhsú agus le fócas ar thacaíocht ar an aistriú praiticiúil scileanna ag baint úsáid as Curaclam Teanga na Bunscoile**<br>• **tacaíochtaí scoilbhunaithe a sholáthar a chruthaíonn deiseanna do shampla-aithris agus breathnóireacht.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO, COGG, SFGM, SSM, LCS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | **An Roinn Oideachais (An Rannóg um Oideachas Múinteoirí)**<br>Tá na cineálacha seo cur chuige á gcur ar fáil ar bhonn leanúnach trí na seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí (féach gníomhaíochtaí 1.9 agus 1.10 thuas).<br><br>**COGG**<br>Cuirtear na tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí trí cheardlanna agus áiseanna a chur ar fáil.<br><br>**SSM agus SFGM**<br>Cuirtear an múnlú modheolaíochtaí ar fáil trí cheardlanna leanúnacha FGL. Dearadh múnlú acmhainní agus modheolaíochtaí roinnte chun cur chuigí cumarsáideacha i gcomhthéacsanna cumaiscthe agus cianfhoghlama a fheabhsú.<br><br>I bhfianaise sriantaí COVID-19, chuir an SSM agus an SFGM deiseanna foghlama gairmiúla ar líne ar fáil do mhúinteoirí agus ceannairí scoileanna. Folaítear leis seo soláthar seimineár gréasáin agus forbairt Conair Foghlama ar Scoilnet. |

| Uimhir 1.20 | **Tacófar le scoileanna ó thaobh úsáid an FMS chun feabhas a chur chun cinn i bhfoghlaim na Gaeilge ag leibhéal an tseomra ranga agus na scoile uile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil do scoileanna ó thaobh an próiseas Féinmheastóireacht Scoile (FMS) a úsaid chun feabhsú scoile a chur chun cinn. I bhfianaise na ndúshlán roimh scoileanna agus a bpobail le linn na tréimhse inar dúnadh scoileanna mar gheall ar COVID-19, cuireadh síneadh ama leis an dara céim den FMS go dtí Meitheamh 2021.<br><br>Táthar ag súil leis ó scoileanna sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta go n-úsáidfidh siad an próiseas féinmheastóireacht scoile chun forbairt spriocanna pleanála gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí chun tumoideachas a láidriú agus úsáid na Gaeilge a leathnú. |

## Forbairt agus Soláthar Acmhainní

| Uimhir 1.21 | **Déanfar forbairt bhreise ar ábhair Séideán Sí, le húsáid i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge, trí leabhair a dhigitiú agus leanúint le forbairt ar acmhainní idirghníomhacha, aipeanna san áireamh, le haghaidh gach ranga.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | COGG, FnaG, CNCM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Seoladh suíomh idirlín nua do Séideán Sí agus leanadh le hobair ar aip nua.<br><br>Seoladh suíomh nua Shéideán Sí agus rochtain níos éasca tríd ar na háiseanna digiteacha. Trí leabhar saothar bhreise a ghabhann le húrscéalta Rang 3-Rang 6 curtha ar fáil ar líne. Trí shaothar nua foilsithe i bhfoirm chlóite. 85% d'obair forbartha na haipe curtha i gcrích agus tástáil déanta ar leagan béite di i gcás ranganna na Naíonán. An eagarthóireacht ar siúl ar bhonn leanúnach ar na saothair choimisiúnaithe. |

| Uimhir 1.22 | **Déanfar sraith nua téacsleabhar a chur ar fáil don Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge: naíonáin go dtí rang a sé.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Foilsíodh sraith téacsleabhar. |

| Uimhir 1.23 | **Tacófar le forbairt a dhéanamh ar Chlár Luathlitearthachta do scoileanna Gaeltachta agus do scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | COGG, CONM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Leanadh le hobair sa réimse seo.<br><br>CONM<br>Tá an 30 leabhar i mBanda 4 déanta agus ar fáil do scoileanna. Cuireadh ábhar tacaíochta, cluichí agus póstaeir i gcrích chomh maith i gcomhar le CCEA. Cuireadh tús le sraith de chluichí idirghníomhacha a bheidh faoi réir i 2021.<br>Tá tús curtha leis an obair ar Bhanda 5.<br>Mhaoinigh COGG agus Foras na Gaeilge athchló ar Bhanda 2 mar gheall ar éileamh ó na scoileanna. |

| Uimhir 1.24 | **Déanfar clár teanga a fhorbairt chun tacú le teagasc na Gaeilge sa Churaclam Teanga Bunscoile (CTB) i scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RO, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Le linn na tréimhse tuairisce seo, bhí soláthar clár nua agus nuálach chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna i meán an Bhéarla ar aon dul le Curaclam Teanga na Bunscoile ar siúl. |

| Uimhir 1.25 | **Déanfar téacsleabhair i nGaeilge a chur ar fáil chun tacú le feidhmiú na n-ábhar nua de réir mar a thugtar isteach iad ag an tSraith Shóisearach: Stair, Tíreolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic agus Ceol.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuireadh téacsleabhair ar fáil chun tacú le feidhmiú na sonraíochtaí nua do Stair, Tíreolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic agus Ceol na Sraithe Sóisearaí. |

| Uimhir 1.26 | **Leanfar le forbairt ar acmhainní chun tacú le feidhmiú an tsonrúcháin T1 don Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna iar-bhunscoile a fheidhmíonn trí Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Foilsíodh acmhainní chun tacú le feidhmiú na sonraíochta Sraithe Sóisearaí Gaeilge T1 i mbliain a haon agus téacsleabhar don dara/tríú bliain. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.27** | **Forbrófar Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta ar an Tumoideachas: Táscairí Dea-chleachtais.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | I mí an Mheithimh 2020, foilsíodh leagan nuashonraithe den Treoir, bunaithe ar aiseolas ó na páirtithe cuí. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.28** | **Forbrófar Treoir d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta ar an Tumoideachas: Táscairí Dea-chleachtais.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RO, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | I mí an Mheithimh 2020, foilsíodh leagan nuashonraithe den Treoir, bunaithe ar aiseolas ó na páirtithe cuí. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.29** | **Leanfar le forbairt ar an suíomh idirlín www.cogg.ie mar thairseach d'acmhainní foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an oideachas Gaeltachta agus leis an oideachas trí Ghaeilge.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cruthaíodh tairseach tiomnaithe chun rochtain a chur ar fáil ar acmhainní a thacaíonn le foghlaim agus teagasc i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tá acmhainní teagaisc agus foghlama á gcur ar fáil ag múinteoirí don tairseach. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 1.30** | **Déanfar tacaíochtaí agus ábhair a sholáthar chun cur ar chumas scoileanna úsáid a bhaint as féinmheastóireacht scoile mar mhodh chun cur chun cinn a dhéanamh ar fheabhsú gnóthachtála Gaeilge na ndaltaí.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Bunchloch é Curaclam Teanga na Bunscoile a tugadh isteach le haghaidh gach céim in 2019 is ea chur chun cinn feabhsuithe i ngnóthachtáil daltaí sa Ghaeilge. Leanadh le forbairt agus nuashonrú acmhainní ar an suíomh idirlín féinmheastóireachta scoile ([www.schoolself-evaluation.ie/](www.schoolself-evaluation.ie/)). |

| Uimhir 1.31 | **Leanfar le tacaíocht a thabhairt don scéim Gaelbhratach, a bhfuil sé mar aidhm aici dea-chleachtas a roinnt mar a bhaineann le cur chun cinn labhairt na Gaeilge agus deiseanna forbartha ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, GL, CnaG, GnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Lean an Roinn Oideachais le tacaíocht a chur ar fail faoin scéim Gaelbhratach ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon.<br><br>Tá fás ag teacht ar líon na scoileanna atá páirteach i gcónaí agus glacadh le níos mó scoileanna úra ná riamh in 2019 agus 2020. Glacadh le 50 scoil nua anuraidh (2020)<br><br>Cuireadh tacaíocht ar fáil do na scoileanna ar líne go príomha agus rinneadh cuairteanna tacaíochta go pearsanta nuair a bhí sé sin ceadaithe. Tá forbairt mhór déanta ar fheiceálacht an bhranda ar líne, áit a mbíonn áiseanna, eolas agus acmhainní á roinnt go rialta. Tá beagnach 3,500 duine ag leanúint cuntas Instagram na scéime. Cuireadh tús le cuntas Youtube in 2020. Tá breis is 200 síntiúsóir ag an gcuntas. Tá os cionn 1k amharc ag cuid de na fiseáin atá ina n-áiseanna do mhúinteoirí agus tuismitheoirí araon.<br><br>Cuireadh ceardlanna ar siúl ar líne tríd Ionaid Oideachais éagsúla chomh maith le ceardlanna pearsanta le scoileanna áirithe. Bhí 275 cláraithe don cheardlann is déanaí, 'Gaeilge SOS (Saor ó Strus)'. Cuireadh smaointe ar fáil do Sheachtain na Gaeilge agus gíomhaíochtaí/cluichí atá sábháilte le linn na pandéime COVID-19. Cuireadh áis ar fáil dárbh ainm 'Gaeilge sa Bhaile' agus bhí an-tóir air seo, agus neart aiseolas dearfach ina leith.<br><br>Forbraíodh suíomh gréasáin nua a fheidhmeoidh mar spás idirghníomhach do mhúinteoirí chun samplaí agus smaointe a roinnt, aiseolas a fháil agus tacaíocht a lorg. Tá scoileanna in ann an suíomh www.gaelbhratach.ie a usáid chun na critéir féinmheasúnaithe a chur i gcrích agus laghdóigh sé seo an méid páipéarachais a bhaineann leis an scéim. Tá léarscáil idirghníomhach ann a léiríonn an áit ina bhfuil na scoileanna atá páirteach agus cabhróidh sé seo le scoileanna a chur i dteagmháil lena chéile. Tá sé mar aidhm ag an scéim córas meantóirí a bhunú ina mbeidh scoileanna le taithí ag tacú le scoileanna a bheadh ag tosú amach.<br><br>Tá comhoibriú leanúnach idir Gael Linn agus Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael chun go mbeadh a gcuid líonraí d'ionadaithe áitiúla timpeall na tíre ar fáil le cuairt a thabhairt ar scoileanna. |

| | |
|---|---|
| | *Tá comh-mhaoiniú á dhéanamh ag Foras na Gaeilge agus RO le cur ar chumas Gael Linn Gaelbhratach a eagrú agus a riaradh ag leibhéal na bunscoile agus leibhéal na hiar-bhunscoile ar aon. Ceathrar atá ar an bhfoireann: Bainisteoir, Oifigeach Tionscadail Bunleibhéail, Oifigeach Tionscadail Iar-bhunleibhéil (Leas-bhainisteoir) agus Oifigeach Eagrúcháin. |

## Soláthar Scoile & Soláthar Múinteoirí don Oideachas trí Ghaeilge

| Uimhir 1.32 | **Rachfar i gcomhairle leis an gCoimisinéir Teanga i dtaca le féachaint ar an gcaoi is fearr le foráil a dhéanamh, i bpolasaithe rollaithe i scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge, do leanaí arb í an Ghaeilge teanga cheannasach an teaghlaigh.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Sáraíodh an gníomh seo leis an Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018. |

| Uimhir 1.33 | **Cruthófar deiseanna do leathnú ar an oideachas trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht i gcomhthéacs na 42 scoil nua a bhunófar, agus bunú Gaelscoileanna, Gaelcholáistí agus Aonaid Lán-Ghaeilge mar chuid den phróiseas pátrúnachta nua san áireamh. Leanfar leis an gcomhoibriú le páirtithe leasmhara maidir le polasaí ina leith seo a fhorbairt ag an iar-bhunleibhéal.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá Córas Próiseála Pátrúnachta ar Líne (CPPAL) forbartha ag an Roinn oideachais ina dtugtar eolas oibiachtúil agus a ligeann do thuismitheoirí a roghanna a chur in iúl maidir leis an tsamhail pátrúnachta agus teanga an teagaisc (ach amháin i gcás bunscoileanna atá ainmnithe roimh ré mar scoileanna lán-Ghaeilge) i ndáil leis na scoileanna nua atá á mbunú. Lárnach sa phróiseas cinnteoireachta do phátrúnacht agus teanga na scoileanna tá roghanna tuismitheoirí, chomh maith le comaoineacha eile amhail méid éagsúlachta an tsoláthair i gceantar (lena n-áirítear soláthar lán-Ghaeilge). Tá 47 scoil nua á mbunú idir 2019 agus 2022. Ba Ghaelscoileanna iad trí cinn de bhunscoileanna a bunaíodh in 2019.<br><br>Ainmníodh mar Ghaelscoileanna ceithre cinn de bhunscoileanna a bhí le bunú in 2020 agus 2021 roimh an bpróiseas pátrúnachta, mar chuid de chreat oibre chun rochtain ar oideachas lán-Ghaeilge a mhéadú mar chuid den phróiseas pátrúnachta. |

| Uimhir 1.34 | **Déanfar measúnú ar an éileamh ar sholáthar méadaithe do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge mar chuid den Phróiseas um Athchumrú Scoileanna d'Ilchineálacht lena náireofar suirbhéanna ar thuismitheoirí leanaí réamhscoile maidir leis an soláthar bunleibhéil ina gceantar le féachaint ar sholáthar níos ilchineálaí a chur ar fáil de réir roghanna na dteaghlach agus na bpobal sna scoileanna.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuireadh i gcrích Céim 1 den chéim aitheantais in 16 de cheantair thosaigh. San áireamh sa suirbhé do gach ceantar bhí an sciar tuismitheoirí leanaí réamhscoile a roghnódh scoil il-shainchreidmheach/neamh-shainchreidmheach dá leanbh.<br><br>Tá an Roinn Oideachais (ag leibhéal oifigiúil) i dteagmháil le hionadaithe Comhdháil Easpagach na hÉireann (Easpaig Chaitliceacha) d'fhonn cur chuige aontaithe a fhorbairt i leith na chéad Chéime eile den phróiseas. Faoi fhoráil na "dTionscnóirí Nua" den Phróiseas Athchumraithe Scoileanna, cuirtear ar chumas pobal scoileanna a bhfuil cinneadh déanta acu cheana féin pátrúnacht (neamhspleách ar an bpróiseas suirbhé atá beartaithe mar chuid den Phróiseas Athchumhraithe) a aistriú, teagmháil a dhéanamh lena bpátrún scoile i leith an ábhair. Tá roinnt athruithe pátrúnachta déanta le blianta beaga anuas, lena n-áirítear scoil lán-Ghaeilge shainchreidmheach atá anois ina Scoil Phobail Náisiúnta lán-Ghaeilge il-shainchreidmheach. |

| Uimhir 1.35 | **Déanfar féachaint ar an bhféidearthacht do sheomraí ranga fíorúla chun go ligfí síneadh a chur leis an soláthar ábhar trí Ghaeilge sa tsraith shinsearach i scoileanna Gaeltachta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Lean tionscadal píolótach ríomh-Mhol 3 bliana de leas a bhaint as seachadadh ar líne chun cur le réimse na roghanna ábhair i nGaeilge do scoláirí in iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht, ag tosú le Fisic na hArdteistiméireachta. Le linn na tréimhse tuairiscithe, chuir múinteoirí bunaithe sa 2 scoil mhoil an cúrsa ar fáil ó chian do scoláirí in 5 iar-bhunscoil eile Ghaeltachta. Leanadh leis i Meán Fómhair 2020 agus cuireadh scoileanna nua agus ríomh-mhúinteoir breise san áireamh.<br><br>Cuireadh acmhainní breise, lena n-áirítear maoiniú chun trealamh TFC a cheannach agus leithdháileadh uaireanta breise teagaisc, ar fáil do scoileanna rannpháirteacha chun tacú le feidhmiú an tionscadail. |

| | |
|---|---|
| | Chuir an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO), Tuaisceart Éireann tús le meastóireacht ar an tionscadal píolótach ríomh-mhoil i mBealtaine 2020. |

## Úsáid na Gaeilge Lasmuigh den Scoil

| **Uimhir 1.36** | **Forbrófar cumas na gColáistí Gaeilge uile chun eispéireas ardchaighdeáin foghlama Gaeilge a chur ar fáil dá scoláirí uile agus leagfar béim faoi leith ar chúnamh a thabhairt do na coláistí féin agus do na teaghlaigh a chuireann cóiríocht ar fáil do na foghlaimeoirí teanga.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | An Roinn Oideachais<br>Leanadh in 2019 leis an gclár bliantúil meastóireachta ar chaighdeán an tsoláthair oideachais i gColáistí Samhraidh Gaeilge agus tugadh 20 cuairt cigireachta. Cuireadh gach cúrsa ar ceal in 2020 mar gheall ar COVID-19. |

| **Uimhir 1.37** | **Leanfar le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí ó bhunscoileanna DEIS agus cur ar a gcumas freastal ar Champaí Samhraidh.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Ceadaíodh 29 Campa Samhraidh san iomlán le haghaidh 2019. Go traidisiúnta, bhí an clár seo teoranta do scoileanna i mbanda 1 DEIS amháin. Mar fhreagra do na scoileanna a bheith dúnta in 2020 mar gheall ar COVID-19, leathnaíodh an clár Campaí Samhraidh le haghaidh 2020 le go gcuirfí san áireamh gach bunscoil DEIS. Roghnaigh 30 scoil a gcampaí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Cuireadh clár FGL ar fáil do mhúinteoirí rannphháirteacha. Lean Cigireacht na Roinne de thacú agus meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán eispéireas agus thorthaí na leanaí i gCampaí Samhraidh. |

| **Uimhir 1.38** | **Déanfar na seirbhísí Gaeilge a sholáthraíonn BOO éagsúla a leathnú chun go mbeidh tacaíocht san áireamh do thuismitheoirí Gaeltachta ar mian leo a leanaí a thógáil le Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, BOO, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Comhoibriú ar bhonn rialta idir na BOO agus ÚnaG i nGaeltacht Thír Chonaill i dtaca le soláthar ranganna Gaeilge do thuismitheoirí agus ranganna Gaeilge dírithe ar theastas TEG a bhaint amach. |

## Oideachas Luathbhlianta

| Uimhir 1.39 | **Cinnteofar go bhfuil fáil ar FGL trí Ghaeilge, arna sholáthar agus arna thacú ag an ROS, do chleachtóirí luathbhlianta atá ag obair i dtimpeallachtaí Gaeltachta agus i dtimpeallachtaí ina bhfeidhmítear trí Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cinntítear rochtain do chleachtóirí i suímh lán-Ghaeilge ar ábhair FGL chun tacú le feidhmiú Aistear agus Síolta trí Ghaeilge. |

| Uimhir 1.40 | **Cinnteofar gur trí Ghaeilge a reáchtáiltear cigireachtaí agus cuairteanna Cigireachta atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta (COL) ó chigireacht an ROS i dtimpeallachtaí ina bhfeidhmítear trí Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Reáchtáiltear cuairteanna cigireachta agus comhairleacha do shuímh lán-Ghaeilge faoin gCigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta. |

## Ardoideachas

| Uimhir 1.41 | **Leanfar le tacaíocht Fiontar & Scoil na Gaeilge in OCBÁC agus le forbairt acmhainní TFC chun tacú leis an teanga.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Ceadaíodh maoiniú in 2019 le haghaidh na dtionscadal seo a leanas: Logainm.ie; Ainm.ie; Dúchas.ie; LEX/IATE; Rialacha na nUaschúirteanna agus Gaeltech.<br><br>Cuireadh maoiniú ar fáil sa tréimhse do na tionscadail Logainm.ie; Ainm.ie; Dúchas.ie; LEX/IATE; An Líonra Saineolaithe Náisiúnta (Iúil 2019 – Meitheamh 2020).<br><br>Maoiníodh tréimhse phíolótach ó mhí Iúil 2019 go mí an Mheithimh 2020 do Líonra Saineolaithe Náisiúnta. Cruthaíodh agus tástáladh córas ar líne chun na haistritheoirí sna haonaid Ghaeilge in institiúidí an Aontais a chur i dteagmháil le saineolaithe náisiúnta i réimsí éagsúla eolais. |

| Uimhir 1.42 | **Leanfar le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (OÉG).** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚAO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Lean an ÚAO de thacú le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le linn na tréimhse tuairiscithe.<br><br>Maoiniú ceadaithe d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar feadh tréimhse trí bliana (2018/19 - 2020/21) chun go mbeidh sé curtha ar chumas an Acadaimh an phleanáil chuí chun tosaigh a dhéanamh – go háirithe mar a bhaineann sé leis an raon cúrsaí a ndéantar a sheachadadh tríd na hionaid Ghaeltachta faoi leith atá suite i nGaoth Dobhair, Carna agus sa Cheathrú Rua. |

| Uimhir 1.43 | **Leanfar le tacaíocht do Chomhairle Bhéaloideas Éireann in COBÁC trí chúnamh deontais trí chroí-dheontas ÚAO.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | ÚAO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Lean an ÚAO de chúnamh deontais a chur ar fáil do Chomhairle Bhéaloideas Éireann le linn na tréimhse tuairiscithe. Féadtar tuilleadh eolais a fháil ar obair Chomhairle Béaloideas Éireann ar http://www.comhairlebheal.ie |

| Uimhir 1.44 | **Leanfar ag tacú leis an scéim Oideachas Tríú Leibhéal Thar Lear, chun teagasc na Gaeilge a chur chun cinn in institiúidí tríú leibhéal i dtíortha eile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, CF, FOÉC, IAO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Maoineofar Ollscoil amháin eile agus teagascóir amháin eile i Meiriceá in 2019/2020. Maoineofar Ollscoil amháin eile i gCeanada – ceadaíodh breis agus €1m don chiste.<br><br>Tugadh maoiniú do dhá institiúid nua de chuid na Stáit Aontaithe (Ollscoil Villanova agus Ollscoil Connecticut). Tugadh maoiniú do bheirt theagascóirí Gaeilge neamh-FLTA chun teagasc sna Stáit Aontaithe.<br><br>Chuir ICUF teagascóirí in ocht n-ollscoil sa tréimhse seol, le comhpháirtíocht nua le hOllscoil Alberta in 2018. Chuir na srianta taistil a bhaineann le COVID-19 isteach air seo, áfach, ó mhí Mheán Fómhair 2020. |

| | |
|---|---|
| | Is comhartha ratha na scéime seo gur chruthaigh Ollscoil Concordia in Montreal post buan tionachta mar Ollamh le Gaeilge, an chéad ollúnacht le Gaeilge i gCeanada. Réitigh an fuinneamh a chruthaigh Clár Gaeilge ICUF in Concordia (agus sa phobal mórthimpeall) an bealach chun an post seo a chruthú. |

| Uimhir 1.45 | **Leanfar ar aghaidh ag déanamh forbairt ar thurasóireacht Ghaeilge sa Ghaeltacht trí scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge in institiúidí idirnáisiúnta 3ú leibhéal.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, IAO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | In 2019, d'fhreastail 34 dalta Meiriceánach ar scoileanna Gaeltachta.<br>In 2020 cuireadh an clár ar fionraí mar gheall ar ghéarchéim COVID-19.<br><br>In 2018, d'fhreastail 18 dalta Cheanadacha ar chúrsaí Gaeilge trí & ceithre seachtaine sa Ghaeltacht. Méadaíodh é seo go 26 dalta in 2019, ar a áiríodh scoláire Mohawk amháin faoi chomhpháirtíocht nua. Bhíothas ag súil le 26 dalta sa bhliain 2020. Ní raibh na scoláirí in ann taisteal, áfach, mar gheall ar na srianta COVID-19. |

| Uimhir 1.46 | **Cuirfear thart ar €1m sa bhliain ar fáil don Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge, a dhíríonn ar oiliúint a chur ar Ghaeilgeoirí le haghaidh poist a fháil in institiúidí an AE agus ar fhorbairt a dhéanamh ar an earnáil saoraistriúcháin Ghaeilge sa tír seo.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, EAO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Lean an ÚAO de mhaoiniú a chur ar fáil don Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge in 2019 agus in 2020 thar ceann an RTCEGSM.<br><br>Ceadaíodh breis maoiniú do cuid de na cúrsaí seo i Meán Fómhair 2019 don bhliain acadúil 2019/20 agus i mí Lúnasa 2020 don bhliain acadúil 2020/21 faoin Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge. Tá maoiniú na gcúrsaí fíor-thábhachtach chun an sprioc le deireadh a chur leis an maolú don Ghaeilge ag leaibhéal an AE a bhaint amach. Ag deireadh na bliana 2020 bhí 138 duine ag obair le Gaeilge sna hinstitiúdí Eorpach.<br><br>De réir taighde a rinne an Roinn in 2019, bhí 42 duine as 101 a bhí fostaithe ag an am, tar éis cáilíocht a bhaint amach faoi na gcúrsaí atá maoinithe faoin Tionscnamh Ard-Scileanna Gaeilge. Is léir mar sin, go bhfuil rath ag baint leis na gcúrsaí seo. |

| Uimhir 1.47 | **Leanfar leis an tacaíocht don Dioplóma sa Chultúr Dúchais ar mhaithe le hacmhainn an phobail a mhéadú trí fhorbairt na turasóireachta agus trí fhorbairt ghairmiúil d'Oifigigh Oidhreachta sa Ghaeltacht.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, OÉG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Féach 1.42 thuas. |

| Uimhir 1.48 | **Leanfar le tacaíocht a thabhairt do na trí Ionad For-rochtana de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), i gceantair Ghaeltachta (Gaoth Dobhair, Carna agus An Cheathrú Rua) chun deiseanna oideachais trí Ghaeilge a choinneáil ar bun ag leibhéal áitiúil.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OÉG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Féach 1.42 thuas. |



# 2

## Réimse Gnímh

# An Ghaeltacht

# Réimse Gnímh 2: An Ghaeltacht

## Réamhrá

Ag croílár na hoibre atá ar bun agus beartaithe ag an Roinn chun cúram a dhéanamh den Réimsí Gnímh seo tá an próiseas pleanála teanga - mar a leagtar amach é faoi Acht na Gaeltachta 2012, agus an Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga - atá á riar ag an Roinn ar bhonn leanúnach mar thaca breise don phróiseas pleanála teanga.

I gcur i bhfeidhm na mbearta ábhartha a bhaineann leis an Réimse seo aithnítear chomh maith an fheidhm thacúil atá á comhlíonadh ag an Roinn mar a bhaineann sé le cabhrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i leith chur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

Tugtar spléachadh thíos ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpróiseas pleanála teanga agus an Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga faoi seach thar an tréimhse thuairiscithe – 1 Iúil 2019 go 31 Nollaig 2020.

## An Próiseas Pleanála Teanga

Den 26 **Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta (LPT)** atá aitheanta faoi Acht na Gaeltachta 2012, ceadaíodh 20 phlean ar fad ó cuireadh tús leis an bpróiseas ar an talamh in 2014 go dtí deireadh 2020. Den líon iomlán sin, ceadaíodh 6 phlean i rith na tréimhse tuairiscithe i ndáil leis na limistéir seo a leanas:

| Limistéir Pleanála Teanga Ceadaithe | Dáta Ceadaithe |
|---|---|
| Ceantar na nOiléan | 11/07/2019 |
| Tuaisceart Dhún na nGall | 21/07/2019 |
| Maigh Cuilinn | 10/01/2020 |
| Na Rosa | 13/01/2020 |
| Toraigh | 04/12/2020 |
| An tEachréidh | 04/12/2020 |

Bhí 19 Oifigigh Pleanála Teanga (OPT) agus triúr Oifigigh Cúnta Pleanála Teanga (OCPT) fostaithe ag deireadh 2020.

Maidir leis an bpróiseas mar a bhaineann sé leis na **Bailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG)** tá an próiseas chun pleananna a ullmhú nó i dtreo é sin a dhéanamh idir lámha i gcás na mbailte seo a leanas:

| Baile | Contae |
|---|---|
| An Clochán Liath | Dún na nGall |
| Trá Lí | Ciarraí |
| Dún Garbhán | Port Láirge |
| Caisleán an Bharraigh | Maigh Eo |
| Cathair na Gaillimhe | Gaillimh |
| Cathair Chorcaí | Corcaigh |
| Baile an Róba | Maigh Eo |
| An Clochán | Gaillimh |

Ag deireadh 2020, bhí dhá Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ceadaithe faoin bpróiseas: Leitir Ceanainn agus Daingean Uí Chúis.

Maidir leis an ngné den scéal a bhaineann leis na **Líonraí Gaeilge**, ceadaíodh pleananna teanga in Eanáir 2020 i leith Bhaile Loch Riach, Co. na Gaillimhe, Inis, Co. an Chláir agus Cluain Dolcáin, Baile Atha Cliath, i gcomhréir le forálacha an Achta.

Chun tacú tuilleadh le cur i bhfeidhm an Phróisis Pleanála Teanga, cheadaigh an Roinn allúntais faoi leith do na heagraíochtaí: Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta chun tacú leo cláir oibre chomhaontaithe faoi leith ar leas na luathbhlianta, an teaghlaigh agus na n-ealaíon traidisiúnta faoi seach, a chur chun cinn.

Ar ndóigh, tá Córas Faisnéise Geografaí (GIS) forbartha ag an Roinn le roinnt blianta anuas – i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus páirtithe leasmhara eile, atá mar áis bhreise don phróiseas. Cuireadh an chéad leagan den chóras GIS ar fáil i mí na Nollag 2015 agus seoladh an tríú leagan, atá in úsáid faoi láthair, i mí na Samhna 2017. Faoin gcóras GIS seo tá torthaí ó Dhaonáireamh 2011 agus 2016 mar a bhaineann sé leis an nGaeilge curtha ar fáil den chéad uair ar bhonn Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge. Déantar tuilleadh forbartha ar an gcóras ar bhonn leanúnach de réir mar a oireann.

Tá tuilleadh eolais faoin bpróiseas ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne.

## An Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga

Faoin gclár cuirtear idir chúnamh caipitil agus reatha ar fáil go leanúnach le cabhrú le heagraíochtaí agus coistí pobail fud fad na Gaeltachta ar mhaithe le tacú le treisiú na Gaeilge mar theanga phobail agus teaghlaigh sa Ghaeltacht. Ina theannta sin tagann na scéimeanna: Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, Scéim na gCúntóirí Teanga agus Scéim na gCampaí Samhraidh faoi scáth an chláir chomh maith. Mar gheall gur sa samhradh is mó a tharlaíonn an gníomh is mó mar a bhaineann sé le Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge agus Scéim na gCampaí Samhraidh, agus gur ar bhonn scoilbhliana a fheidhmíonn Scéim na gCúntóirí Teanga is í an tréimhse atá cuimsithe thíos ná an bhliain féilire 2019 agus an scoilbhliain 2019/2020 (i leith Scéim na gCúntóirí Teanga).

**Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge**

In 2019 chuir ós cionn 712 teaghlach cóiríocht ar fáil do 27,032 scoláire/mac léinn a d'fhreastail ar cheann den 42 coláiste Gaeilge atá aitheanta faoin gcóras. Níor reáchtáladh aon chúrsaí samhraidh le linn 2020 de bharr COVID-19. De dheasca seo, b'éigean don Roinn ciste éigeandála a bhunú chun tacú le cobhsú earnáil na gcoláistí samhraidh Gaeilge sa Ghaeltacht. Faoin gciste cobhsaithe seo, íocadh thart ar €2.7m le húdaráis na gcoláistí le cur ar a gcumas táillí/éarlais a aisíoc le tuismitheoirí, agus íocadh thart ar €1.6m leis an 700 teaghlach Gaeltachta atá cláraithe faoin scéim.

**Scéim na gCúntóirí Teanga:**

Seoladh an tuarascáil ar athbhreithniú Scéim na gCúntóirí Teanga i mí Deireadh Fómhair 2020. Tugadh faoin athbhreithniú a dhéanamh chun go bhfaighfí tuiscint níos fearr ar na bealaí a bhféadfaí an Scéim a láidriú tuilleadh i gcomhthéacs fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus an phróisis pleanála teanga i gcoitinne. De thoradh an athbhreithnithe seo, tá rianú déanta ar na bealaí a bhféadfaí an scéim a threisiú tuilleadh go céimiúil agus go córasach.

Tá tús curtha cheana féin le cur i bhfeidhm cuid de na moltaí suntasacha atá san athbhreithniú, ar a n-áirítear:

- Infheistíodh €1.2m in aghaidh na bliana sa scéim in 2019 i gcomhar lena bhfuil molta san Athbhreithniú. Mar thoradh ar an infheistíocht sin tá gach scoil atá rannpháirteach i bhfeidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 in ann leas a bhaint as cúntóir teanga chomh maith le uaireanta breise a bheith ceadaithe do gach scoil agus an líon seachtaine méadaithe go 32 i gcás bunscoileanna agus 31 i gcas na n-iarbhunscoileanna.

- Coiste Comhairleach bunaithe a bhfuil de chúram orthu comhairle a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme na moltaí ábhartha eile ata luaite san athbhreithniú.

**Scéim na gCampaí Samhraidh**

- rinneadh €330,000 a leithdháileadh don scéim sa bhliain 2019 chun tacú le deiseanna foghlama agus saibhrithe teanga do dhaoine óga óna ceantair Ghaeltachta. Bhain thart ar 6,500 páiste a d'fhreastail ar thuairim is 200 campa samhraidh leas as an bhfóirdheontais a cuireadh ar fáil faoin scéim sa bhliain 2019.

- De bharr srianta COVID-19 bhí sé idir dhá cheann na meá an mbeifí in ann dul ar aghaidh le reáchtáil campaí samhraidh sa Ghaeltacht ar chor ar bith in 2020 ach tar éis an cheist a bheith cíortha go cúramach ag an Roinn le páirtithe leasmhara eile, reáchtáladh 50 campa amuigh faoin spéir amháin le prótacal docht COVID-19 i bhfeidhm.

- Mar thaca breise don aos óg, craoladh dhá shraith teilifíse ar TG4: Campaí Cúla4 a thosaigh ar 29 Meitheamh agus a craoladh go laethúil - le tacaíocht na Roinne agus Foras na Gaeilge. Cuireadh ar fáil iad chomh maith ar youtube/TG4.

Maidir leis an ngné den Chlár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga a bhaineann le cabhair chaipitil; thar an tréimhse thuairiscithe cheadaigh an Roinn cúnamh i leith 45 togra caipitil agus rinneadh cúiteamh i leith 64 togra faoi leith chun cuidiú leo na costais sin a bhain le háiseanna pobail a thógáil/a athchóiriú agus le troscán/trealamh a cheannach a chlúdach.

Bhain 8 seirbhís luathbhlianta sa Ghaeltacht tairbhe as an leibhéal uasta maoinithe caipitil faoin gClár – a méadaíodh ó 80% go 95% in 2018.

Leanadh le ceadú deontas faoin gClár Reatha ar bhonn 3 bliana chun cuidiú leis na heagraíochtaí a mhaoinítear pleanáil chun tosaigh níos fearr a dhéanamh.

Tá sonraí níos beachta maidir le cur chun feidhme na bearta faoi leith a bhaineann le Réimse Gnímh 3; An Ghaeltacht sa tábla a leanas:

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | **1** | 1 | | |
| 2018-2019 | **1** | | 1 | |
| 2018-2020 | **1** | | 1 | |
| 2018-2022 | **18** | | 18 | |
| 2019 | **1** | | 1 | |
| 2019-2020 | **1** | 1 | | |
| 2019-2022 | **4** | | 4 | |
| IOMLÁN | **27** | **2** | **25** | **0** |

# Réimse Gnímh 2: An Ghaeltacht

## An Próiseas Pleanála Teanga

| Uimhir 2.1 | **Leanfar ag tacú le feidhmiú rathúil an phróisis trí mhaoiniú, comhairle agus tacaíocht theicniúil agus phraiticiúil a chur ar fáil. Déanfar é seo i dtreo a chinntiú:**<br>• **go mbeidh gach ceann de na 26 Limistéar Pleanála Teanga i mbun feidhmiú pleananna faoi dheireadh 2020**<br>• **go mbeidh gach ceann de na 16 bhaile atá aitheanta mar ábhar Bailte Seirbhíse Gaeltachta ag cur i bhfeidhm pleananna faofa nó i mbun ullmhú pleananna laistigh den achar ama céanna**<br>• **go mbeidh na 3 Líonra Gaeilge atá aitheanta faoin bpróiseas i mbun fheidhmiú a bpleananna faoi seach laistigh den tréimhse thuasluaite chomh maith.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | **ÚnaG:**<br>• Faoi dheireadh 2020, bhí pleananna teanga ceadaithe do 20 LPT as an 26 LPT agus do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) amháin as na trí BSG sa Ghaeltacht. Bhí pleanna teanga i leith cúig LPT eile curtha faoi bhráid na Roinne le bheith faofa.<br>• Bhí 19 OPT agus 3 OCPT i mbun oibre ag deireadh mhí na Nollaig 2020.<br><br>**FnaG:**<br>• Plean Teanga á fheidhmiú i leith BSG taobh amuigh den Ghaeltacht (Leitir Ceanainn)<br>• Plean Teanga do Ghaillimh ullmhaithe agus curtha chuig an Roinn le faomhadh<br>• Próiseas chun pleananna a ullmhú nó i dtreo é sin a dhéanamh ar siúl i dTrá Lí, Dún Garbhán, Caisleán an Bharraigh, Cathair Saidhbhín agus Cathair Chorcaí.<br>• Plé idir lámha le grúpaí i Maigh Chromtha.<br><br>Pleananna Teanga na Líonraí Gaeilge faofa ag an Roinn in Eanáir 2020. |

| Uimhir 2.2 | **I gcomhthéacs na n-acmhainní a bheidh ar fáil chun tacú leis an bpróiseas, agus ag cur tosca ábhartha eile san áireamh, breathnóidh an Roinn ar na féidearthachtaí glacadh le tuilleadh ceantair chun críche aitheantais mar Líonraí Gaeilge faoin bpróiseas in 2019 agus níos faide anonn.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Pleananna Teanga na Líonraí faofa ag an Roinn i leith 3 Líonra Gaeilge. |

| Uimhir 2.3 | **Mar bhunlíne tacaíochta faoin bpróiseas, cuirfear allúntas ar bhonn Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, ar fiú suas le €100,000 go bliantúil é, ar fáil chun tacú le feidhmiú pleananna faofa. Cuirfear allúntas suas le €150,000 ar fáil do limistéir faoi leith a chomhlíonann critéir cháilithe faoi leith atá foilsithe cheana féin. Ag brath ar na riachtanais áitiúla, mar a aithnítear iad, cuirfear ar chumas na gceanneagraíochtaí pleanála teanga Oifigeach Pleanála Teanga a fhostú chun cúram a dhéanamh d'fheidhmiú pleananna ar bhonn áitiúil sna ceantair Ghaeltachta faoi leith. Déanfar é seo i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá an beart seo á chur i bhfeidhm i ngach LPT de réir mar a cheadaítear a bpleananna faoin bpróiseas. |

| Uimhir 2.4 | **Ag brath ar na hacmhainní a bheidh ar fáil, féachfar chuige go dtacófar le tionscnaimh faoi leith a eagrófar ar bhonn lárnach ar mhaithe le tacú tuilleadh leis an bpróiseas. Áireofar sna tacaíochtaí seo:**<br>• **oiliúint;**<br>• **feasacht teanga mar a bhaineann leis an bpobal trí chéile, chomh maith le haicmí faoi leith den phobal agus d'earnálacha eile;**<br>• **pacáiste tacaíochta teanga don earnáil ghnó; agus**<br>• **scéim aitheantais faoi leith faoina n-aithneofar cuideachtaí/lucht gnó sa Ghaeltacht a chuireann an Ghaeilge chun cinn sa ghnó.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | **FnaG:**<br>• Cruinnithe eolais poiblí agus le páirtithe leasmhara do ghrúpaí a bheidh mar chuid den phróiseas pleanála teanga amach anseo;<br>• Cruinnithe aonair meantóireachta le ceanneagraíochtaí; |

| | |
|---|---|
| | • Oiliúint do choistí ceanneagraíochtaí ó Shainchomhairleoir Pleanála Teanga FnaG;<br>• I bpáirtnéireacht le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, cuireadh seirbhís anailíse taighde ar fáil do cheanneagraíochtaí;<br>• Éascú déanta ar Chomhchoiste Stiúrtha na Líonraí Gaeilge;Teimpléid agus acmhainní tacaíochtaí eile maidir leis an phróiseas pleanála teanga á bhforbairt<br><br>**ÚnaG:**<br>• Reachtáladh ceardlanna oiliúna ar bhonn rialta do na OPTanna agus na ceanneagraíochtaí pleanála teanga. I bhfianaise go raibh gá bogadh go cur chuige ar líne ó tháinig srianta COVID-19 in áit, tapaíodh an deis cur leis an líon ceardlanna agus cainteanna a cuireadh ar fáil do na OPTanna. Tugann an briseadh síos seo a leanas ar na seisiúin idir 7 Deireadh Fómhar 2020 agus 2 Nollaig 2020 léargas ar an gcur chuige i dtaobh seisiúin eolais agus oiliúna ar líne:<br>  o An Ghaeilge mar Bhuntáiste Eacnamaíoch in Eoraip Inbhuanaithe - Fionnbarra Ó Brollacháin<br>  o Áiseanna Tacaíochta do Phobal na Gaeltachta - Lís Ní Dhálaigh, TG4<br>  o Cúrsaí Caiteachais agus Éilimh agus Rialacháin Soláthair Phoiblí - Aoife Ní Chonghaile, Údarás na Gaeltachta<br>  o Reachtaíocht agus Polasaí Teanga: Comhthéacs na Breataine Bige - Huw Lewis, Ollscoil Aberystwyth<br>  o Gnó/Luach na Gaeilge: Ag Tógáil Pobail Ghnó Gaeltachta - Daithí de Buitléir<br>  o Seachadadh Idirghlúineach Mionteangacha - Cassie Smith–Christmas, Ollscoil na hÉireann Gaillimh<br>  o An Bhreatnais i Réimse an Ghnó agus Cwlwm Busnes Caerdydd - Eleri Rosier, Ollscoil Caerdydd<br>• Taighde forbartha maidir le cultúr óige na Gaeltachta agus conas dul i bhfeidhm ar an deimeagraific seo i dtaobh na Gaeilge.<br>• Tá físeáin agus treoir ábhar á n-ullmhú le cur ar fáil do na OPTanna le díriú ar lucht gnó na Gaeltachta chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa ghnó.<br>• Eisíodh nuachtlitir chuig OPT, ceanneagraíochtaí pleanála teanga agus coistí stiúrtha pleanála teanga ar mhaithe le hiad a choinneáil ar an eolas faoin staid reatha, samplaí dea-chleachtais, deiseanna comhoibrithe agus dul chun cinn an phróisis pleanála teanga. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.5 | **Cuirfear feachtas feasachta teanga ar siúl a bheidh mar aidhm aige pobal na Gaeltachta a mhealladh le bheith páirteach sa phróiseas pleanála teanga ar bhealach atá praiticiúil, spreagúil agus tarraingteach agus a thógann na spriocghrúpaí go léir san áireamh. Déanfar suíomh idirlín, chomh maith le hábhar tacaíochta eile, a fhorbairt mar chuid den phlean feasachta.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | I dteannta an méid atá bainte amach go dáta, agus a bhfuiltear i bhfeidhim go leanúnach, thug UnaG faoi thaighde substaintiúil i dtaobh óige na Gaeltachta agus conas dul i bhfeidhm orthu i dtaobh na Gaeilge trí bearta feasachta agus eile. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.6 | **Féachfar le tacaíocht a chur ar fáil in am tráth chun cuidiú le feidhmiú pleananna aontaithe faoin bpróiseas i leith na mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge araon.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá buiséad ceadaithe ag an RTCEGSM d'fhéidhmiú na pleananna atá ceadaithe do Bhailte Seirbhíse Gaeltachta agus do Líonraí Gaeilge. Déanfaidh an Roinn na féideireachtaí a bhaineann le leibhéal na hacmhainní sin a ardú a scrúdú i gcaitheamh ama. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.7 | **I gcomhar le páirtithe leasmhara san earnáil oideachais agus oiliúna ach go háirithe, tacófar tuilleadh le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil/cumais sa réimse pleanála teanga a sholáthar tuilleadh.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | De barr srianta COVID-19 eagraíodh seisiúin oiliúna agus seisiúin eolais ar-líne do na OPTanna le saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ag clúdach téamaí ábhartha don phróiseas pleanála teanga. |

| Uimhir 2.8 | **Ar mhaithe le nasc níos fearr idir na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge a chothú, tacófar le bunú scáthghrúpa a bheidh in ann feidhmiú thar ceann na ngrúpaí thuasluaite agus comhpháirtíocht agus deiseanna forbartha eile a chothú idir na ceanneagraíochtaí agus na forais ábhartha stáit.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FnaG, CPT |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá fochoiste bunaithe ag ionadaithe de na OPTanna agus bíonn plé rialta acu leis an Údarás maidir le hábhar comónta a bhaineann leis an phróiseas. Tríd an struchtúr seo, tá deis ag na OPTanna ábhar a phlé le heagrais stáit de reir mar a fheiceann siad gá leis sin a dhéanamh.<br><br>In 2020 reáchtáil Glór na nGael 3 cheardlann le hionadaithe ó na Líonraí Gaeilge agus na Bailte Seirbhíse Gaeltachta le heolas a roinnt agus le ceisteanna a chíoradh. |

| Uimhir 2.9 | **De réir mar a aithnítear an gá agus an t-éileamh, déanfar acmhainní tacaíochta, ar nós na Treoirlínte Pleanála Teanga, an t-amharcóir mapa (GIS) agus ábhar feasachta eile a fhorbairt tuilleadh ar bhonn lárnach.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Cur i láthair déanta ar an phróiseas pleanála teanga le coistí agus ceanneagraíochtaí.<br>• Léarscáileanna idirghníomhacha le heolas áitiúil á bhforbairt ag an bhforas do ghrúpaí ábhartha lasmuigh den Ghaeltacht. Acmhainní tacaíochta á bhforbairt do choistí agus cheanneagraíochtaí bainteach leis an phróiseas pleanála teanga.<br>• Déantar an córas GIS a uasdátú mar a aithnítear an gá. Tá cóip den eagrán is deireanaí le feiceáil ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/treoirlinte-pleanala-teang/. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.10 | **Ar mhaithe le tacú tuilleadh le forbairt na n-ealaíon traidisiúnta ar bhealach a bheidh ar leas na n-ealaíon agus mar shlí chun deiseanna saibhrithe agus sealbhaithe teanga a chur ar fáil d'aos óg na Gaeltachta, cuirfear maoiniú breise ar fáil d'Ealaín na Gaeltachta chun forbairt chórasach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sna healaíona traidisiúnta do dhaoine óga ar fud na gceantar Gaeltachta uile. (Tá sonraí breise maidir lena bhfuil beartaithe a dhéanamh chun tacú tuilleadh leis na healaíona Gaeltachta agus Gaeilge traidisiúnta faoi Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht.)** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, EnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Ceadaíodh maoiniú €1.275m. d'Ealaín na Gaeltachta chun clár 3 bliana atá comhaontaithe leis an Roinn a chur chun cinn chun leas a bhaint as na healaíona teanga-bhunaithe sa Ghaeltacht. I measc ghnéithe an chláir, rinneadh an méid seo a leanas:<br>• ranganna sna healaíona teanga-bhunaithe a sholáthar i nGaeltacht na Gaillimhe;<br>• ranganna a sholáthar trí Scoil Cheoil na Crannóige i nGaeltacht Dhún na nGall a riar;<br>• ranganna a sholáthar i suas le 5 bhunscoil i nGaeltacht Dhún na nGall;<br>• ranganna/seirbhísí a chur ar fáil in 6 Limistear Pleanala Teanga Gaeltachta eile;<br>• comhordaitheoir ealaíne a fhostú in Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne i nGaeltacht Mhúscraí;<br>• deiseanna oiliúna agus forbartha breise a chur ar fáil in LPT éagsúla ar fud na Gaeltachta; agusbeirt chomhordaitheoirí (duine amháin lánaimseartha agus duine ar bhonn páirtaimseartha i gConamara a fhostú chomh maith le comhordaitheoir a fhostú go lánaimseartha sa Chrannóg) chun an clár iomlán a riar. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.11 | **Cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil ar bhonn lárnach mar a bhaineann sé le réimse an luathoideachais agus an teaghlaigh. (Tá tuilleadh sonraí faoi na bearta seo faoi Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath).** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CNNG, TnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Le linn na scoilbhliana 2019/2020 bhí 1,896 páiste ag freastal ar 115 seirbhís luathbhlianta atá faoi scáth **Chomhar Naíonraí na Gaeltachta**, sin ardú de 17 seirbhís bhreise ón bhliain roimhe agus ardú de 396 páiste. |

| | |
|---|---|
| | Faoin chlár maoinithe atá ar fáil bhí CNNG ag soláthar an scéim Scéim Seirbhísí Réamhscoile agus Iarscoile (SSRI) do 11 seirbhís sa Ghaeltacht. Bhí comhairle á cur ar fáil ag CNNG do 32 seisiún/seirbhísí a bhíonn ag feidhmiú don mhórchuid trí Bhéarla sa Ghaeltacht don scoilbhliain 2019/2020, i 23 ionad ina bhfuil freastal á dhéanamh ar c.500 páiste ina iomláine, chun úsáid na Gaeilge a spreagadh sna seirbhísí sin (níl na figiúirí sin san áireamh san fhigiúir thuas mar nach bhfuil na seirbhísí sin faoi chúram CNNG).<br><br>Tá an cur chuige dírithe ar thuismitheoirí, páistí, agus foireann na seirbhísí a spreagadh le Gaeilge a fhorbairt sa tseirbhís agus sa bhaile. Cuirtear pacáiste eolais ar fáil do na tuismitheoirí gach bliain. Mar chuid den mhaoiniú atá curtha ar fáil ag An Roinn, tá ábhar feasachta maidir leis an dátheangachas á fhorbairt ag CNNG don earnáil. Cuirtear ábhar feasachta clóite ar fáil do thuismitheoirí agus cuirtear cóip de cheachtanna na bpáistí ar fáil dóibh chomh maith.<br><br>Chuir **Tuismitheoirí na Gaeltachta** i gcrích a bplean trí bliana 2018-2020 a bhí aontaithe ag leis an Roinn. Bhí béim mhór ar imeachtaí agus ócáidí sóisialta i bplean 2018-2020 agus bunaithe ar an méid sin, cuireadh réimse leathan seirbhísí ar fáil dírithe ar ghréasáin agus líonraí a chruthú i measc muintir na Gaeltachta.<br><br>Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí 1,618 teaghlach Gaeltachta ar bhunachar TnaG agus teagmháil rialta ag an eagraíocht leo. As an méid sin bhí 528 teaghlach ag glacadh páirt gníomhach rialta in imeachtaí, ócáidí agus scéimeanna na heagraíochta i 2019 agus 586 teaghlach i 2020. Sa bhreis ar na teaghlaigh ghníomhacha sin bhain 2,163 páiste/duine óg leas as scéimeanna, ranganna agus tograí eile TnaG i 2019 agus 2,725 i 2020. |

| Uimhir 2.12 | **Tacóidh Foras na Gaeilge le cothú feasachta i leith an phróisis pleanála teanga trí fheachtais réigiúnacha agus náisiúnta a chomhordú taobh amuigh den Ghaeltacht.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Feachtais náisiúnta agus réigiúnda ullmhaithe.<br>• Suíomh idirlín forbartha mar lárphointe eolais don phróiseas pleanála teanga lasmuigh den Ghaeltacht.<br>• Ardáin úra meáin shóisialta bunaithe le tacú leis an phróiseas pleanála teanga lasmuigh den Ghaeltacht agus le heolas a roinnt maidir le dul chun cinn náisiúnta agus áitiúil. |

## An Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.13 | **Leanfar ag tacú le hinfreastruchtúr teanga agus pobail na Gaeltachta trí infheistíocht i raon leathan scéimeanna, beart agus tionscnamh (caipitil agus reatha) atá á riar ag an RTCEGSM faoi láthair. Áirítear leis na scéimeanna sin, an Clár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga; Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge; Scéim na gCúntóirí Teanga; agus Scéim na gCampaí Samhraidh.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Faoin gclár caipitil atá á riar faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga ceadaíodh 45 togra thar an tréimhse thuairiscithe agus íocadh cúnamh i leith 64 togra.<br><br>Maidir leis an ngné reatha, ceadaíodh cúnamh do 13 eagraíocht Ghaeltachta chun a gcláir oibre a chur i bfheidhm. Is fiú a nótáil go gceadaítear maoiniú 3 bliana do na heagrais anois chun pleanáil don todhchaí a éascú. Maidir leis na scéimeanna a thagann faoin gclár:<br><br>**<u>Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge</u>**<br>In 2019 chuir ós cionn 712 teaghlach cóiríocht ar fáil do 27,032 scoláire/mac léinn a d'fhreastail ar cheann den 42 coláiste Gaeilge atá aitheanta faoin gcóras. Níor reáchtáladh aon chúrsaí samhraidh le linn 2020 de bharr COVID-19. Cuireadh ciste éigeandála ar fáil chun tacú le cobhsú earnáil na gcoláistí samhraidh Gaeilge sa Ghaeltacht. Faoin gciste cobhsaithe seo, íocadh thart ar €2.7m le húdaráis na gcoláistí le cur ar a gcumas táillí/éarlais a aisíoc le tuismitheoirí, agus íocadh thart ar €1.6m leis an 700 teaghlach Gaeltachta atá cláraithe faoin scéim.<br><br>**<u>Scéim na gCúntóirí Teanga:</u>**<br>Seoladh an tuarascáil ar athbhreithniú Scéim na gCúntóirí Teanga i mí Deireadh Fómhair 2020. Tugadh faoin athbhreithniú a dhéanamh chun go bhfaighfí tuiscint níos fearr ar na bealaí a bhféadfaí an Scéim a láidriú tuilleadh i gcomhthéacs fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus an phróisis pleanála teanga i gcoitinne.  De thoradh an athbhreithnithe seo, tá rianú déanta ar na bealaí a bhféadfaí an scéim a threisiú tuilleadh go céimiúil agus go córasach.<br><br>Tá tús curtha cheana féin le cur i bhfeidhm cuid de na moltaí suntasacha atá san athbhreithniú, ar a n-áirítear: |

| | |
|---|---|
| | • Infheistíodh €1.2m in aghaidh na bliana ar feadh tréimhse trí bliana sa scéim in 2019 i gcomhar lena bhfuil molta san Athbhreithniú. Mar thoradh ar an infheistíocht sin tá gach scoil atá rannpháirteach i bhfeidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 in ann leas a bhaint as cúntóir teanga chomh maith le uaireanta breise a bheith ceadaithe do gach scoil agus an líon seachtaine méadaithe go 32 i gcás bunscoileanna agus 31 i gcas na n-iarbhunscoileanna.<br>• Coiste Comhairleach bunaithe a bhfuil de chúram orthu comhairle a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme na moltaí ábhartha eile atá luaite san athbhreithniú.<br><br>**<u>Scéim na gCampaí Samhraidh</u>**<br>• Reáchtáladh 191 Campa sa Ghaeltacht in 2019 agus rinneadh freastal ar 6,443 páiste;<br>• De bharr srianta COVID-19 bhí sé idir dhá cheann na meá an mbeifí in ann dul ar aghaidh le reáchtáil campaí samhraidh sa Ghaeltacht ar chor ar bith in 2020 ach tar éis an cheist a bheith cíortha go cúramach ag an Roinn le páirtithe leasmhara eile, reáchtáileadh 50 campa amuigh faoin spéir amháin le prótacal docht COVID-19 i bhfeidhm<br>• Mar thaca breise don aos óg, craoladh dhá shraith teilifíse ar TG4: Campaí Cúla4 a thosaigh ar 29 Meitheamh agus a craoladh go laethúil - le tacaíocht na Roinne agus Foras na Gaeilge. Cuireadh ar fáil iad chomh maith ar youtube/TG4. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 2.14** | **Maidir leis an gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga, leanfar ag cur cúnamh reatha ar fáil d'eagraíochtaí éagsúla Gaeltachta chun cabhrú leo an Ghaeilge a threisiú mar phríomhtheanga na Gaeltachta, go háirithe i measc daoine óga sa Ghaeltacht sna réimsí faoi leith a mbíonn baint acu leo sa Ghaeltacht. Ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an clár ag tacú ar an gcaoi is fearr is féidir leis an bpróiseas pleanála teanga, déanfar cinnte de go bhfuil na critéir faoina ndéantar iarratais ar chúnamh faoin gclár ag luí isteach le cuspóirí an phróisis trí chéile.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Leanadh leis na critéir leasuite a chur i bhfeidhm i ndáil le cúnamh reatha a ceadaíodh i rith an tréimhse thuairiscithe;<br>• Ceadaíodh maoiniú 3 bliana do na heagrais chun pleanáil don todhchaí a éascú i rith an tréimhse thuairiscithe;<br>• De bharr srianta COVID-19 bhí na Cúntóirí Teanga ag soláthar ábhar do dhaltaí agus ag obair díreach tríd na córais Zoom &rl a bhí in úsáid ag scoileanna; agus |

| | |
|---|---|
| | • Faoi Chlár na gCluichí Gaelacha agus an Clár Aclaíochta bhí na heagrais ag cur físeáin ar fáil dírithe ar an pheil, iománaíocht agus an aclaíocht fad a bhí srianta COVID-19 i bhfeidhm. |

| Uimhir 2.15 | **Chun tacú tuilleadh le deiseanna a thabhairt d'aos óg na tíre chun an Ghaeilge a shaibhriú, a shealbhú agus a chleachtadh mar theanga labhartha, leanfar ag tacú le córas na gcoláistí Gaeilge trí Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RO, CONCOS, Coláistí Gaeilge |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Féach faoi bheart 2.13 thuas.<br><br>Cuireadh tús le thogra nua a ceadaíodh faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge in 2019, eadhon: ERASMUS Gaeltachta agus DEIS Gaeltachta.<br><br>Faoin tionscnamh **ERASMUS Gaeltachta**, tugtar deis do mhic léinn tríú leibhéal cur fúthu ar feadh seimeastar ollscoile le teaghlaigh Ghaeltachta fad is atá siad ag freastal ar chúrsa cáilithe tríú leibhéal. Ghlac 72 mac léinn páirt sa tionscnamh seo le linn na bliana 2019-2020.<br><br>Faoin tionscnamh **DEIS Gaeltachta**, cuirtear suas le 50 scoláireachtaí ar fáil go bliantúil a thugann deiseanna do scoláirí atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna DEIS, freastal a dhéanamh ar choláiste samhraidh sa Ghaeltacht.<br><br>Ina theannta sin, faoin tionscnamh **ÁRAINN Gaeltachta**, cuireadh ciste 3 bliana ar fáil chun gur féidir le suas le 30 scoláire iar-bhunscoile in aghaidh na bliana, scoilbhliain iomlán a chaitheamh ag freastal ar aon cheann den trí iar-bhunscoil ar na hoileáin Árann.<br><br>Ar mhaithe le cabhrú tuilleadh leis an earnáil, cuireadh allúntas ar fáil don scátheagraíocht **Comhchoiste na gColáistí Samhraidh** **(CONCOS)** in 2018 ar mhaithe le clár oibre comhaontaithe ar leas an chórais a chur i bhfeidhm. Maidir leis an tréimhse 2019 ar aghaidh tá clár oibre agus alúntas 3 bliana aontaithe leis an eagraíocht. |

| Uimhir 2.16 | **Bunófar Scéim Scoláireachtaí faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge chun cabhrú le daltaí iarbhunscoile atá ag freastal ar scoileanna DEIS freastal ar choláistí samhraidh.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2019 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Féach faoi bheart 2.15 thuas. |

| Uimhir 2.17 | **Mar thaca faoi leith d'fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus an phróisis pleanála teanga araon, cuirfear maoiniú breise ar fáil faoi Scéim na gCúntóirí Teanga i dtreo féachaint chuige go ndéanfar freastal ar an éileamh do chúntóirí teanga i ngach scoil atá aitheanta ag an RO faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.<br>Ina theannta sin, cuirfear i bhfeidhm moltaí a eascróidh as an athbhreithniú atá ar bun ag an Roinn faoi láthair ar an Scéim, de réir mar is cuí, ar mhaithe le cur le héifeacht na Scéime (Meitheamh 2018).** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Seoladh an tuarascáil maidir le hathbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga.<br>• Bhí *circa* 113 cúntóirí fostaithe faoin scéim i gcomparáid le 100 cúntóirí in 2018/19 agus iad ag soláthar seirbhíse ar feadh sé seachtaine breise in aghaidh na scoilbhliana.<br>• Ar mhaithe le cabhrú le cúram a dhéanamh d'fhorfheidhmiú mholtaí an athbhreithnithe bunaíodh coiste comhairleach. Tá an coiste comhairleach comhdhéanta d'ionadaithe ón:<br>    ○ An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Cathaoirleacht agus rúnaíocht)<br>    ○ An Roinn Oideachais<br>    ○ An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>    ○ Gaeloideachas<br><br>Beifear ag brath ar an gcoiste chun comhairle a chur ar an Roinn mar a bhaineann sé le cur chun feidhme moltaí eile an athbhreithnithe, chomh maith le cabhrú le aon deis féideartha eile chun barr feabhais a chur ar an scéim a d'fhéadfadh teacht chun cinn a aithint. |

| Uimhir 2.18 | **Maidir le Scéim na gCampaí Samhraidh, méadófar an maoiniú a chuirtear ar fáil chun gur féidir tuilleadh campaí samhraidh a reáchtáil do dhaoine óga na Gaeltachta, ar mhaithe leis an teanga a shaibhriú ina measc.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Féach faoi bheart 2.13 thuas. Reáchtáladh 191 Campa sa Ghaeltacht in 2019 agus rinneadh freastal ar 6,443 páiste. In 2020, reáchtáladh 50 campa amuigh faoin spéir amháin le prótacal docht COVID-19 i bhfeidhm. |

| Uimhir 2.19 | **Leanfar ag cur tacaíochta ar fáil d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉG, chun deiseanna oideachais tríú leibhéal a chur ar fáil trí Ghaeilge in ionaid Ghaeltachta na hollscoile. Díreofar ar fhorbairt a dhéanamh ar na deiseanna sin agus oiriúnú a dhéanamh ar na cláir éagsúla a sholáthraíonn an tAcadamh chun tacú tuilleadh le cur chun cinn an phróisis pleanála teanga agus an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta araon.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OÉG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | D'éirigh go maith leis an modúl 5 ECTS ar 'Phobal agus cultúr na Gaeltachta.<br><br>Mar gheall ar COVID-19 cuireadh an Seimeastar Gaeltachta ar athló in 2020.<br><br>I measc na gcúrsaí a reachtáileadh tá:<br>• MA sa Phleanáil Teanga: beirt mac léinn I mbun tráchtas faoi láthair<br>• BA/AD sa Ghaeilge Fheidhmeach: 51 mac léinn ag freastal;<br>• BComm le Gaeilge: 35 mac léinn ag freastal<br>• BA (Cumarsáid agus Gaeilge): 24 mac léinn ag freastal;<br>• MA sa Léann Teanga: 12 mac léinn ag freastal;<br>• MA san Ateangaireacht Chomhdhála: 12 mac léinn ag freastal;<br>• MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin) Cúrsa nua 2018: duine amháin ar an gcúrsa seo faoi láthair;<br>• Teastas Iarchéime san Aistriúchán: 14 mac leinn ag freastal ar; agus<br>• An Dioplóma sa Ghaeilge: 406 duine cláraithe i nGaillimh, Corca Dhuibhne, Béal an Mhuirthead, An Cheathrú Rua DCU & LYIT. |

| Uimhir 2.20 | **Leanfar ag cur gníomhaíochtaí aclaíochta agus oiliúint i scileanna peile, iománaíochta agus liathróide láimhe ar fáil do dhaoine óga na Gaeltachta trí ghréasán na scoileanna agus breathnófar ar an gcaoi is fearr le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na tacaíochtaí reatha sin sna ceantair Ghaeltachta ar fad.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, CLG, Muintearas |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Ceadaíodh maoiniú trí bliana i leith Clár na gCluichí Gaelacha don scoilbhliain 2019/20 do Ghaeltacht na Mumhan agus na Gaillimhe;<br>• Ceadaíodh maoiniú trí bliana i leith an chláir aclaíochta átá á riar i nGaeltacht Chonamara;<br>• Agus srianta COVID-19 i bhfeidhm bhí físeáin aclaíochta, peil agus iománaíocht á gcraoladh ag Comhairle Chonnacht agus na Mumhan agus ag Muintearas mar chuid den chlár Aclaíochta. Cuireadh na físeáin seo ar fáil do na scoileanna agus ar na meáin shóisialta. |

| Uimhir 2.21 | **Cuirfear tuilleadh acmhainní ar fáil ar mhaithe le tacú tuilleadh leis an raon seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil d'aos óg na Gaeltachta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Is é Muintearas a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine óga sa Ghaeltacht.<br>• Ceadaíodh allúntas aonuaire €11,000 nó 50% den chostas iomlán d'Údarás na Gaeltachta, i leith beirt oifigigh óige a fhostú i gceantar Ghaoth Dobhair;<br>• Ceadaíodh maoiniú €1.275m d'Ealaín na Gaeltachta Teo. chun clár 3 bliana atá comhaontaithe leis an Roinn<br>• Ceadaíodh allúntas suas le €150,000 do TG4 chun cur ar a gcumas 'Samhlú 2020' a chur ar an aer. Chumasaigh an t-allúntas do TG4:<br>  ○ mionsraith de scannáin (6-10) a chruthú chun daoine a bhfuil buanna na cruthaitheachta acu a cheiliúradh; agus<br>  ○ sraith de stoingí comhpháirtíochta brandáilte Ar-Aer a cruthú chun iad a úsáid i gcomhar le Cláir Ealaíon TG4<br>• €25,000 de allúntas Scéim na gCampaí Samhraidh curtha i dtreo TG4 chun sraith cláir dírithe ar an aos óg a reáchtáil trí mheán na Gaeilge i bhfianaise na géarchéime reatha COVID-19;<br>• €25,000 ceadaithe faoin togra *Fighting Words* i gcomhpháirtíocht le Éire Ildánach. Tuilleadh eolais le fáil ag https://www.fightingwords.ie/about-us |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.22 | **Maidir leis an gClár Tacaíochtaí Pobail & Teanga, leanfar ag cur cúnamh caipitil ar fáil d'eagraíochtaí pobalbhunaithe na Gaeltachta chun cabhrú leo leis na costais a bhaineann le háiseanna pobail a thógáil nó a athchóiriú agus chun trealamh nó troscán a cheannach.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, CEÁ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Féach beart 2.13 thuas.<br><br>Is fiú a lua chomh maith gur ardaíodh an leibhéal uasta cúnamh caipitil atáthar in ann a chur ar fáil faoi Chlár Tacaíochaí Pobail agus Teanga na Roinne do thograí caipitil pobalbhunaithe ar oileáin Ghaeltachta ó 80% go 90%. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.23 | **Ag cur san áireamh an gealltanas atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, féachfar chuige go mbainfear leas as an gClár, chun clár forbartha faoi leith a chur ar siúl ar mhaithe le treisiú tuilleadh a dhéanamh ar an ngréasán d'ionaid a mbaintear úsáid astu chun críche cóiríochta do na coláistí Gaeilge.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuireadh tús i samhradh 2020 le mionphlé le páirtithe leasmhara ar mhaithe le forbairt Ionad Oideachais agus Óige in Indreabhán a bhrú chun cinn. Ina theannta sin curieadh tús in 2019 ar obair ullmhúcháin chun macasamhail d'ionad a fhorbairt ar mhaoin an Údaráis i gceantar Gaoth Dobhair. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.24 | **Bainfear leas cuí as an gClár chun macasamhail de chlár infheistíochta a chur ar bun ar mhaithe le treisiú a dhéanamh ar an ngréasán áiseanna luathbhlianta sa Ghaeltacht. (Tá beart faoi leith luaite leis an ngné seo faoi Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath.)** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CNNG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Thar an tréimhse tuairiscithe Iúil 2019 go Nollaig 2020 ceadaíodh deontais faoi Chlár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga na Roinne i leith 8 dtogra faoinar cuireadh deontas ionann le 95% den chostas inghlactha ar fáil chun cabhrú tuilleadh le fobairt áiseanna luathbhlianta sa Ghaeltacht |

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.25 | **Ar mhaithe le tacú tuilleadh le forbairt na Gaeltachta sa chomhthéacs turasóireachta cultúrtha, bainfear leas as an gClár chun tacú le hÚdarás na Gaeltachta clár infheistíochta a sheachadadh san earnáil seo. (Tá tuilleadh sonraí maidir leis seo faoi Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta.)** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, FÉ, Páirtithe leasmhara áitiúla |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Críochnaíodh an próiseas deartha agus ceadaíodh maoiniú breise i leith Áras Scéalta an Atlantaigh, An Fód Dubh. Lean an tÚdarás ag obair i gcomhar leis an Roinn i dtaobh Plean Gnó do thograí turasóireachta eile i gConamara agus in Árainn. |

## Ginearálta

| | |
|---|---|
| Uimhir 2.26 | **Maidir le soláthar seirbhísí bunchúraim sláinte trí fhoirne bunchúraim, neartófar agus déanfar forbairt ar Fhoireann Seirbhísí Gaeilge FSS, agus tacófar leis na foirne bunchúraim sa Ghaeltacht chun seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht - na ceantair seo ina measc: Gaoth Dobhair, Na Rosa agus Cloich Chionnaola, Co. Dhún na nGall; Conamara agus Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe; agus Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FSS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuireadh gach bainisteoir cuí ar an eolas faoi Phrótacal Earcaíochta FSS sa Ghaeltacht. Déantar monatóireacht rialta ar an ngéilliúlacht.<br><br>I gcomhréir leis an bprótacal earcaíochta sin ceapadh ceathrar le linn na tréimhse tuairiscithe mar seo a leanas:<br>• 1 x Teiripeoir Urlabhra;<br>• 1 x Fisiteiripeoir;<br>• 1 x Teiripeoir Saothair;<br>• 1 x Oibrí in ionad glaonna na gCártaí Leighis.<br>Cuireadh oiliúint teanga ar fáil do Dhochtúir Teaghlaigh nua-cheaptha sa Ghaeltacht.<br><br>**Scéim Scoláireachta FSS**<br>Tá scéim scoláireachta á feidhmiú ag an FSS i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta chun mic léinn Ghaeltachta a mhealladh i dtreo cúrsaí leighis agus réimsí sláinte eile chun freastal ar riachtanais earcaíochta na seirbhísí sláinte amach anseo. Is é seo a leanas an briseadh síos:<br>• 5 x Ábhar dochtúra<br>• 2 x Teiripeoir Teanga<br>• 1 x Teiripeoir Saothair<br>• 1 x Altra<br>• 1 x Poitigéir |

| | |
|---|---|
| | Tá sonraí breise maidir leis na scoláireachtaí seo le fáil faoi Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 2.27** | **Leanfaidh FSS ag soláthar seirbhísí trí Ghaeilge sna saoráidí seo a leanas: Teach Altranais an Fháil Charraigh; Otharlann an Chlocháin Léith; Áras Mhic Dara ar an gCeathrú Rua; Ionad Meabhairshláinte Bhuaile Cheoinín; Áras Rónáin in Árainn agus Ospidéal an Daingin.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FSS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuirtear seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge sna hionaid seo. |



# 3

## Réimse Gnímh

# An teaghlach ag cur na teanga ar aghaidh - idirghabáil go luath

# Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath

## Réamhrá

Tá tábhacht nach beag ag baint le seachadadh na Gaeilge ó ghlúin go glúin. Tá an ceanneagraíocht Glór na nGael, faoi scáth Fhoras na Gaeilge, ar cheann de na heagraíochtaí is mó a oibríonn sa réimse seo taobh amuigh de na ceantair Ghaeltachta. Le linn na tréimhse seo, d'fhorbair Glór na nGael an scéim úr tacaíochta, Teanga Tí, atá dírithe ar phobal na nGaelscoileanna agus é mar aidhm aige tacaíocht a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil a leanaí ag freastal ar Ghaelscoileanna i bpobail ar fud na tíre. Mar chuid den scéim seo, tá lárstóras eolais ar fáil ón suíomh idirlín úr www.teangati.ie a sholáthraíonn comhairle agus tacaíochtaí do theaghlaigh. Tá treoirleabhar úr, 'Teanga Tí. Ag Labhairt Gaeilge sa Bhaile', foilsithe le déanaí agus ar fáil le híoslódáil anseo.

## Céimeanna atá glactha chun tacú le soláthar na Gaeilge i seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim

Tuigeann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) go maith an luach a bhaineann le soláthar seirbhísí i nGaeilge do leanaí óga agus ar an ról is féidir a bheith ag réamhscoileanna agus naíolanna i gcur chun cinn na Gaeilge mar theanga bheo.

Tháinig méadú suntasach ar an méid infheistíochta i seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim (LFC) le blianta beaga anuas. Tá maoiniú breise dírithe ar inacmhainneacht a fheabhsú do thuismitheoirí, ar chaighdeán soláthar seirbhíse a fheabhsú agus ar chuimsiú páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu a thacú. Tá na tacaíochtaí seo ar fáil do sheirbhísí luathfhoghlama agus cúraim trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

Déanann RLCMLÓ gach iarracht seirbhísí a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a thacú agus a éascú. Tá clár maoinithe Luathfhoghlama agus Chúram Leanaí ar Aois Scoile na Roinne ar fáil chun tacú leis na seirbhísí seo.

Agus an tír ag dul i ngleic le héigeandáil COVID-19, lean an RLCMLÓ le plé a dhéanamh leis na heagraíochtaí Gaeilge chun a chinntiú gur forbraíodh acmhainní tábhachtacha trí mheán na Gaeilge mar fhreagra ar an ngéarchéim.

I bhfianaise an mhéid a chabhraíonn soláthar oideachas luathbhlianta le cur chun cinn na Gaeilge, tá an RLCMLÓ fós tiomanta do thacú le seirbhísí a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus tá plé fós ar siúl ag an Roinn le páirtithe leasmhara maidir leis seo. Cuirtear an iliomad tacaíochtaí ar fáil do sheirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim (LFC) agus naíonraí uile, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht araon. Leagtar samplaí de thacaíochtaí sonracha na Roinne maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge amach thíos.

## Seirbhís Forbartha Caighdeáin Tús Níos Fearr

Tionscnamh náisiúnta is ea an tSeirbhís Forbartha Caighdeáin Tús Níos Fearr a bhunaigh an RLCMLÓ chun cur chuige comhtháite náisiúnta a thabhairt isteach i bhforbairt chaighdeáin san LFC. Tá 12 speisialtóirí ar fhoireann Tús Níos Fearr faoi láthair atá in ann oibriú trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacs a ról. Dhéanfadh thart ar seisear de na baill foirne seo cur síos orthu féin mar an-chumasach nó mar dhátheangach.

Tá triúr baill foirne de chuid Tús Níos Fearr ag obair sa Roinn Oideachais i nGrúpa Oibre Thionascadal Píolótach Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (Gaeilge). Chuir an Roinn Oideachais tús leis an tionscadal píolótach trí bliana in 2019 bunaithe ar chur chuige Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga i suíomhanna éagsúla luathbhlianta, bunscoile, agus iar-bhunscoile.

## Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh

Seoladh *An Chéad Chúig Bliana:* *Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh* ar an 5 Samhain 2018 agus tá sé ar fáil as Gaeilge agus as Béarla araon. Laistigh de Stráitéis na Chéad Chúig Bliana, tá dhá ghníomh ábhartha a dhíríonn go sonrach ar fhorbairt na Gaeilge laistigh den earnáil LFC. Seo a leanas iad:

1. Bearta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil fáil ag páistí i gceantair Ghaeltachta ar sheirbhísí LFC trí mheán na Gaeilge. Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gceannas ar an ngníomh seo.

2. Córais a fhorbairt chun tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil do sheirbhísí LFC in áiteanna a bhfuil líon ard páistí atá ag foghlaim trí mheán na Gaeilge. Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gceannas ar an ngníomh seo. Baineann ceann de na príomhspriocanna maidir leis an ngníomh seo le rochtain a thabhairt don earnáil LFC Gaeilge ar shraith méadaithe tacaíochtaí agus acmhainní comhordaithe faoi 2021. Le linn 2020 d'oibrigh an Roinn le heagraíochtaí Gaeilge chun comhordú tacaíochtaí COVID-19 a chinntiú san LFC agus chúram leanaí ar aois scoile agus chinntigh an Roinn go raibh acmhainní tábhachtacha ar fáil sa Ghaeilge.

## Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Is príomhghníomh i bPolasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 é soláthar oideachais na luathbhlianta a neartú agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do shuíomhanna luathbhlianta sa Ghaeltacht a chomhdhlúthú.

Ceann de na gníomhartha tábhachtacha a chuirtear in iúl sa Pholasaí ná líon na naíonraí a oibríonn trí mheán na Gaeilge a mhéadú faoi choimirce Chomhar Naíonraí na Gaeltachta.

Cé go bhfuil maoirseacht á déanamh ag Rannán Oideachas na Gaeltachta ar chur i bhfeidhm réimse gníomhartha sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, luathbhlianta san áireamh, is ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ar Údarás na Gaeltachta agus ar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige atá an fhreagracht go príomha maidir le cur i bhfeidhm gníomhartha chun soláthar oideachas luathbhlianta trí mheán na Gaeilge a neartú.

Áirítear leis an tairiscint reatha Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) sa Ghaeilge, atá maoinithe ag an RLCMLÓ, oiliúint cosanta leanaí agus oiliúint san éagsúlacht. Cuireann Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) clár Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉI) an Rialtais ar fáil trí mheán na Gaeilge mar aon le bunoiliúint Tús Áite do Leanaí mar chuid de phlean náisiúnta forfheidhmithe LFC Tús Áite do Leanaí.

Chuir TUSLA leagan Gaeilge den mhodúl eFhoghlaim Thús Áite do Leanaí ar fáil. Tá acmhainní a bhaineann leis an gcuraclam luathbhlianta, Treoir Chleachtais Aistear-Síolta, ar fáil as Gaeilge ar shuíomh idirlín na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Tá forbairt fós á déanamh ar an bPlean Forbartha Fórsa Saothair earnáil na luathfhoghlama agus an luathchúraim agus chúram leanaí ar aois scoile. Cuireadh tús le comhairliúchán cuimsitheach poiblí i ndara leath na bliana 2020. Bhí glaoch ar aighneachtaí/suirbhé (a bhí ar fáil do dhuine ar bith), seimineáir ghréasáin agus sraith seisiúin chomhrá ar líne trí Zoom san áireamh sa chomhairliúchán seo.

Tá cigireacht á déanamh ag foireann cigireachta na Roinne Oideachais, ó cuireadh ar bun í in 2016, chun tacú le gníomh tábhachtach eile sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta – chun soláthar seirbhísí cigireachta trí mheán na Gaeilge a mhéadú i naíonraí.

## Tacaíochtaí atá á maoiniú ag an RTCEGSM do theaghlaigh Ghaeltachta chun tacú tuilleadh le cur i bhfeidhm an Phróisis Pleanála Teanga

Tá maoiniú 3 bliana do thréimhse 2018 go 2020 ceadaithe ag RTCEGSM don eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta. Tá an eagraíocht ag baint leas as an maoiniú sin chun leathnú a dhéanamh ar an raon tacaíochtaí a sholáthraíonn siad do theaghlaigh atá ag tógáil a gcuid leanaí trí Ghaeilge nó ar mian leo sin a dhéanamh. Tá Tuismitheoirí na Gaeltachta gníomhach chun an plean oibre seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- 6 phost a chruthú chun an clár tacaíochta a sholáthar sna limistéir pleanála teanga ábhartha Gaeltachta;
- an tseirbhís i nGaeltacht na Gaillimhe agus Thír Chonaill a fhorbairt tuilleadh agus freastal a dhéanamh ar an éileamh i gceantair Ghaeltachta eile; agus

San áireamh san allúntas thuasluaite tá maoiniú á chur ar fáil i leith an Phacáiste Tacaíochta Teaghlaigh, a bunaíodh in 2012 agus a bhfuil an fhreagracht maidir lena riar aistrithe ó RTCEGSM chuig Tuismitheoirí na Gaeltachta ó thús 2019. Beidh forbairt á déanamh ar an bpacáiste sin de réir a chéile.

Ina theannta sin, cuireann CNNG raon leathan tacaíochtaí ar fáil do sheirbhísí luathbhlianta na Gaeltachta. Ceadaíodh maoiniú 3 bliana in 2018 thar an tréimhse 2018/19 – 2020/21 chun leathnú a dhéanamh ar a gcuid tacaíochtaí, mar a léirítear thíos:

- 4 oifigeach cúnta breise a fhostú;
- 20 seirbhís bhreise a ghlacadh ar lámh thar saolré an phlean oibre;
- riaradh a dhéanamh ar an Scéim Seirbhísí Réamhscoile agus Iarscoile (SSRI) thar ceann na Roinne;
- tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do sheirbhísí a bhíonn ag feidhmiú trí Bhéarla chun úsáid na Gaeilge a spreagadh ina seirbhísí agus é seo a mhéadú;
- feasacht a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh le 2,500 tuismitheoir; agus
- treoir a chur ar fáil do naíonraí agus nasc a chothú leis na bunscoileanna Gaeltachta.

Ní áirítear sa mhéid seo an infheistíocht atá á déanamh ag Údarás na Gaeltachta i CNNG ar bhonn leanúnach ar leas an luathoideachais sa Ghaeltacht.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | **1** | 1 | | |
| 2018-2019 | **1** | | 1 | |
| 2018-2022 | **9** | 1 | 8 | |
| 2019 | **1** | | | 1 |
| 2019-2020 | **1** | | 1 | |
| 2019-2022 | **1** | | 1 | |
| IOMLÁN | **14** | **2** | **11** | **1** |

# Réimse Gnímh 3: An Teaghlach ag Cur na Teanga Ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath

## An Teaghlach ag Cur na Teanga Ar Aghaidh

| | |
|---|---|
| Uimhir 3.1 | **Chun breis tacaíochta a thabhairt do theaghlaigh i gceantair Ghaeltachta a bhfuil a leanaí á dtógáil le Gaeilge acu nó ar mian leo a dhéanamh amhlaidh, is í Tuismitheoirí na Gaeltachta an eagraíocht a mbeidh acmhainní suntasacha á dtabhairt di agus a mbeidh an cúram á leagan uirthi forbairt agus soláthar a dhéanamh ar réimsí tacaíochtaí cuí agus praiticiúla ag leibhéal an phobail ar fud na gceantar Gaeltachta.**<br><br>**Leis an bpacáiste maoinithe atáthar a sholáthar, beidh sé ar chumas na heagraíochta seisear ball foirne riaracháin a cheapadh laistigh den eagraíocht a dhéanfaidh maoirseacht ar fhorbairt agus ar fheidhmiú tacar beart aontaithe ar fud na gceantar Gaeltachta.**<br><br>**Déanfar na tacaíochtaí seo a sheachadadh i gcomhthéacs foriomlán breis tacaíochta a thabhairt don phróiseas pleanála teanga agus don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.**<br><br>**Leagfar cúram ar an eagraíocht chomh maith tuilleadh forbartha agus scaipeadh leanúnach a dhéanamh, thar ceann an RTCEGSM, ar phacáiste tacaíochta teanga (a thug an RTCEGSM isteach den chéad uair in 2012), chomh maith le hábhar eile bolscaireachta agus feasachta mar thacaíocht do theaghlaigh óga Ghaeltachta a bhfuil a leanaí á dtógáil le Gaeilge, nó ar mian leo sin a dhéanamh. Tabharfar faoi seo i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla de réir mar is cuí.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, TnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Bhain Tuismitheoirí na Gaeltachta an sprioc de seisear ball foirne a fhostú faoi dheireadh Nollaig 2020. Ceannasaí, 4 x Oifigeach Forbartha (2 x Connacht/Laighean, 1 x Cúige Mumhan agus 1 x Dún na nGall) agus Riarthóir Oifige.<br><br>Tá an plean trí bliana a bhí aontaithe ag TnaG leis an Roinn curtha i gcrích. Bhí béim mhór ar imeachtaí agus ócáidí sóisialta sa phlean trí bliana agus bunaithe ar an méid seo, cuireadh réimse leathan seirbhísí ar fáil dírithe ar ghréasáin agus líonraí a chruthú. |

| | |
|---|---|
| | Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí 1,618 teaghlach Gaeltachta ar bhunachar TnaG agus teagmháil rialta ag an eagraíocht leo. As an méid sin bhí 528 teaghlach ag glacadh páirt gníomhach rialta in imeachtaí, ócáidí agus scéimeanna na heagraíochta i 2019 agus 586 teaghlach i 2020. Sa bhreis ar na teaghlaigh ghníomhacha seo bhain 2,163 páiste/duine óg leas as scéimeanna, ranganna agus tograí eile TnaG i 2019 agus 2,725 i 2020.<br><br>Bhí tionchar nach beag ag srianta COVID ar obair TnaG in 2020. Mar sin féin, d'éirigh leis an eagraíocht seirbhísí a chur ar fáil do theaghlaigh agus cur leis an líon teaghlaigh a raibh freastal á dhéanamh orthu. D'éirigh le TnaG 5 olltogra náisiúnta idirghníomhach ar líne agus 282 gníomhaíocht ar líne a chur ar fáil i 2020 amháin.<br><br>I measc na n-imeachtaí is mó atá curtha ar fáil ag TnaG tá: Siamsán na nÓg (ócáidí siamsaíochta don teaghlach. Cuireadh os cionn 60 imeacht den saghas seo ar fáil i 2020 amháin), Gligíní (grúpaí spraoi do thuismitheoirí agus leanaí óga), Suathaireacht (cúrsa suathaireachta do thuismitheoirí agus naíonáin), An Cinema Gaelach (scannáin i nGaeilge á dtaispeáint i láthair a dhéanann aithris ar Cinema) agus imeachtaí eile nach iad. Cuireann TnaG ranganna ar fáil sa cheol, amhránaíocht agus damhsa dúchasach (i gcomhpháirtíocht le Ealaín na Gaeltachta), ranganna ceoil nua-aimseartha agus ranganna drámaíochta ar fáil, chomh maith. Tá Amharclann na nÓg, compántas drámaíochta don óige curtha ar bun ag an eagraíocht.<br><br>Ar chuid d'imeachtaí TnaG a cuireadh ar bun don chéad uair agus a bhfuil forbairt ar leith déanta orthu i dtréimhse na tuarascála seo tá:<br>• <u>Slán leis an mBunscoil - o</u>lltógra a thugann cuireadh do dhaltaí Rang a Sé i Scoileanna Gaeltachta a gcuid smaointe faoin dianghlasáil a chur in iúl féachaint le dul i ngleic le tréimhse chinniúnach ina saol ar bhealach éagsúil agus faoi mar ar tháinig deireadh tobann gan choinne lena dtréimhse sa bunscoil.<br>• <u>Teacht in Inmhe</u> (i gcomhar le Teacht Aniar): Tá forbairt á dhéanamh ar chlár cinnireachta Gaeltachta do dhaltaí san idirbhliain i scoileanna Gaeltachta agus creatlach de chlár curtha le chéile bunaithe ar obair laistigh agus lasmuigh den scoil.<br>• <u>Olltograí Náisiúnta leis na hOifigh Phleanála Teanga: </u>Tá TnaG ag comhoibriú leis na hOifigigh Pleanála Teanga ar bhonn náisiúnta le comhairle, cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil agus le tograí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a fhorbairt agus a chur ar bun. Cuireadh Maratón na dTeaghlach agus Tóraíocht Taisce ar bun i 2020. |

| | |
|---|---|
| | • <u>Litríocht don Óige i nGaeilge:</u> Cuireadh réimse faoi leith tograí agus imeachtaí ar siúl bunaithe ar an litríocht i nGaeilge do dhaoine óga, ina measc An Scéim Léitheoireachta do Scoileanna, Seisiúin Scéalaíochta, Ócáidí Liteartha do dhéagóirí i Leabharlann TnaG, Scéim Léirmheastóireachta, An Pota Stóir agus Litir chuig Santaí<br>• <u>Táirgí agus áiseanna do theaghlaigh:</u> Tá réimse táirgí agus áiseanna do theaghlaigh curtha agus á gcur ar fáil ag TnaG le normalú a dhéanamh ar an teanga agus béim faoi leith ar leaganacha canúnacha.<br><br>Tá forbairt déanta ag TnaG ar an bPacáiste Tacaíochta Teaghlaigh agus is féidir an pacáiste a fháil i do rogha chanúint anois (nó meascán de chanúintí). Tá áiseanna eile curtha sa phacáiste a thugann tacaíocht le foclóir, cén chaoi le teacht ar áiseanna teaghlaigh i nGaeilge agus faoi cheisteanna a bhaineann le tógáil clainne le Gaeilge. Is pacáiste aonuaire é seo atá ar fáil do theaghlaigh atá ina gcónaí ar oileán na hÉireann agus a bhfuil páiste amháin ar a laghad faoi bhun 5 bhliana acu. Scaipeadh 1,163 PTT i 2019 (228 dóibh sin sa Ghaeltacht). Scaipeadh 2,207 PTT i 2020 (339 dóibh sin sa Ghaeltacht).<br><br>Tá cáipéis taighde ar Líon agus Lonnaíocht na dTeaghlach arb í an Ghaeilge a dTeanga nó a gComhtheanga Baile Laistigh de na Limistéir Ghaeltachta curtha i gcrích agus socraithe á ndéanamh é a fhoilsiú i 2021. Meitheal Taighde ó Choláiste Mhuire Gan Smál a roghnaíodh i ndiaidh próiséas cuireadh chun tairisceana le tabhairt faoin obair. Tá an chéad dréacht de cháipéis taighde eile ar Mháithris (Motherese) sa Ghaeltacht curtha ar fáil ag Sealbhú atá lonnaithe in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Claith (a roghnaíodh mar thoradh ar chuireadh chun tairisceana) agus súil an taighde, mar aon le hachmhainní tacaíochta a bhaineann leis, le seoladh i 2021. |

| Uimhir 3.2 | **Tacófar le teaghlaigh sa Ghaeltacht atá ag tógáil clainne le Gaeilge trí thacaíocht a chur ar fáil ag leibhéal réamhscolaíochta agus óige. Déanfar plean a fhorbairt agus a mhaoiniú le seirbhísí agus acmhainní tacaíochta a sholáthar do lánúineacha óga/tuismitheoirí nua dírithe ar sheachadadh idirghlúine na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG, CNNG, TnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | ÚnaG: Mar a bhaineann sé le **Comhar Naíonraí na Gaeltachta** (CNNG), féach gníomh 2.11 ó taobh dul chun cinn ar an ngníomh seo. |

| | |
|---|---|
| | Mar atá luaite i mbeart 3.1, leanann **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ag cur gníomhaíochtaí ar fáil do theaghlaigh Gaeltachta, chomh maith le forbairt s dhéanamh ar an bPacáiste Teanga agus é a dháileadh amach.<br><br>Cuireann ÚnaG ábhar atá forbartha aige agus atá dírithe ar thacaíochta a chuir ar fáil do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge ar fáil do TnaG le dáileadh ina phacáiste tacaíochta. |

| Uimhir 3.3 | **Leanfaidh FSS le tacaíocht a thabhairt, agus éascú a dhéanamh ar scaipeadh eolas feasachta teanga trí sheirbhísí cuí réamhbhreithe máithreachais a bhfuil ceantair Ghaeltachta ina gceantair feidhme.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | FSS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Scaipeadh bileoga eolais na RTCEGSM i rannóga máithreachais in otharlanna. Cuireadh bileoga eolais ar fáil do na hospidéil seo a leanas:<br>• Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh;<br>• Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo agus<br>• Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn.<br><br>Seoladh bileoga chuig ionaid mháithreachais i gCo. Chiarraí, Chorcaí agus i bPort Láirge freisin. Tá bileoga á scaipeadh in Ionaid Mháithreachais i dTrá Lí agus i nDaingean Uí Chúis i gCo. Chiarraí chomh maith. |

| Uimhir 3.4 | **Cuirfear ciste ar fáil chun spreagadh agus tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh chun an Ghaeilge a labhairt níos minice sa bhaile. Beidh an ciste seo dírithe ar theaghlaigh ina bhfuil páistí ag freastal ar oideachas lán-Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG, GnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Chuir FnaG deontas ar fáil do Chumann an Phiarsaigh le haghaidh scolaireachtaí do theaghlaigh do shamhradh 2020 ach cuireadh an cúrsa ar ceal de bharr COVID-19. |

| Uimhir 3.5 | **Leanfar le hobair Ghlór na nGael chun tacú le clanna atá á dtógáil le Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG, ÚnaG, GnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuimsítear tacaíocht theoranta don réimse seo laistigh de chlár oibre bliantúil Ghlór na nGael, agus baineadh amach an sprioc i leith líon na n-imeachtaí teaghlaigh a bhí beartaithe idir Iúil 2019 go Nollaig 2020. Bhí 325 gníomh timireachta i réimse an teaghlaigh, idir ghrúpaí Teanga Tí, grúpaí súgartha, deirí seachtaine do theaghlaigh, saoirí Gaeltachta do theaghlaigh le Gaeilge, agus ag an phuball Gaeilge ag an Picnic Leictreach.<br><br>• Seoladh 26 Nuachtlitir chuig bunachar sonraí de 1,412 teaghlaigh. Foilsíodh leabhar dea-chleachtais do ghrúpaí súgartha. Foilsíodh leabhar siamsaíochta do pháistí agus eagraíodh 2 cheardlann tógáil clainne le Gaeilge.<br>• Seoladh suíomh nua do thuistí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge agus daoine eile gur spéis leo an t-ábhar. Tugtar www.teangati.ie air agus tá sé beo ó Lúnasa 2020. |

| Uimhir 3.6 | **Tacófar leis an scéim phíolótach Teanga Tí atá á riar ag Glór na nGael faoi láthair agus tacaíocht á cur ar fáil do theaghlaigh le labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc theaghlaigh an scoilphobail.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG, GnaG, GO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Seoladh suíomh gréasáin www.teangati.ie lán le comhairle agus acmhainní. Cláraíodh 32 ghrúpa Teanga Tí sa phobal. Cláraíodh 27 ngrúpa Teanga Tí bhreise i scoilphobail timpeall na tíre. Eagríodh 29 n-imeacht séasúrach do ghrúpaí Teanga Tí ar fud na tíre.<br><br>In áit na n-imeachtaí fisiciúla le linn na dianghlasala in 2020, léiríodh agus craoladh 194 imeacht ar líne idir cheardaíocht, chócaireacht, scéalaíocht agus aclaíocht. Craoladh 16 thráth na gceist agus 15 chluiche biongó ar Facebook. Reáchtáladh sraith cainteanna (Glór an Fhómhair) a rinne plé ar dhúshláin a bhaineann le bheith mar bhall de theaghach, ina measc, meabhar shláinte, slainte fisiciúil, dea-chleachtais chomhshaoil.<br><br>Roimh theacht COVID-19, agus le linn Samhradh 2020, bhí ar chumas na heagraíochta roinnt ócáidí a eagrú, mar shampla;<br>• Ceardlanna Tógail Clainne le Gaeilge sna contaetha seo a leanas: Cill Dara, Dún na nGall agus Co. an Dúin;<br>• Deirí seachchtainí as baile do theaghlaigh;<br>• Seachtain saoire i nGaeltacht Chorca Dhuibhne agus freastal 115 duine<br>• Ócáidí aon uaire áitiúla. |

| Uimhir 3.7 | **Tabharfar san áireamh riachtanais tuismitheoirí, atá ag tógáil clainne le Gaeilge, sa soláthar eolais agus tacaíochtaí do thuismitheoirí maidir le cúram leanaí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RLCMLÓ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Le linn dhúnadh seirbhísí luathfhoghlama agus luathchúraim a bhain le COVID-19, chuir RLCMLÓ acmhainní suntasacha ar fáil ar líne do thuismitheoirí, soláthróirí seirbhísí LFC agus seirbhisí chúram leanaí ar aois scoile, agus feighlithe leanaí.<br><br>Bhí ábhar ar fáil as Béarla agus as Gaeilge araon, le tacú le tuismitheoirí chun an curaclam luathbhlianta a sholáthar dá bpáistí sa bhaile. Is acmhainn thábhachtach é suíomh gréasáin na Chéad Chúig Bliana do chleachtóirí.<br><br>Tá gníomhaíochtaí molta do leanaí agus do pháistí óga sa bhaile ar an suíomh. Tá eolas ar an suíomh idirlín maidir le ceithre théama 'Aistear', Creatlach Churaclam na Luathóige. Is iad folláine, iniúchadh agus smaoineamh, féiniúlacht agus muintearas, agus cumarsáid na téamaí seo, agus déantar cur síos ar an suíomh idirlín ar na bealaí a bhféadfaí na téamaí seo a úsáid sa bhaile.<br><br>Tá an t-eolas úsáideach seo, i measc acmhainní eile, ar fáil sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon.<br><br>Déanann an Roinn gach iarracht seirbhísí a oibríonn trí mheán na Gaeilge a thacú agus a éascú, agus cinntíonn an Roinn gur féidir le tuismitheoirí úsáid a bhaint as leaganacha Gaeilge de na córais chláraithe ar líne do scéimeanna a mhaoiníonn an Roinn. Cuirtear leagan Gaeilge de phríomhfhoilseacháin, ar nós efheasachán míosúil na luathbhlianta ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne. |

## Soláthar Luathbhlianta Gaeilge

| Uimhir 3.8 | **Cruthófar dhá phost Gaeilge i réimse na Luathbhlianta laistigh den Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an soláthar Gaeilge in earnáil na luathbhlianta i gceantair taobh amuigh den Ghaeltacht. Mar chuid de seo, forbrófar plean cuimsitheach don earnáil.**<br>• **Beidh Speisialtóir Luathbhlianta amháin freagrach as comhordú a dhéanamh ar an obair ar mhaithe le tacú le forbairt an oideachais trí mheán na Gaeilge i naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht**<br>• **Beidh an Speisialtóir Luathbhlianta eile ag déanamh meantóireachta agus ag cur comhairle ar naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht i gcomhthéacs na Seirbhíse Forbartha agus Tacaíochta Caighdeáin Tús Níos Fearr agus beidh an té sin i mbun teagmhála le Gaeloideachas i ndáil le tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Moill Leis |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RLCMLÓ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá cruthú dhá phost luathbhlianta Gaeilge i measc gníomhartha aontaithe na Roinne. Beidh an duine a fhaigheann ceann amháin de na poist seo freagrach as comhordú fhorbairt soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge san earnáil luathbhlianta i gceantair taobh amuigh den Ghaeltacht, agus beidh an duine a fhaigheann an post eile freagrach as naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht a chomhairliú i gcomhthéacs Sheirbhís Forbartha Caighdeáin agus Tacaíochta Tús Níos Fearr. Bhí moill dhosheachanta ar an bpróiseas earcaíochta mar gheall ar phaindéim COVID-19. |

| Uimhir 3.9 | **Bunófar bonnlíne tacaíochtaí, seirbhísí agus acmhainní a bheidh ar fáil do naíonraí agus a mbeifear in ann tógáil orthu chun straitéis a fhorbairt ar mhaithe le polasaithe, oiliúint, agus ábhar cuí eile a bhaineann leis sin a chur ar fáil trí Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RLCMLÓ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Thosaigh an RLCMLÓ i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ag obair ar thionscnamh do mhála leabhar do gach Seirbhís Luathfhoghlama agus Luathchúraim, leabhar Gaeilge san áireamh. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 3.10 | **Bunófar Grúpa Stiúrtha Náisiúnta, ar a mbeidh ionadaithe ó Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha, chomh maith leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Gaeloideachas, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean chuimsithigh in éineacht leis na príomhghníomhaíochtaí eile a shonraítear sa Phlean Gníomhaíochta i ndáil leis an earnáil seo. Oibreoidh an Grúpa Stiúrtha leis na comhordaitheoirí laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RLCMLÓ, RO, ÚnaG, FnaG, CNNG, GO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | **Gaeloideachas**<br>Ní raibh aon chruinniú le linn na tréimshe seo. Rinne Gaeloidechas a gcuid taighde bonnlíne a roinnt leis an gcoiste agus le Comhar Naíonraí na Gaeltachta mar ullmhúchán d'obair an ghrúpa.<br><br>**RLCMLÓ**<br>Is mór an trua go raibh moill ar theacht le chéile an Ghrúpa Maoirseachta seo, agus bhí tionchar suntasach ar an bpaindéim air seo. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 3.11 | **Cuirfear maoiniú breise ar leith ar fáil do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta chun tacú leis na bearta seo a leanas i gceantair Ghaeltachta:**<br>• **dhá phost bhreise chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt na seirbhísí a sholáthraítear agus chun méadú a dhéanamh ar líon na leanaí agus na dteaghlach a bhaineann leas as na seirbhísí réamhscoile atá ag feidhmiú faoi choimirce na heagraíochta**<br>• **éascú a dhéanamh ar fhorbairt bearta tacaíochta teanga do sholáthraithe luathbhlianta trí mheán an Bhéarla ar mian leo leas a bhaint as na tacaíochtaí sin**<br>• **riar a dhéanamh thar ceann an RTCEGSM ar an Scéim Seirbhísí Réamhscoile agus Iarscoile (SSRI) trína soláthraítear maoiniú do sheirbhísí réamhscoile incháilithe mar thacaíocht don soláthar deiseanna breise sealbhaithe agus saibhrithe teanga d'úsáideoirí na seirbhíse.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CNNG |

| | |
|---|---|
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Le linn na scoilbhliana 2019/2020 bhí 1,896 páiste ag freastal ar 115 seirbhís luathbhlianta atá faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, sin ardú de 17 seirbhís bhreise ón bhliain roimhe agus ardú de 396 páiste. Faoin chlár maoinithe atá ar fáil bhí CNNG ag soláthar an scéim SSRI do 11 seirbhís sa Ghaeltacht. Bhí comhairle á chuir ar fáil ag CNNG do 32 seisiún/seirbhísí a bhíonn ag feidhmiú don mhórchuid trí Bhéarla sa Ghaeltacht don scoil bhliain 2019/2020, i 23 ionad ina bhfuil freastal á dhéanamh ar c.500 páiste ina iomláine, chun úsáid na Gaeilge a spreagadh sna seirbhísí sin (níl na figiúirí sin san áireamh san fhigiúir thuas mar nach bhfuil na seirbhísí sin faoi chúram CNNG).<br><br>Tá an cur chuige dírithe ar thuismitheoirí, páistí, agus foireann na seirbhísí a spreagadh le Gaeilge a fhorbairt sa tseirbhís agus sa bhaile. Cuirtear pacáiste eolais ar fáil do na tuismitheoirí gach bliain. Mar chuid den mhaoiniú atá curtha ar fáil ag An Roinn, tá ábhar feasachta maidir leis an dátheangachas á fhorbairt ag CNNG don earnáil. Cuirtear ábhar feasachta clóite ar fáil do thuismitheoirí agus cuirtear cóip de cheachtanna na bpáistí ar fáil dóibh chomh maith. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 3.12** | **Chun tacú níos fearr leis an soláthar luathbhlianta trí mheán na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta, déanfar an leibhéal uasta maoinithe caipitil atáthar a sholáthar do thograí luathbhlianta faoi Chlár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga na Roinne a mhéadú ó 80% go 95% de na costais iomlána incháilithe.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Maoiniú ag ráta méadaithe 95% curtha ar fáil do 10 sheirbhís luathbhlianta sa Ghaeltacht thar an tréimhse ó cuireadh i bhfeidhm é (den líon iomlán tograí sin ceadaíodh 7 díobh sa tréimhse tuairiscithe). |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 3.13** | **Cuirfear tacaíocht ar fáil don réimse luathoideachais i leith oiliúint agus forbairt ghairmiúil na gcleachtóirí sa réimse cúraim leanaí trí:**<br>• **leanúint leis an tacaíocht atá á soláthar do na seirbhísí le cumasú agus forbairt scileanna na foirne a chur chun cinn**<br>• **na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le cúrsaí oiliúna i gcúram leanaí ag leibhéil 5 go dtí 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a sholáthar trí Ghaeilge le go mbeidh teacht ag cleachtóirí luathbhlianta ar dheis oiliúna sholúbtha ar ardchaighdeán mar atá trí Bhéarla**<br>• **mhodúil i sealbhú agus saibhriú teanga a fhorbairt agus a chur chun cinn sna seirbhísí luathoideachais.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |

| | |
|---|---|
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Trí scéim tacaíochta oiliúna don réimse luathoideachais átá á tairiscint ag ÚnaG d'fhostaithe sna seirbhísí luathoideachais sa Ghaeltacht. Tá tacaíocht anois faighte ag 30 rannpháirtí le freastal a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna sa réimse oideachais ag leibhéal 6 - 8. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 3.14** | **Trí mhaoiniú Fhoras na Gaeilge, cuirfidh Gaeloideachas:**<br>• **seirbhís chuimsitheach agus údarásach eolais agus tacaíochta ar fáil don mhór-phobal agus do phobal na naíonraí agus na scoileanna maidir leis an gcóras tumoideachais ina iomláine (lasmuigh den Ghaeltacht)**<br>• **tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí chun go mbeidh teacht acu ar sholáthar tumoideachais dá bpáistí ag gach céim dá n-oideachas trí chur chuige comhleanúnach a chinntiú i leith bunú soláthair tumoideachais ón réamhscolaíocht go dtí an bhunscolaíocht, agus ón mbunscolaíocht go dtí an iar-bhunscolaíocht (lasmuigh den Ghaeltacht).** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, GO |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Chuir Gaeloideachas na nithe seo a leanas i gcrích le linn na tréimshe tuairiscithe:<br>• Seirbhís údárasach eolais tugtha faoin tumoideachas agus na saincheisteanna uile lena mbaineann.<br>• Ábhar bolscaireachta agus margaíochta mar aon le hacmhainní agus uirlisí forbartha curtha ar fáil go forleathan maidir leis an tumoideachas agus na seirbhísí tacaíochta ó Ghaeloideachas ina leith.<br>• Seimineáir, ceardlanna, ócáidí comhairliúcháin curtha ar fáil do phobal na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.<br>• Tionól Forbartha náisiúnta curtha sa tsiúl, i bpáirt le COGG.<br>• Abchóideacht agus stocaireacht déanta ar raon leathan saincheisteanana chun a chinntiú go bhfuil riachtanais na hearnála agus cearta na bpáistí san áireamh i bhforbairt polasaithe, ceapadh beartais agus forbairt acmhainní don earnáil.<br>• Ardú feasachta, abhcóideacht agus tacaíocht curtha ar fáil do scoileanna agus do theaghlaigh le páistí le riachtanais bhreise sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Sraith nua acmhainní forbartha i bpáirt le heagraíochtaí tacaíochta eile.<br>• Abhcóideacht ar riachtanais na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht ag na fóraim náisiúnta. |

| | |
|---|---|
| | • Abhcóideacht agus tionchar maidir leis na próisis bunaithe scoile ag an dá leibhéal agus cumas na gcóras reatha freastal go cuí orthu siúd a bhfuil oideachas lán-Ghaeilge uathu.<br>• Córas malartach bunaithe scoile curtha i bhfeidhm ag an mbunleibhéal, ag eascairt as imscrúdú an Choimisinéara Teanga agus cúnamh Ghaeloideachas.<br>• Cúnamh agus tacaíocht tugtha do bhunú bunscoileanna, iarbhunscoileanna agus naíonraí. Comhairle curtha ar bhunscoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla faoi conas tiontú ina nGaelscoileanna.<br>• Polasaí agus córas molta maidir le feidhmiú Aonaid reatha, agus maidir le plean forbartha na nAonad reatha.<br>• Dul chun cinn déanta maidir le dul i bhfeidhm ar an Roinn Oideachais agus an córas polaitiúil maidir le Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge a fhorbairt.<br>• Ballgníomhach de Choiste Comhairleach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.<br>• Ball gníomhach den Choiste Stiúrtha um Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga.<br>• Seirbhís eolais, tacaíochta agus seimineáir curtha ar fáil do thuismitheoirí na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.<br>• Scéimeanna, tionscadail agus tograí curtha sa tsiúl chun leas na scoileanna, naíonraí agus a gcuid pobal.<br>• Acmhainní agus tacaíochtaí do naíonraí, scoileanna agus tuismitheoirí forbartha le cabhrú leo an chianfhoghlaim a chur i bhfeidhm le linn na paindéime.<br>• Fóraim curtha ar fáil do spriocghrúpa éagsúla chun saincheisteanna a phlé agus cleachtais a chomhroinnt: grúpaí do mhúinteoirí naíonra, mhúinteoirí bunscoile agus teaghlaigh á mbainistiú.<br>• Seirbhís nuachta tríd an suíomh agus trí nuachtlitreacha rialta ar sainghrúpaí faoi leith, mar aon le roinnt nuachtlitreacha speisialta ar shainteamaí.<br>• D'fhorbair Gaeloideachas uirlis do scoileanna Gaeltachta agus lasmuigh den Ghaeltacht, Beatha Teanga, chun cabhrú leo an teanga a chur chun cinn mar theanga cumarsáide, spraoi agus sóisialaithe. Tá sé forbartha ina acmhainn chlóite agus idirghníomhach ar an suíomh greásáin.<br>• Rannpháirteach sa choiste oibre a bhain le forbairt *Cúla4 ar scoil*. |



# 4

## Réimse Gnímh

# Riarachán, seirbhísí agus pobal

# Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal

## Réamhrá

Nuair a seoladh an Plean Gníomhaíochta in 2018, dúradh go ndéanfar iarracht caighdeán sheirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú sna cúig bliana amach romhainn de bhun:

- Córas na gcaighdeán a chur i bhfeidhm;
- Níos mó daoine le Gaeilge a earcú don státchóras;
- Oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil d'fhostaithe Stáit;
- Lárionaid Ghaeilge a fhorbairt ar fud na tíre; agus
- Tacú le grúpaí pobail atá ag cur na teanga chun cinn.

## Scéimeanna Teanga agus Córas na gCaighdéan

Mar a luadh roimhe seo, aithnítear nach bhfuil ag éirí le córas na scéimeanna teanga agus tá sé i gceist córas na gcaighdeán a thabhairt isteach anseo in Éirinn, de bhun an Bhille Teanga nua atá beartaithe. Idir an dá linn tá córas na scéimeanna fós i bhfeidhm agus i rith 2019, deimhníodh 24 scéim teanga, ar an iomlán, 6 scéim tionscnaimh, 6 dara scéim, 8 tríú scéim agus 4 ceathrú scéim ina measc. I rith 2020, deimhníodh 18 scéim teanga, ar an iomlán, 6 dara scéim, 5 tríú scéim, 5 ceathrú scéim agus 2 cúigiú scéim ina measc.

Ní miste a nótáil go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar líon na gcomhlachtaí poiblí a mbítear ag plé leo faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla mar gheall ar an gcuíchóiriú agus ar an sruthlíniú atá déanta ar chomhlachtaí poiblí an Stáit le roinnt blianta anuas. Rinneadh na hathruithe/mionleasuithe seo a chur san áireamh san athbhreithniú a rinneadh ar Chéad Sceideal an Achta i rith 2018 agus 2019. Leagadh na dréacht-rialacháin ábharthacha os comhair Thithe an Oireachtais ag deireadh 2019 agus tháinig siad i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2020.

## Earcaíocht don Státseirbhís

Faoin mBille Teanga nua, a mbeidh sé de chuspóir aige go mbeidh 20% de na daoine nua a earcaítear don tSeirbhís Phoiblí ina gcainteoirí Gaeilge agus go mbeidh gach oifig phoiblí atá lonnaithe sa Ghaeltacht ag feidhmiú as Gaeilge, cuirfear tús le ré nua i ndáil le hearcaíocht don Státseirbhís, a chuideoidh le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí as Gaeilge.

Chun a bheith ullmhaithe don chóras nua, tá an Roinn i mbun comhráití leanúnacha leis an RCPA agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí [SCP] maidir le cúrsaí earcaíochta. Ag deireadh na bliana 2018, cuireadh comórtas earcaíochta ar bun d'oifigigh chléireachais a bhí inniúil ar an nGaeilge. Léiríonn torthaí an chomórtais sin na deacrachtaí a bheidh romhainn ó thaobh na hearcaíochta de; as 259 iarratas, d'éirigh le 20 duine teacht tríd an bpróiseas ar fad. Tá i gceist comórtais d'oifigigh feidhmiúcháin agus d'ardoifigigh feidhmiúcháin a reáchtáil roimh dheireadh na bliana 2019. Is deis mhaith iad na comórtais seo chun scrúdú a dhéanamh ar an gcóras earcaíochta do dhaoine le Gaeilge, sula gcuirfear forálacha an Bhille Teanga nua i bhfeidhm.

## Oiliúint sa Ghaeilge sa Státseirbhís

In éineacht leis an earcaíocht, tá tábhacht ar leith le hoiliúint sa Ghaeilge sa Státseirbhís, le cur le cumas teanga na státseirbhíseach atá ag obair léi faoi láthair. Shínigh an RTCEGSM comhaontú seirbhíse leis an RCPA chun oiliúint sa Ghaeilge agus tástáil inniúlachta a sholáthar don Státseirbhís. Is é aidhm an chomhaontaithe seo tacú leis an bhfoireann chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt agus chun cur le cumas na Státseirbhíse, seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge don phobal. Tá an comhaontú seo tábhachtach go háirithe i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030.

Faoin gcomhaontú, tá freagrachtaí ar an RTCEGSM i dtaca le hoiliúint agus measúnú inniúlachta sa Ghaeilge a éascú don fhoireann sa Státseirbhís. Tá réimse leathan cúrsaí oiliúna sa Ghaeilge á sholáthar ag an gcomhlacht Gaelchultúr i gcónasc le 'OneLearning', an soláthraí a roghnaíodh chun cúrsaí oiliúna Gaeilge a fhorbairt agus a thairiscint don earnáil phoiblí. Thuairisc Gaelchultúr gur ghlac 1,939 duine ón earnáil phoiblí páirt i gcúrsaí dá gcuid idir Eanáir 2018 agus Meitheamh 2019 agus gur ghlac 2,224 duine ón earnáil phoiblí páirt i gcúrsaí dá gcuid idir 1 Iúil 2019 agus 31 Nollaig 2020.

Cuireann an RTCEGSM maoiniú bliantúil ar fáil d'Ollscoil Mhá Nuad, chun an córas Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) a fhorbairt agus a chothabháil.

Is é TEG an t-aon chóras neamhspleách tástála agus teastasaithe atá ar fáil chun an inniúlacht sa Ghaeilge a mheas de réir an chórais idirnáisiúnta, an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (CEFR). Cuireann TEG scrúduithe ar fáil don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, don Roinn Oideachais, agus do roinnt eagraíochtaí Gaeilge agus institiúidí tríú leibhéal. Cuirtear scrúduithe lánchreidiúna (sna scileanna teanga ar fad) agus scrúduithe páirtchreidiúna (sa chaint amháin) ar fáil, de réir riachtanais na n-eagraíochtaí sin. Is ball é TEG de Chumann Tástálaithe Teanga na hEorpa (ALTE), a dhéanann monatóireacht agus iniúchadh rialta ar na tástálacha, lena chinntiú go bhfuil na caighdeáin is airde ag baint leo. Bronnadh Q-mark ALTE ar TEG i mí na Nollag 2020, den dara huair.

Chláraigh 1,514 iarrthóir do scrúduithe TEG le linn na tréimhse Iúil 2019-Nollaig 2020. I measc na n-iarrthóirí a thug faoi scrúduithe TEG le linn na tréimhse sin, bhí baill foirne de na heagraíochtaí seo a leanas: COGG, Tusla, An Roinn Talmhaíochta, agus An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Bhí líon na scrúduithe a rinneadh le linn na tréimhse sin beagán níos ísle ná an sprioc a bhí againn, mar gheall go raibh orainn roinnt scrúduithe a chur ar ceal idir Aibreán agus Meitheamh 2020, de bharr na paindéime. Cuireadh tús le scrúduithe ar líne i mí Lúnasa 2020, áfach, agus beidh breis i míle scrúdú déanta ar líne i mí Eanáir agus Feabhra 2021 amháin.

## Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge

Déantar páirtmhaoiniú ar Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge le fáltais ón gCrannchur Náisiúnta. Is é aidhm an chláir maoiniúcháin seo cúnamh airgeadais a chur ar fáil do réimse eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí a thacaíonn le cur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. I measc na n-eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú bliantúil tá Taibhdhearc na Gaillimhe, Gaillimh le Gaeilge, Gnó Mhaigh Eo agus Gael Taca, Corcaigh. Tá obair leanúnach ar bun ag na heagraíochtaí seo chun an Ghaeilge a chur chun cinn lasmuigh den Ghaeltacht, chun go mbeadh sí níos feiceálaí agus chun í a 'normalú' mar ghnáthchuid de shaol an phobail, go minic agus béim ar leith ar úsáid na teanga a spreagadh i measc lucht gnó. Tá 22 coiste pobail Gaeilge maoinithe trí mhórscéim tacaíochta Fhoras na Gaeilge, Scéim Pobal Gaeilge, lena bhfuil 22 Oifigeach Forbartha Gaeilge fostaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht chun tacú le pobail labhartha Gaeilge ar bhonn logánta. Tá an-dul chun cinn á dhéanamh le scéim deontais úr de chuid Ghlór na nGael, 'Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha', le 196 clubanna CLG páirteach.

Tá an scéim 'Céimeanna' de chuid Ghlór na nGael dírithe ar choistí pobail úrbhunaithe/neamhfhorbartha agus suas le 17 coiste páirteach sa scéim meantóireachta pobail seo go deireadh 2020. Faoin scéim Teanga Tí tá 63 ghrúpa, idir scoilphobail agus gnáthphobail. Tá an dá scéim tacaíochta seo dírithe ar cheantair Ghaeltachta agus lasmuigh de. Le linn 2019 – 2020 bhí Glór na nGael ag plé le 190+ pobail éagsúla faoi na scéimeanna seo chomh maith leis an 80 coiste pobail agus cumann mac léinn tríú leibhéil a ghlac páirt i gcomórtais Ghlór na nGael.

## Ciste Caipitil le haghaidh Lárionaid Ghaeilge

Tugadh gealltanas sonrach i gClár an Rialtais go "*ndéanfar forbairt Ionaid Ghaeilge i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre a chur chun cinn ar mhaithe le cur chuige pobail-bhunaithe i leith chur chun cinn na Gaeilge*".

Dar ndóigh, ní dhearnadh leis an ngealltanas seo ach tógáil ar an méid a gealladh roimhe seo i leith na nIonad Gaeilge - faoin bPlean Gníomhaíochta seo agus faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (faoi Thionscadal Éireann 2040).

Luadh sa Tuairisc dheiridh an méadú a tháinig i mbuiséad 2019 ar an gciste caipitil atá ar fáil faoi na scéimeanna tacaíochta Gaeilge ar mhaithe le hionaid Ghaeilge a fhorbairt ar fud na tíre agus is iontach a thuairisciú gur lean leis an treocht seo arís in 2020, le méadú eile ag teacht ar an gciste i mbuiséad na bliana sin. Tá béim ar leith leis an gciste seo ar fhorbairt na n-ionad Gaeilge sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta, sna Líonraí Gaeilge agus sna ceantair sin ina bhfuil feidhm le Scéim Pobal Gaeilge (Foras na Gaeilge).

In 2020, ceadaíodh deontas de €821,672 do Choiste Tógála Áras Mhic Amhlaigh le cur ar a chumas ionad Gaeilge a thógáil ar shuíomh taobh le Gaelscoil Mhic Amhlaigh i gCnoc na Cathrach, Gaillimh. Beidh an t-ionad nua ag freastal ar thart ar 70 páiste réamhscoile agus beidh os cionn 200 páiste ábalta freastal ar sheirbhísí roimh/iarchúram scoile trí Ghaeilge - an t-aon seirbhís mar é sa cheantar. Beidh an t-ionad ar fáil chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na Gaeilge sa cheantar cathrach ina bhfuil an scoil agus an t-ionad suite. Chomh maith leis seo, beidh fostaíocht curtha ar fáil do 15 duine ar a laghad san ionad sa bhreis ar an 35 atá fostaithe sa Ghaelscoil cheana féin agus iad uilig ag obair ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge sa cheantar. Níl aon amhras ann ach gur togra thar a bheith fiúntach é seo ó thaobh bhuanú agus láidriú na Gaeilge i gcathair na Gaillimhe agus ó thaobh deiseanna labhartha na teanga a chruthú lasmuigh den seomra ranga. Táthar cinnte go mbeidh an tIonad nua seo ina thacú don phróiseas pleanála teanga agus é in ann freastal a dhéanamh ar éileamh an phobail agus clubanna áitiúla.

Ina theannta sin, tá tacaíocht an Rialtais d'fhorbairt Ionad Gaeilge agus Cultúir i lár chathair Bhaile Átha Cliath leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta, Éire 2040. Mar a luadh roimhe seo, tá coiste stiúrtha curtha ar bun, agus staidéar féidearthachta maoinithe ag an RTCEGSM ar mhaithe le 6 Sráid Fhearchair, Ceanncheathrú Chonradh na Gaeilge, a fhorbairt mar lárionad Gaeilge. Is iontach a thuairisciú go bhfuarthas cead pleanála i leith an togra seo roimh an Nollaig 2020 agus táthar ag súil le treabhadh ar aghaidh leis an bhforbairt a luaithe is atáthar in ann agus srianta COVID éascaithe.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | 1 | | | 1 |
| 2018-2021 | 1 | | 1 | |
| 2018-2022 | 9 | | 9 | |
| 2019 | 1 | | 1 | |
| 2019-2022 | 3 | | 3 | |
| IOMLÁN | 15 | 0 | 14 | 1 |

# Réimse Gnímh 4: Riarachán, Seirbhísí agus Pobal

## Seirbhísí & Earcaíocht don Earnáil Phoiblí

| Uimhir 4.1 | **Beidh sé mar aidhm ag Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2017, agus é achtaithe, líon na gcainteoirí Gaeilge a earcaítear don tSeirbhís Phoiblí a mhéadú go 20% agus a chinntiú gurb as Gaeilge a fheidhmeoidh gach oifig phoiblí atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Ar an mbealach seo, méadófar acmhainneacht comhlachtaí poiblí i ndáil le seirbhísí a sholáthar as Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RCPA, DP, OAA |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Chríochnaigh Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) an dara céim sa Dail i mí Dheireadh Fómhair 2020. Thug an Rialtas cead roinnt leasuithe a thabhairt chun cinn chun an Bhille a láidriú. |

| Uimhir 4.2 | **Déanfar taighde a choimisiúnú chun na tosaíochtaí d'earcú cainteoirí Gaeilge a shainiú, mar aon leis na tosaíochtaí do sholáthar seirbhísí as Gaeilge. Déanfar na bealaí is éifeachtaí a fhiosrú chomh maith i ndáil le cainteoirí Gaeilge a earcú. Bainfear úsáid as torthaí an taighde seo chun Córas na gCaighdeán Teanga a chur i bhfeidhm, faoi mar a leagtar síos i mBille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2017.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuirfear tús leis an obair seo nuair a bheidh an Bille Teanga nua achtaithe. |

| Uimhir 4.3 | **Freastalóidh oifigigh ón RTCEGSM ar aonaigh ghairmthreorach i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun daoine óga a chur ar an eolas faoi na deiseanna fostaíochta san earnáil phoiblí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, SCP |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | De bharr srianta COVID-19, ní raibh deis leanacht leis seo in 2020. Ghlac oifigeach de chuid na Roinne páirt i chlár speisialta do Sheachtain na Gaeilge 2020 de phodchraoladh Gluaiseacht na hEorpa in Éirinn a bhain le deiseanna fostaíochta san Eoraip agus san earnáil phoiblí. Ghlac an Roinn páirt sa chlár 'Deiseanna Duitse', a chraol Gaelchultúr beo ar Facebook in 2019 agus 2020, áit a raibh béim ar deiseanna fostaíochta sa tseirbhís phoiblí agus san Eoraip.Tá beartaithe go mbeidh oifigeach ón Roinn páirteach i gceardlann fostaíochta Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ag tús 2021. |

| Uimhir 4.4 | **Leanfaidh FSS leis an tseirbhís saorfhóin agus ríomhphoist dhátheangach atá ar fáil ó HSELive agus ó Ionad Teagmhála na gCártaí Leighis.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | FSS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá seirbhís saorfhóin á chur ar fáil sa dá ionad seo. |

| Uimhir 4.5 | **Maidir le dreasachtaí agus bealaí tacaíochta chun daoine le Gaeilge líofa a mhealladh i dtreo gairmeacha sláinte, déanfaidh FSS na nithe seo a leanas:**<br>• **tacófar le Scéim Scoláireachtaí Leighis le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta**<br>• **oibreofar i gcomhar leis an earnáil oideachais tríú leibhéal chun modúil ar chúram d'othair le Gaeilge a fhorbairt m.sh. leigheas, altraí, fisiteiripe, teiripe urlabhra agus teanga.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG, FSS |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Lean ÚnaG agus FSS orthu ag maoiniú scoláireachtaí faoin Scéim Scoláireachtaí Leighis. Bhí 13 rannpháirtí ag fáil buntáiste as na scoláireachtaí seo le linn na bliana 2019 agus 2020, mar a leanas:<br>• 6 x Ábhar dochtúir<br>• 4 x Teiripeoir Teanga<br>• 1 x Fisiteirpeoir<br>• 1 x Altra<br>• 1 x Poitigéir |

| Uimhir 4.6 | **Déanfar cinnte de go gcuimseoidh córas na gcaighdeán, atá le cur i bhfeidhm, an tairiscint ghníomhach i ndáil le seirbhísí as Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RCPA |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Obair ar bun maidir le dréachtú caighdeán, lena n-áirítear an tairiscint ghníomhach. |

| Uimhir 4.7 | **Tabharfar tacaíocht do Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí ar mhaithe le seirbhísí poiblí den chéad scoth a chur ar fáil as Gaeilge sna comhlachtaí poiblí ina bhfeidhmíonn siad.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚÁ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Níor reachtáladh aon ócáid le linn 2020 de bharr cúrsaí COVID-19. |

## Scéimeanna

| | |
|---|---|
| Uimhir 4.8 | **Déanfar caighdeáin teanga a thabhairt isteach in ionad chóras reatha na scéimeanna teanga do na hearnálacha éagsúla sa tSeirbhís Phoiblí de bharr Rialachán nua a thionscnófar faoi Bhille na dTeangacha Oifigiúla. Fanfaidh na scéimeanna teanga atá ann cheana i bhfeidhm go dtí cibé tráth a shannfar caighdeáin nua le cur ina n-ionad.** |
| **Stádas** | Moill Leis |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, RCPA, DP, OAA |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Ní thabharfar córas na gcaighdeán isteach go dtí go n-achtófar an Bille Teanga nua. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 4.9 | **Déanfar forálacha na scéimeanna - amhail an Scéim Sóisialta Tuaithe, an Scéim Fostaíochta Pobail, an Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas agus Tús – a choinneáil ar bun sa Ghaeltacht, ag féachaint don líon laghdaitheach daoine atá ar an mBeochlár agus don ghá atá ann a chinntiú go ndírítear na scéimeanna sin ar na riachtanais atá ag cuardaitheoirí poist agus ag daoine eile.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RGFCS, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Idir lámha agus leanúnach. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 4.10 | **Déanfar sainréimse na ceanneagraíochta, Cumann na bhFiann, faoina gconradh le Foras na Gaeilge, agus scéimeanna de chuid Fhoras na Gaeilge, amhail Scéim na gCampaí Samhraidh agus Scéim na nImeachtaí Óige, a chur chun feidhme lena bhforbrófar acmhainn na ndaoine óga sa phobal Gaeilge.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Chuir FnaG maoiniú ar fáil do 89 gcampa samhraidh in 2020 ach cuireadh cuid acu ar ceal de bharr COVID-19. D'éirigh le 45 champa leanúint ar aghaidh ar bhonn fíorúil.<br><br>Ceadaíodh 65 dheontas faoi Scéim na nImeachtaí Óige don scoilbhliain 2019/2020. Faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2020/2021 ceadaíodh 87 deontas.<br><br>Le linn na tréimhse tuairiscithe, chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do Chumann an bhFiann chun bheith ag feidhmiú sa mhór-réimse 'Forbairt Deiseanna Úsáidte Gaeilge agus Gréasán do Dhaoine Óga'.<br><br>**Gréasán do Chlubanna Óige**<br>Rinne Cumann na bhFiann riar ar 65 chlub seachtainiúil le linn na tréimhse —go Márta 2020 thar na ceithre cúigí. |

| | |
|---|---|
| | Thug na clubanna deis do dhaoine óga a bheith i mbun imeachtaí lena chéile taobh amuigh den seomra ranga, trí mheán na Gaeilge. Mar thoradh ar COVID-19 cuireadh tús le Clubanna Fíorúla, agus forbairt ar sheirbhísí ar líne don aos óg.<br><br>**Imeachtaí móra don Óige**<br>I rith an tréimhse (Iúil 2019-Nollaig 2020) tharla na mór-imeachtaí Tóstal na bhFiann agus Scléip na hÓige faoi dhó, chomh maith le Carnabhal na nGaelscoileanna, agus mór thuras d'Ógchlubanna. Bhí freastal de 4,200 ar na himeachtaí seo ar fad.<br><br>**Comórtais/Tionscnaimh ar líne**<br>Mar thoradh ar srianta COVID-19, -forbraíodh Comórtais agus Tionscnaimh ar líne le linn 2020, leithéidí 'Slua le Bua', Scléip na hÓige Fíorúil' agus 'Amhrán na Nollag'. D'fhreastail pobal níos leithne ar na himeachtaí seo le 645 ag glacadh páirt díreach -iontu, agus 'radharc' de 193,578 ar na físeáin a bhain leo ar ár meáin shóisialta.<br><br>**Straitéis do bhunú gréasáin úsáidte Gaeilge do dhaoine óga sa dá dhlínse**<br>Féach thíos faoi 4.15 |

| Uimhir 4.11 | **Leanfar de bheith ag reáchtáil Scéim Phobail Gaeilge trína dtugtar tacaíocht d'fhorbairt pobal Gaeilge ag leibhéal an phobail.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, Grúpaí rathúla faoin Scéim |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Breis agus cúig chruinniú eagraithe ag Conradh na Gaeilge i bpáirt le Glór na nGael leis na grúpaí SPG le cabhrú le comhordú agus roinnt eolais, agus -oiliúint a chur ar fáil.<br><br>Reáchtáladh próiseas comhairliúcháin ar thodhchaí na scéime agus tá athbhreithniú fós ar siúl. Cheadaigh Foras na Gaeilge dhá shíneadh ama do dheontaithe an bhabhta reatha den scéim. |

## Ceanneagraíochtaí & Infheistíocht

| Uimhir 4.12 | **Déanfar ciste caipitil a chur ar fáil le haghaidh ionaid Ghaeilge timpeall na tíre.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tháinig ardú ar an soláthar a bhaineann leis seo i mbuiséad 2020, le soláthar de €2m ar fáil do 2021. |

| Uimhir 4.13 | **Déanfar Lárionad Gaeilge i lár Chathair Bhaile Átha Cliath a fhorbairt.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, CCBÁC, CnaG, FÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cead pleanála faighte roimh dheireadh 2020 le hUimhir 6 Sráid Fhearchair a fhorbairt. Ag bogadh ar aghaidh chuig céim na forbartha agus réiteach do chéim na tógála. |

| Uimhir 4.14 | **Leanfar le tacaíocht a chur ar fáil don obair atá ar bun ag na ceanneagraíochtaí atá faoi chúram Fhoras na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Aontaíodh buiséad agus clár oibre le gach Ceanneagraíocht sna mór-réimsí do 2020 agus cuireadh maoiniú bliantúil ar fáil do na Ceanneagraíochtaí.<br><br>Bhí sraith de 8 gcruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta (ar a bhfuil ionadaithe ó Fhoras na Gaeilge, ó na 6 Ceanneagraíochtaí agus Cathaoirleach an Fhóram Forbartha Teanga) le linn 2019 agus 2020.<br><br>**Ceanneagraíochtaí** :<br>• Conradh na Gaeilge https://www.cnag.ie/ga/<br>• Cumann na bhFiann https://www.colaistenabhfiann.ie/<br>• Gaeloideachas https://gaeloideachas.ie/<br>• Gael Linn https://www.gael-linn.ie/<br>• Glór na nGael https://www.glornangael.ie/<br>• Oireachtas na Gaeilge http://www.antoireachtas.ie/ |

## An Óige

| Uimhir 4.15 | **Déanfar forbairt ar straitéis chuimsitheach chun gréasáin úsáide Gaeilge a bhunú don óige ar bhonn náisiúnta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG, CnaF, CnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Seoladh Straitéis i rith 2019 agus cuireadh réimsí leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar bun le dul i ngleic leis:<br>• Na himeachtaí agus Gníomhaíochtaí thuas faoi 4.10<br>• Traenáil d'Oibrithe Óige<br>• Ceardlann ar Ógchlubanna do pháistí scoile<br>• Ceardlann ar Ógchlubanna do Champaí agus Coláistí Samhraidh<br>• Ceardlanna Sainspéise dírithe ar dhaoine óga<br>• Oícheanta Gréasáin d'Óg-Eagraíochtaí i gceantair faoi leith<br>• Ceistneoirí aiseolais do na páirtithe leasmhara<br>• Mórfhorbairt ar mheáin shóisialta na heagraíochta i leith rannpháirtíochta ó dhaoine óga.<br><br>Óige.ie – cuireadh tús le forbairt ar shuíomh idirlín nua. Láithreán eolais agus acmhainní a bheidh ann le go mbeidh sé éasca d'eagraíochtaí óige, múinteoirí, grúpaí pobail agus daoine aonair teacht ar eolas ar gach atá ar fáil do dhaoine óga trí mheáin na Gaeilge. |



# 5

## Réimse Gnímh

# Na meáin agus an teicneolaíocht

# Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht

## Réamhrá

Tá obair fhónta ar bun ar bhonn leanúnach ag na forais stáit agus eagraíochtaí ábhartha eile atá ag plé leis na meáin agus cúrsaí teicneolaíochta chun úsáid na teanga a chaomhnú agus a fhorbairt ar fud na tíre.

Reáchtáladh TechFéile 2020 in Aerfort na Sionna ar an 4 Márta 2020. Rinne 390 duine óg agus 38 oideoirí ó scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna freastal ar TechFéile 2020. Is leagan Gaeilge é TechFéile den ócáid '*Creative Tech Fest*' atá ar siúl le roinnt blianta anuas. Eagraíodh ceardlanna mar chuid den fhéile chomh maith le comórtas. Bhain na ceardlanna le réimse leathan ábhar i saol na meán cumarsáide agus na teicneolaíochta. Ina measc eagraíodh ceardlanna ar na hábhair seo a leanas: aimsir, tráchtaireacht spóirt, dearadh gréasáin, priontáil 3D agus cluichí ríomhaireachta. Ba dheis iontach í do na scoileanna/ionad óige a gcuid oibre a chur ar taispeáint agus ba cheiliúradh é ar an sárobair atá á baint amach ag an aos óg sa teicneolaíocht chruthaitheach. D'oibrigh TG4, Conradh na Gaeilge agus Camara Education Ireland i bpáirtnéireacht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun an ócáid TechFéile a reáchtáil.

Tá soláthair ar fáil faoi Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge don togra Fáilte ar Líne. Is cúrsa céime é seo sa Ghaeilge agus i gCultúr Traidisiúnta na hÉireann atá á fhorbairt ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, atá ar fáil saor in aisce ar líne ar fud an domhain. Faoi dheireadh na bliana 2020 bhí os cionn 100,000 duine in 200 tír tar éis páirt a ghlacadh sna cúrsaí ar líne.

## Cartlann Athbheochan na Gaeilge – Conradh na Gaeilge

In 2018 ceapadh cartlannaí faoi leith i Leabharlann Uí Artagáin, OÉG, chun catalógú iomlán a dhéanamh ar na hábhair ar fad sa chartlann. Ceadaíodh maoiniú ón RTCEGSM thar thréimhse dhá bhliain, 2019 & 2020, chun tacú leis an obair fhiúntach seo. Ceadaíodh maoiniú tréimhse dhá bhliain eile (2021 & 2022) don tionscadal seo in 2020.

Chomh maith leis sin, den chéad uair riamh, chuir an RTCEGSM maoiniú ar fáil chun Baile Gaeltachta a lonnú i gCearnóg Mhuirfean le linn cheiliúradh na Féile Pádraig in 2019 thar tréimhse 3 lá. Ba é téama na féile: Scéalaíocht agus Seanchaí, agus ba cheiliúradh é seo ar chultúr agus teanga na hÉireann. Thug thart ar 30,000 duine cuairt ar an mBaile Gaeltachta le linn na féile seo. Bhí meascán d'imeachtaí ar fáil do dhaoine (m.sh. ceardlanna ceoil, ceardlanna scileanna sorcais, seó puipéid agus rinne an t-údar Patricia Forde sliocht a léamh as a leabhar) agus bhí siad saor in aisce don phobal.

Bhí na meáin shóisialta an-tábhachtach chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis na himeachtaí agus bhí an haischlib #stpatricksfest ar na hardáin Twitter, Facebook agus YouTube chun poiblíocht a thabhairt don ócáid i gcoitinne. Bhí ócáid eile eagraithe acu do 2020 a bhí lán le réimsí de gníomhaíochtaí éagsúla mar pháirt de cheilúradh Fhéile Pádraig ach cuireadh an Fhéile ar ceal de bharr cuinsí COVID-19.

## RTÉ

Thug RTÉ gealltanas go gcraolfadh sé 530 uair an chloig d'ábhar Gaeilge ar an gceithre chainéal teilifíse líneacha atá againn ón mbliain 2020 ar aghaidh. Is ionann sin agus méadú mór breis is 400 uair an chloig d'ábhar. Bhí na huaireanta sin déanta suas as gach seánra agus bhí meascán de bhunchláracha inmheánacha agus coimisiúnaithe i gceist leo chomh maith le cláracha a fuarthas ó TG4. Faoi Nollaig 2020, bhí breis is 700 uair an chloig d'ábhar Gaeilge craolta ar an Teilifís, breis is 1,100 uair an chloig ar an RTÉ Player agus beagnach 9,000 uair an chloig ar Raidió, go príomha ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, chomh maith le cláracha seachtainiúla ar Radio 1 agus 2FM.

Tá rún daingean ag RTÉ a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge ina gnáthchuid de phlean straitéise 20 bliain an Rialtais. Beidh dhá ghné ag baint le cur chuige RTÉ, ar dtús laistigh den eagraíocht, oibreoidh gach seánra i gcomhpháirtíocht chun cur leis an méid ábhar Gaeilge atá ar gach ardán de chuid RTÉ. An dara gné, cur le comhpháirtíochtaí seachtracha le TG4, Údarás Craolacháin na hÉireann, an Ciste Craoltóireachta Gaeilge agus Léiritheoirí Neamhspleácha chun cur leis an méid ábhar Gaeilge atá ar RTÉ.

**Teilifís**

Craoladh breis is 100 uair an chloig de chláracha drámaíochta, cláracha fíorasacha éagsúla inmheánacha agus coimisiúnaithe agus cláracha Nuachta ar RTÉ ONE. Craoladh breis is 100 uair an chloig d'ábhar, lena n-áirítear sraitheanna éagsúla do leanaí ar RTÉ 2. Áiríodh ann chomh maith cláracha a ceannaíodh mar chuid de thionscnamh comhpháirtíochta nua 'RTÉ/TG4 Ar scáth a chéile', áit ar chraol RTÉ ábhar a ceannaíodh, a coimisiúnaíodh agus a craoladh ar dtús ar TG4. Bhí an t-ábhar sin ar an RTÉ Player chomh maith. Bhí cláracha tiomanta Gaeilge leathuair an chloig ag RTÉJR gach lá le linn na bliana 2020, a bhí déanta suas as ábhar beo agus beochana, roinnt ábhar a léiríodh ag baile agus roinnt ábhar a ceannaíodh, agus chuir siadsan go léir breis is 200 uair an chloig leis an sceideal. Chraol Cainéal Nuachta RTÉ breis is 280 uair an chloig lena n-áirítear ábhar nuachta agus cúrsaí reatha agus tráchtaireacht i nGaeilge ar chluichí Craobhchomórtais CLG.

Cuireadh leis an tseirbhís tráchtaireacht i nGaeilge ar mhórchluichí Chraobhchomórtas CLG i rith 2020. Craoladh 12 chluiche de chluichí an chraobhchomórtais agus bhí teacht níos fearr ag an lucht féachana ar an tráchtaireacht a bhí á craoladh ar ár gcainéal líneach RTÉ NEWS CHANNEL agus ar chainéal dár gcuid féin ar an RTÉ PLAYER.

**rte.ie/gaeilge**

Lean RTÉ den ábhar ar rte.ie/gaeilge a fhorbairt agus cur leis. Tá méadú 61% ar an iomlán tagtha ar an méid daoine a bhíonn ag tarraingt ar an leathanach Gaeilge seo bliain i ndiaidh bliana. Tá síntiús glactha ag breis is 10,000 duine leis an Nuachtlitir chomh maith.

**RTÉ Raidió na Gaeltachta**
Bliain dhúshlánach ar go leor bealaí a bhí in 2020 ach d'éirigh le RTÉ Raidió na Gaeltachta seirbhís chuimsitheach a choinneáil ar an aer do phobal na Gaeltachta agus Gaeilge. Ceann de na tréithe ba mhó a bhain leis an gcraoladh in 2020 ar RnaG ná pobail agus éisteoirí ag aithris a gcuid scéalta. Síleadh na ndeor agus rinneadh beagán gáire nuair a bhí an pobal ag déanamh cur síos ar an méid a tharla dóibh agus a bhain dóibh sa bhliain aisteach eisceachtúil seo.

In ainneoin na ndúshlán ar fad, thug an tsraith 'An Saol ó Dheas' camchuairt ar bhailte Chorca Dhuibhne ag caint leis na pobail éagsúla ansin agus tugadh deis dóibh a gcuid scéalta a insint.

Craoladh craobhacha peile agus iománaíochta sna contaetha Gaeltachta agus na comórtais idir-chontae nuair a facthas Luimneach agus Baile Átha Cliath ag crochadh leo Craobhacha na hÉireann. Is mór an sásaimh agus údar misnigh a thug na craoltaí sin do na héisteoirí agus iad sa bhaile.

Mar go raibh an oiread sin daoine sa bhaile, bhí tábhacht ar leith ag baint leis an gcraoladh gach maidin Domhnaigh, Aifreann an Lae. Is iomaí teachtaireacht agus nóta atá faighte ag an stáisiún ó dhaoine ag glacadh buíochas linn mar gur chruthaigh an craoladh sin nasc nó ceangal idir na daoine a bhí sa bhaile agus an pobal nár éirigh leo a fheiceáil ró-mhinic.

**Comhpháirtíochtaí**
Fiosraíonn Fios Físe, tionscadal taighde fadtéarmach lucht féachana agus éisteachta do RTÉ agus TG4, i gcomhar le OÉG, an tionchar, na leibhéil sástachta agus nósanna éisteachta atá ag daoine a labhraíonn Gaeilge, ar oileán na hÉireann. Shínigh an dá eagraíocht margadh nua dhá bhliain don tionscadal sa bhliain 2019. Leanann an tionscadal de léargais luachmhara a chur ar fáil i ndáil le lucht féachana agus éisteachta RTÉ RnaG agus TG4.

I rith shamhradh na bliana 2020, d'oibrigh Breakfast with Doireann and Eoghan RTÉ 2FM agus Conradh na Gaeilge i gcomhar chun eispéireas Gaeltachta ar líne, Gaeltacht X, a chur ar fáil do scoláirí a chaill amach ar eispéireas an tSamhraidh. Ar feadh na sé seachtaine, reáchtáladh comórtas amhrán agus fógraíodh an buaiteoir ag deireadh mhí Lúnasa.

D'oibrigh Cartlanna RTÉ i gcomhar le Foras na Gaeilge chun an feachtas #LeChéile a thabhairt chun críche go dea-chroíoch, agus chaith siad súil siar ar Chartlanna RTÉ ar an gclár chun Gaeilge a fhoghlaim - Buntús Cainte. Thug #LeChéile cúnamh do dhaoine de gach aois le linn na paindéime, teacht le chéile agus úsáid a bhaint as an nGaeilge sa bhaile agus chuir ábhar siamsúil agus oideachais ar fáil dóibh.

Bhí comhar eile ag RTÉ le Foras na Gaeilge a raibh an rath air i mí na Samhna lena chinntiú go mbeadh Cluichí Cláir, Leabhair do gach aois, Bréagáin agus cluichí as Gaeilge mar chuid den RTÉ Toyshow, an clár teilifíse is mó lucht féachana in 2020.

## TG4

Ba threimhse dúshlánach í seo, inar cuireadh go leor i gcrích, ach gur tháinig go leor athruithe gan choinneadh. Le linn na Paindéime COVID 19, léiríodh níos mó ná riamh, an tábhacht a bhaineann le ról na craoltóireachta seirbhíse poiblí agus ról lárnach TG4 mar sheirbhís poiblí Gaeilge.

Thosaigh Cúla4 ar Scoil ag craoladh in Mí Aibreán 2020, ag cuir áis ar fáil do phobal Gaelscoile agus daltaí Gaeilge ar fud na tíre. Tháinig Nuacht TG4 ar mhúnla nua léirithe chun pobal na Gaeilge a choinneáil ar an eolas agus léargas a thabhairt ar scéalta pobail. Lean TG4 ag cuir béime ar cultúr, cruthaitheacht agus scéalaíocht láidir ins na cláir.

Treisíodh an caidreamh idir TG4 agus an lucht féachana i rith na treimhse agus baineadh amach an 6ú cainéal is mó a mbreathnaítear air in Éirinn. Tháinig fás ollmhór ar Sheinnteoir TG4, le trácht ó Eirinn agus ar fud an domhain. Bhí Beochraolta ar Thoghchán 2020 le linn na treimhse, agus cláir ceiliúrtha idir Gradam Ceoil, Fleadh Ceoil agus Peil na mBan Beo. Mealladh go leor lucht leanta nua ag TG4 agus ag an Ghaeilge trí chúntais Meán Sóisialta TG4, agus go mórmhór ar chúntas Twitter @TG4TV, mar ar bhain 'Intern TG4' cáil amach go forleathan.

Chraol TG4 réimse fairsing clár le linn na treimhse dírithe ar chroíphobal labhartha na Gaeilge, - ina measc 'Gaeltacht 2020', 'Dúiseacht', 'An Cumann', 'Tóraigh' agus 'Bailte'. Craoladh freisin mór thograí Ealaíne, Cumar, a léiríodh i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíne, agus Samhlú 2020, i gcomhpháirt le Éire Ildánach.

Cúis mórtais ab ea gur roghnaíodh an scannán Arracht mar iarrathóir na hÉireann ar Ghradaim Oscars 2021.

Rinne TG4 treisiú ar an fhorbairt leis an earnáil léirithe neamhspleách le linn na bliana. Lean na cistí maoinithe coimisiúnaithe agus forbartha oiliúna. Déanadh infheistiú breise san earnáil mar thacaíocht don chomhlachtaí léirithe neamhspleách le linn na Paindéime, agus le leanúnachas fostaíochta a dheimhniú ins na comhlachtaí, mórán acu lonaithe sa Ghaeltacht.

Cuireadh tograí chomhpháirtíocht le eagrais mar Ealaín na Gaeltachta, Tuismitheoirí na Gaeltachta, An tOireachtas agus COGG i gcrích le linn na bliana freisin.

## Earnáil neamhspleách craolacháin raidió

Tá an earnáil neamhspleách craolacháin raidió ag soláthar réimse leathan de chláir agus ábhair i nGaeilge thar 25 stáisiún raidió tráchtála agus pobail ar fud na tíre – tá gach eolas ar na stáisiúin seo agus sceideal na gclár Gaeilge/dátheangach ar fáil ón suíomh tairsí www.aerthonnta.ie le tacaíocht ó Údarás Craolacháin na hÉireann. Tá grúpa stiúrtha tras-eagraíochtúil curtha ar bun ag Údarás Craolacháin na hÉireann i gcomhar le Foras na Gaeilge chun úsáid na Gaeilge sna meáin chraoltóireachta a mhéadú, agus foilsíodh tuarascáil ar thaighde a choimisiúnaigh an grúpa, 'Taighde faoi Úsáid na Gaeilge ar an Raidió'. Ina theannta sin, cuireann Foras na Gaeilge maoiniú tacaíochta de bhreis agus €450,000 ar fáil go bliantúil do dhá stáisiún raidió pobail le ceadúnas craoltóireachta lán-Ghaeilge, Raidió na Life i mBaile Átha Cliath agus Raidió Fáilte i mBéal Feirste, chun seirbhís raidió uileghabhálach a sholáthar mar aon le hoiliúint craoltóireachta trí Ghaeilge.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | **10** | 8 | 1 | 1 |
| 2018-2019 | **1** | 1 | | |
| 2018-2020 | **2** | | 1 | 1 |
| 2018-2021 | **2** | | 2 | |
| 2018-2022 | **32** | | 32 | |
| 2019 | **3** | 1 | | 2 |
| IOMLAN | **50** | **10** | **36** | **4** |

# Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht

## Digiteach

| Uimhir 5.1 | Foilseofar Plean Digiteach don Ghaeilge. |
|---|---|
| Stádas | Moill leis |
| Amscála | 2018 |
| Ceanneagraíocht | RTCEGSM, CnaT, OCBÁC |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T2) | Níor foilsíodh an plean in 2020. Tá sé le foilsiú in 2021. |

| Uimhir 5.2 | Leanfar le forbairt a dhéanamh ar shraith podchraoltaí dírithe ar an éisteacht dhigiteach ar líne a chothú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. |
|---|---|
| Stádas | Idir Lámha |
| Amscála | 2018 ar aghaidh |
| Ceanneagraíocht | RTÉ |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T2) | Cuireadh tús leis an gcéad sraith podchraoltaí thiomnaithe Ghaeilge i samhradh 2017 agus tá sé ag fás agus ag forbairt ó shin. Craoladh 133 eagrán digiteach go dtí seo. Tá an podchraoladh le fáil ar Spotify, Apple Podcasts, Stitcher, Acast agus gan dabht ar an RTÉ Radio App agus rte.ie/gaeilge. Craoladh 28 eagrán speisialta ar RTÉ Radio One, agus thart ar 16 clár ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Tá lucht éisteachta leathan acu ó mhórthimpeall an domhain. Tá cláracha déanta ag na láithreoirí i Londain, i dtaca le Conradh na Gaeilge, Electric Picnic, Ollscoileanna ar leith, Oireachtas na Gaeilge agus go leor eile, chun an branda a chur chun cinn. |

| Uimhir 5.3 | Cuirfear córas nascleanúna Gaeilge ar fáil leis an gcéad leagan eile den seinnteoir RTÉ Player ar ardáin de chuid RTÉ. |
|---|---|
| Stádas | Déanta |
| Amscála | 2018 |
| Ceanneagraíocht | RTÉ |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T2) | Tá córas nascleanúna Gaeilge ar fáil anois ar an seinnteoir RTÉ Player. https://www.rte.ie/player/ |

| Uimhir 5.4 | Cruthófar spás sainiúil Gaeilge ar éileamh ar sheinnteoir nua RTÉ Player, ina mbeidh ábhar reatha agus ábhar cartlainne feiceálach. |
|---|---|
| Stádas | Déanta |
| Amscála | 2018 |
| Ceanneagraíocht | RTÉ |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T2) | Craoladh breis agus 1,100 uair an chloig d'ábhar Gaeilge ar an RTÉ Player i rith 2020. Tá ábhar RTÉ agus TG4 le fáil ann agus déantar uasdátú ar an ábhar go minic. Tá meascán de gach seánra le fáil agus ábhar comhaimseartha agus cartlainne i gceist. |

| Uimhir 5.5 | **Forbrófar tionscadal foghlama le hOllscoil Uladh a bheidh dírithe ar fhoghlaimeoirí meánleibhéil agus ardleibhéil trína mbainfear úsáid as ábhar de chuid RTÉ RnaG arna thras-scríobh agus arna nascadh le hábhar fuaime agus foclóra ar líne.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ, OU |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tháinig méadú le linn na tréimhse ar líon na n-aonad Clilstore atá bunaithe ar ábhar ó chartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cuimsíonn an tacar aonad seo samplaí ó gach canúint agus léirítear réimse leathan ábhair ann, mar shampla: stair, sláinte phoiblí, meabhairshláinte, polaitíocht, toghchánaíocht, scolaíocht, caidrimh idirnáisiúnta, dúchas áitiúil, feachtais áitiúla, seanchas agus seirbhísí poiblí.<br><br>Deineadh athdhearadh cuimsitheach ar an bhogearra a úsáidimid leis na haonaid seo a chruthú. Tá cuma níos úrnua agus níos tarraingtí ar na haonaid anois agus rinneadh ábhar RnaG a chur in oiriúint don dearadh nua.<br><br>Cruthaíodh cuntas nua ar Soundcloud.com chun bainistiú a dhéanamh ar na taifeadtaí ó chartlann RnaG agus chun féachaint chuige go ndéantar sruthú ar ardchaighdeán ar na taifeadtaí atá leabaithe sna haonaid Clilstore.<br><br>Forbraíodh feidhmíocht nua sa bhogearra chun cabhrú le húsáideoirí an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an ábhar ann: (i) Is féidir le húsáideoirí taifead a choinneáil de na focail ar fad a cheadaíonn siad sna foclóirí agus iad ag léamh tríd téipscript; (ii) Is féidir le húsáideoirí punann a chruthú bunaithe ar na haonaid a úsáideann siad agus nótaí a bhreacadh ar an méid a d'fhoghlaim siad ón ábhar nó ar obair nua a chruthaigh siad mar gheall ar an ábhar ar éist siad leis. Beidh an fheidhmíocht seo úsáideach go speisialta ag daltaí bunscoile agus meánscoile a bheidh ag iarraidh leas oideachasúil a bhaint as ábhar RnaG.<br>Cruthaíodh sraith nua cnaipí chun ligean d'úsáideoirí naisc chuig aonaid a thaitníonn leo a roinnt le daoine eile trí na meáin shóisialta (Facebook, Whatsapp, LinkedIn agus ríomhphost).<br><br>Rinneadh lógánú ar an mbogearra ar fad chun go mbeidh úsáideoirí in ann an suíomh nua http://clilstore.eu a úsáid trí Ghaeilge. Cuireann seo an comhéadan Gaeilge ar chomhchéim le comhéadain i dteangacha eile Eorpacha atá ar fáil ar an suíomh fosta (m.sh. Spáinnis, Danmhairgis, Iodáilis, Gaeilge na hAlban agus Fraincis). |

| | |
|---|---|
| | I ngach aonad nua a cruthaíodh bunaithe ar ábhar ó chartlann RnaG scríobhadh: (i) achoimre ag cur síos ar ábhar an aonaid agus na cainteoirí atá le cloisteáil; agus (ii) nótaí teanga faoin chineál canúna nó stór focal a chloistear sa taifeadadh. Is féidir le hinnill chuardaigh Google srl. teacht ar an eolas seo, rud a chuidíonn le daoine atá ag cuardach eolais faoi ábhar na n-aonad sin teacht orthu.<br><br>Tá tástáil déanta ar aonaid RnaG le foghlaimeoirí in Ollscoil Uladh agus le comhghleacaithe in institiúidí eile tríú leibhéal in Éirinn agus thar lear. Tá moladh an-dearfach faighte mar gheall orthu agus táthar ar bís le tuilleadh samplaí a fheiceáil sna míonna/blianta atá amach romhainn. |

| Uimhir 5.6 | **Maidir le Cartlann Athbheochan na Gaeilge, déanfar catalógú ar Chartlann Chonradh na Gaeilge, An Claidheamh Soluis 1917-1932 a dhigitiú agus a chur ar fáil ar líne. Déanfar tuairiscí agus comhfhreagras timireachta atá i seilbh an Chonartha agus na Leabharlainne Náisiúnta a chur in eagar chomh maith, ar mhaithe lena gcur ar fáil don phobal.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | CnaG, OÉG, LN |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Críochnaíodh digitiú ar An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae agus leanadh le digitiú ar Leabhair Ard-Fheise na heagraíochta. Tá tráinsí de Chartlann Chonradh na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, á gcur ar fáil don phobail de réir a chéile.<br><br>Tá taipeántas dhigiteach OÉG agus rochtain ar an gcartlann ar fáil ag https://nuigarchives.blogspot.com/2020/04/cartlann-chonradh-na-gaeilge.html<br><br>Rinneadh an t-aistriúchán ar Mo Thuras go hAmeirice le Dubhghlas de hÍde a chomhordú, a fhoilsiú le UCD Press, agus a sheoladh. Reáchtáladh seimineáir agus cuireadh tús leis an bpodchraoladh "Comhrá leis an gConradh", faoi stair agus obair Chonradh na Gaeilge. |

| Uimhir 5.7 | **Ag tógáil ar obair www.dúchas.ie cuirfear tacaíocht ar fáil chun digitiú a dhéanamh ar ábhair Ghaeilge atá á gcoinneáil i gcartlanna, i dtaisclanna, i leabharlanna agus in ollscoileanna ar fud an domhain.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | In 2020, ceadaíodh deontas caipitil de €50,000 i leith costais digitithe ábhar i mBailiúcháin Thomáis Uí Mháille in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. |

| Uimhir 5.8 | **Déanfaidh RTÉ tionscadal maidir le haip dhigiteach Ghaeilge faoi leith a fhorbairt a bheidh dírithe ar leanaí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Moill Leis |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuireadh moill leis an iniúchadh seo de bharr COVID19. I rith 2020 bhí RTÉ dírithe ar scolaíocht bhaile. Bhí an Home School Hub ag feidhmiú go líneach agus ar líne, chun freastal ar riachtanais leanaí bunscoile na tíre. I dtaca leis seo, cuireadh go leor ábhar a bhain leis an Teastas Sóisearach agus an Árdteist le fáil ar rte.ie/learn. |

## Teilifís

| Uimhir 5.9 | **Déanfaidh TG4 fónamh ar bhealach níos fearr don lucht féachana Gaeilge agus tacófar leis na pobail a labhraíonn Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Rinne TG4 coimisiúnú ar réimse sraitheanna i rith na bliana dírithe ar an croí lucht féachana Gaeilge, ina measc 'Gaeltacht 2020', 'Dúiseacht', 'An Cumann', 'Tóraigh' agus 'Bailte'.<br>• Déanadh craoladh seachtaine treas árdán ó Oireachtas na Samhna i gCill Airne in 2019. I 2020 le ceiliúradh fhíorúil ar an Oireachtas, craoladh sceideal speisialta Oireachtais, le hábhar athchóirithe ón gCartlann, maraon le Gradaim Chumarsáide an Oireachtais ar líne.<br>• Rinne TG4 ábhar ar leith a chruthú i gcómhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta agus le Ealaín na Gaeltachta le linn na bliana. Ina measc bhí an clár **Tearmann**, a craoladh le linn Oíche Chultúir, agus an físeán '**An Chéad Ghlúin Eile**' a craoladh le linn Oireachtas 2020.<br>• Lean TG4 ag coimisiúnú ábhar nua do pháistí, leithéidí **Is Eolaí Mé 2**, **An Siopa Ealaíne** agus '**Is Mise 2**'. Déanadh athghuthú go Gaeilge ar scannáin aitheanta mar **Shrek** agus **Lego Movie**, agus bhí comhoibriú le Tuismitheoirí na Gaeltacht chun Scannáin Ghaeilge a chuir ar fáil d'ócáidí pobail.<br>• Bhí soláthar ó na pobail Ghaeilge sa bhaile agus i gcéin ar **Nuacht TG4**, agus léargas ar leith le linn tréimhse na dianghlasála. Tugadh clúdach cuimsitheach ar Thoghchán 2020 le linn **Vóta 2020,** agus béim ar cheantair Ghaeltachta. |

| | |
|---|---|
| | • Rinne TG4 beochraoladh ar **Fleadh Ceoil na hÉireann** i Lúnasa 2019. Déanadh cóiriú *fhíorúil* ar líne ar **Fleadh 2020**. Ar oíche Chinn Bliana 2019, bhí beochraoladh ar **Fáilte 2020** ó Tigh Pheacocke ar an Mám. Le linn COVID-19, déanadh taifead ar **Fáilte 2021** le míreanna ó Ghaeltachtaí Chiarraí, an Rinn, Tír Chonaill agus Gaillimh. |

| **Uimhir 5.10** | **Déanfaidh TG4 bonneagar digiteach Gaeilge a sholáthar do sheirbhísí foghlama, faisnéise agus cultúir.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Seoladh leagan nua-dheartha de **Sheinnteoir TG4** i bhfómhar na bliana 2019, agus tháinig fás as cuimse ar an trácht chuig an Seinnteoir ó shin, go mórmhór le linn treimhse na dianghlasála. Tháinig suas le 40% de thrácht ag Seinnteoir TG4 ó thíortha lasmuigh d'Éirinn.<br>• Le linn na dianghlasála, rinne TG4 coimisiúnú ar shraith nua scoile le tacú le tuismitheoirí agus daltaí a bhí ag scolaíocht sa bhaile. Bhí tóir mhór ar **Cúla4 ar Scoil**, agus d'fhill sraith 2 den chlár i bhFómhar 2020.<br>• Le linn Samhradh 2020, léiriodh dhá shraith breise do dhaoine óga. Rinne *Fíbín* sraith **Campaí Cúla4**, ag díriú ar réimse ábhair mar na hEalaíne dúchasacha, Luthchleasaíocht, Teicneolaíocht & STEAM, agus Bia & Folláine. Léirigh *Nemeton* sraith **GAA CúlCamps**, ag díriú ar scileanna CLG.<br>• Lean árdáin shóisialta TG4 ag soláthar ábhair dhigiteach trí **Bloc** agus **Molscéal**, agus, rinne cúntas Twitter TG4 go leor daoine a mhealladh i dtreo na Gaeilge le linn na dianghlasála leis an ábhar spraíúil éadtrom a bhí á roinnt ag '*Intern TG4*'.<br>• Rinne **TG4 Foghlaim** obair i gcomhpháirt le COGG le míreanna físe a chuir ar fáil do '*Dúchas*', treoirleabhar nua don Ghaeilge sa tsraith Sóisearach agus seoladh leagan Gaeilge de chlár Idirbhliana CLG '*Ceannairí don Todhchaí – Clár don Idirbhliain*'.<br>• Seoladh áis do ranganna staire bunaithe ar shraith TG4, 'Wrecking the Rising' i mí na Samhna 2019 i gcomhpháirt leis an BAI agus RTÉ. |

| Uimhir 5.11 | **Leanfaidh TG4 agus Cine4 ag soláthar clúdach cuimsitheach agus clúdach leathan ar litríocht na Gaeilge i bhfoirm:**<br>• **bundrámaíocht Ghaeilge a choimisiúnú;**<br>• **leaganacha comhaimseartha de chlasaicí i litríocht na Gaeilge a choimisiúnú; agus**<br>• **cláir láidre ealaíon a choimisiúnú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Taispeáineadh **Finky** agus **Arracht**, an chéad dá fad Scannán Ghaeilge faoin scéim CINE4, ag féilte i nGaillimh, Londain, Glascú, & Talinn na hEastóine. Fógraíodh i bhfómhar 2020 go raibh Arracht ar rogha na hÉireann le cur chun cinn do Ghradaim Oscars 2021.<br>• Rinne TG4 maoiniú ar script a fhorbairt do shraith nua drámaíochta do pháistí, **Saol Eile**, le Danú Media; agus d'fhógair TG4 i gcómhar le Fís Éireann maoiniú forbartha do shraith nua drámaíochta do lucht féachana faoi 35.<br>• Craoladh mór thograí Ealaíne ar TG4 sa treimhse: **Cumar**, i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíne (léirithe ag Tua Films) agus **Samhlú 2020**, i gcomhpháirt le Éire Ildánach (léirithe ag Fíbín).<br>• Thacaigh TG4 le ***Scéal Úr***, i gcómhar leis an ILBF & BBC Thuaisceart Éireann. Scéim í seo le traenáil agus oiliúint a thabhairt do Scríobhnóirí nua, le conas coincheap cláir a chruthú, imlínte a scríobh agus scripteanna cláir a scíobh. |

| Uimhir 5.12 | **Leanfaidh TG4 ag déanamh coimisiúnú ar ábhar as an earnáil neamhspleách i gceantair Ghaeltachta agus ar an mbealach sin, beidh an stáisiún ag tacú le fostaíocht ardleibhéil, lena meastar 300 post sa Ghaeltacht a bheith bunaithe ann.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RCGAC, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Tugadh tacaíocht do chomhlachtaí léiriúcháin Gaeltachta le linn na paindéime le leanúnachas fostaíochta a choineáil le linn na dianghlasála. Cuireadh maoiniú ar fáil do chomhlachtaí le tabhairt faoi léiriúcháin sábháilte, athcheadúnas cearta agus obair fhorbartha.<br>• Rinne TG4 coimisiúnú ar 3 chomhlacht Gaeltachta le cur leis an soláthar rialta as na Gaeltachtaí ar árdáin Molscéal.<br>• Déanadh dhá scannán ó Cine4 a léiriú sna Gaeltachtaí, **Foscadh** agus **an Fhidil Ghorm** (i gConamara) agus tosaíodh ar réamhléiriú ar **Fanacht** (le taifead i gCiarraí). |

| Uimhir 5.13 | **Leanfaidh TG4 ag cur fostaíocht dhíreach ar fáil do breis is 80 ball foirne ardcháilithe, ar cainteoirí Gaeilge iad, ina cheanncheathrú i nGaeltacht Chonamara.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RCGAC, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Tugadh oiliúint agus taithí do beirt láithreoir nua i mbun Aimsir TG4.<br>• Fostaíodh Eagarthóirí / Léiritheoirí le fás & forbairt a dhéanamh ar árdáin shoisialta Bloc, Molscéal, Spórt TG4, Cúla4.<br>• D'fhoilsigh TG4 polasaí solúbtha foirne, a thugann deis do fhoireann TG4 cian oibriú, rud a fhágann fostaithe ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall, Chiarraí agus eile a bheith anois ag obair ó bhaile.<br>• Fostaíocht bhreise: 2 phost nua (Comhordaitheoir Sceideal agus Dlíodóir) agus 3 conradh buan do dhaoine a bhí ar phainéal (Maor Craoalacháin). |

| Uimhir 5.14 | **Leanfaidh TG4 ag tacú le tionscnaimh agus cláir oiliúna agus oideachais i réimsí na meán, na hiriseoireachta agus an léiriúcháin teilifíse, le comhpháirtíochtaí/intéirneachtaí le hinstitiúidí tríú leibhéal – OÉG, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RCGAC, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Fógraíodh an dara bliain den Scéim Forbartha Oiliúna comh-mhaoinithe idir TG4, Údarás na Gaeltachta agus an Earnáil Neamhspleach; agus roghnaíodh 11 comhlacht & oiliúnaí le páirt a ghlacadh ann, faoi stiúir GMIT agus Gréasán na Meán.<br>• Fógraíodh ciste maoinithe *Glúin Nua* le tacaíocht a chuir ar fáil do stiúrthóirí & scríobhnóirí ag tosú amach sa ghnó le tograí gearr fhaisnéise a chuir i gcrích.<br>• Fostaíodh 5 Inteirn le oibriú ar fhoireann TG4 ar feadh treimhse bliana, le taithí a thabhairt dóibh sa réimse ilmheán.<br>• Thacaigh TG4 le togra, IGNITE, Scéim forbartha faisnéise faoi stiúir Féile Scannán Chorcaí agus Docs Ireland (Béal Feirste); agus le Fís Summitt, comhdháil earnála i nGaillimh.<br>• Thacaigh TG4 le TechFéile in Aerfort na Sionnaine i mí Márta 2020. |

| Uimhir 5.15 | **Leanfaidh TG4 ag cur fotheidil ar fáil, chomh maith le roghanna rochtana eile a chuirfidh ar chumas daoine, nach bhfuil líofa sa Ghaeilge, sult a bhaint as an aschur, agus leas á bhaint as roghanna nach gcuireann isteach rómhór ar dhaoine atá líofa sa Ghaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Cuirtear fotheidil Bhéarla ar fáil ar formhór na gclár Gaeilge i sceideal TG4.<br>• Cuirtear fotheidil Ghaeilge ar fáil ar 'Ros na Rún' agus ar chuid de chláir na ngasúr.<br>• Tá fotheidil roghnaitheach ar sheinnteoir TG4 (dóibh siúd ar mian leo roghnú na fotheidil a chasadh dó).<br>• Craoltar Ros na Rún gach Máirt & Déardaoin ag 8:30 gan fotheidil ar an scáileán. |

| Uimhir 5.16 | **Leanfar ar aghaidh leis na 365 uair an chloig in aghaidh na bliana d'ábhar Gaeilge ó RTÉ do TG4.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RCGAC, RTÉ, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá RTÉ ag obair air seo ar bhonn leanúnach. Soláthraíonn RTÉ 365 uair an chloig d'ábhar do TG4. Cuireann RTÉ seirbhís Nuachta laethúil ar fáil, chomh maith le clár Chúrsaí Reatha seachtainiúil. I dtaca leis seo tugann RTÉ cúnamh airgid i leith léiriú an sobal dhráma seachtainiúil, Ros na Rún. Cuireann RTÉ cláir shiamsaíochta, cláir chainte, cláir spóirt agus cláir a bhaineann leis an gCartlann ar fáil chomh maith. Cuireadh sonraí agus cineál an tsoláthair seo ar bhonn foirmeálta idir RTÉ agus TG4 i gcomhaontú prótacail 2018-2022. Leagtar amach sa chomhaontú gnéithe caighdeánaithe an tseachadta in aghaidh na bliana agus glactar san áireamh ann na riachtanais iléagsúla a bhíonn i gceist ó bhliain go bliain. |

## Raidió

| Uimhir 5.17 | **Déanfaidh RTÉ Radio 1 tástáil phíolótach ar thionscadal tras-scríbhneoireachta ar líne, i gcomhar le hOllscoil Uladh, a bheidh ceangailte le léiriúchán raidió. Fágfaidh sé sin go mbeidh an lucht éisteachta in ann an craoladh Gaeilge a léamh agus a aistriú de réir mar a bheadh gá acu leis.** |
|---|---|
| **Stádas** | Moill Leis |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ, OU |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Níl dul chun cinn suntasach déanta ag RTÉ Radio 1 leis an ngníomh áirithe seo. Tá RTÉ tugtha do thuilleadh fiosruithe a dhéanamh ina leith seo. Ó Mhárta 2020 áfach, díríodh ar aschur ábhair ar fud an sceidil go léir. Tá deacrachtaí ollmhóra cruthaithe ag paindéim COVID-19 don tionscal léiriúcháin go ginearálta.<br><br>D'éirigh le RTÉ Radio 1 sceideal iomlán a choinneáil ar feadh na paindéime. Glacadh go fonnmhar le cleachtais oibre nua agus bealaí craoltóireachta nua. De réir mar a leanadh den bhealach a dhéanamh tríd an bpaindéim seo, díríodh ar an bpobal a choinneáil ar an eolas agus siamsaíocht a choinneáil leo chomh maith leis an bhfoireann a choinneáil sábháilte. |

| Uimhir 5.18 | **Déanfaidh RTÉ aip a bheidh dírithe ar éisteacht raidió as Gaeilge, An Seinnteoir Raidió, a fhorbairt ar bhonn leanúnach.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ, CNÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Bunaíodh An Seinnteoir Raidió in 2016 agus rinneadh obair ar an leagan nua, leagan a cúig, le linn na tréimhse. Beidh na feabhsúcháin theicniúla seo a leanas ag baint leis an leagan nua.<br>• Leagan amach iomlán nua ar an gcomhéadan chomh maith le lógónna timpealláin agus lógónna cearnógacha stáisiúin nua a chruthú.<br>• Podchraoltaí a chur i láthair ar bhealach níos fearr.<br>• Comhéadain Apple CarPlay agus Android Auto níos fearr.<br>• Ordú gutha bunúsach, a bheidh curtha in oiriúint níos fearr lena úsáid sa charr. |

| Uimhir 5.19 | **Leanfar le tacú agus forbairt Raidió Rí-Rá, stáisiún raidió atá dírithe ar dhaoine óga, mar a samhlaíodh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Déanfar na féidearthachtaí i ndáil le Raidió Rí-Rá a chur ag craoladh ar FM go lánaimseartha a scrúdú, i gcomhar le páirtithe leasmhara.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | CnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Fuair Raidió Rí-Rá (RRR) maoiniú breise chun forbairtí a dhéanamh ar stiúideonna BhÁC & Gaillimh. Tá stiúideo nua i gCorcaigh chomh maith. Cuireann na forbairtí seo le cumas Raidió Rí-Rá craoladh go náisiúnta go lánaimseartha. Cuireadh le líon na gclár beo agus réamhthaifeadta in 2020. Spreagann na hirischláir nua *Seal le Seán* agus *Podchraoladh na Gaelgals* plé agus caint ar an aer agus cuirtear ar fáil iad mar phodchraoltaí.<br><br>Rinneadh taifead ar 3 amhrán nua mar chuid den tsraith CEOL in 2020. Bhí Raidió Rí-Rá i láthair ag Electric Picnic, Kaleidoscope, Tech Féile & lárnach in obair Ghaeltacht X le linn na tréimhse tuairiscithe, agus bhí Raidió Rí-Rá mar urraitheoirí ag na Gradaim Smedias.<br><br>Le linn 2019, bhí 24,008 éisteoir sa mhí ag an stáisiún. Ba mheadú 21% é seo ar fhigiúirí éisteachta 2018 agus ba mheadú 95% é seo ar fhigiúirí éisteachta 2017.<br><br>Ag deireadh 2019, bhí os cionn 16,000 leantóir ag Raidió Rí-Rá ar Facebook, os cionn 6,000 ar Twitter agus os cionn 6,000 ar Instagram. Cuireadh tús le leathanach TikTok chomh maith. Tá os cionn 20.4 milliún radharc ar leathanach Giphy Raidió Rí-Rá.<br><br>Rinneadh seisiúin thraenála rialta leis na láithreoirí & rinneadh ceardlanna raidió leis na céadta dalta bunscoile agus meánscoile.<br><br>Lean foireann Raidió Rí-Rá ag obair i dtreo craoladh an t-am ar fad ar FM agus cuireadh plean 3 bliana le chéile a léiríonn go soiléir na céimeanna a bheadh le baint amach. Rinneadh an-chuid feachtasaíoctha le scoileanna timpeall na tíre agus le dul i bhfeidhm ar pholaiteoirí agus cás Raidió Rí-Rá a chur chun cinn, le tacaíocht ó Chonradh na Gaeilge. |

## Nuacht

| Uimhir 5.20 | **Cruthófar suíomh idirlín beo, nuálach, Gaeilge laistigh de www.RTÉ.ie.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá suíomh idirlín cuimsitheach Gaeilge ag RTÉ anois atáthar a fhorbairt agus a athrú go leanúnach chun freastal ar riachtanais an lucht spéise. Tá Comhordaitheoir Digiteach Gaeilge i bhfeighil ar an ábhar go léir a léiriú i bhfoirm atá mealltach agus tarraingteach do lucht léite an tsuímh. In 2018, bhí 250,000 duine (úsáideoirí uathúla) ag úsáid an tsuímh.<br><br>Tá méadú 61% ar an iomlán tagtha ar an méid daoine a bhíonn ag tarraingt ar an leathanach Gaeilge bliain i ndiaidh bliana. Tá síntiús glactha ag breis is 10,000 duine leis an Nuachtlitir chomh maith. |

| Uimhir 5.21 | **Tabharfar isteach ailt i nGaeilge maidir le nuacht, cúrsaí reatha, spórt agus siamsaíocht ar fud www.RTÉ.ie.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá ailt i nGaeilge le fáil ar www.rte.ie a chuimsíonn réimse seánraí agus ábhair gach lá. |

| Uimhir 5.22 | **Tacófar le seirbhís nuachta as Gaeilge, le raidió pobail agus le hirisí ar mhaithe le léitheoireacht agus úsáid na Gaeilge a chothú de bharr scéimeanna éagsúla de chuid Fhoras na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Chuir Foras na Gaeilge tacaíocht deontais ar fáil do Raidió na Life agus do 3 fhoilseachán:<br>• Scéim Nuachtán Ar Líne: www.tuairisc.ie;<br>• Scéim Iris Ghaeilge: Comhar (ar díol i bhfoirm chóip chrua agus ar fáil go leictreonach fosta): www.comhar.ie<br>• Scéim Iris Stílmhaireachtála: www.NÓS.ie,<br><br>Ag eascairt as athbhreithniú ar earnáil na meán clóite agus ar líne, d'aontaigh FnaG conarthaí úra leis na trí fhoilseachán thuasluaite.<br><br>Rinneadh athbhreithniú ar chóras na nGradam Foilsitheoireachta agus cruthaíodh catagóir úr dírithe ar shaothair aistriúcháin mar aon leis an dá mhórghradam náisiúnta eile. Is iad seo buaiteoirí 2020: |

| | |
|---|---|
| | • Buaiteoir Ghradam de Bhaldraithe: Ar Luch agus ar Dhuine, aistrithe ag Colmcille Ó Monacháin, foilsithe ag Leabhar Breac;<br>• Buaiteoir Ghradam Réics Carló: An Féileacán agus an Rí le Máire Zepf, maisithe ag Shona Shirley Macdonald, foilsithe ag Futa Fata;<br>• Buaiteoir Ghradam Uí Shúilleabháin: Máchail le Ré Ó Laighléis, foilsithe ag Móinín. |

## Teicneolaíocht

| Uimhir 5.23 | **Déanfar Meitheal Smaointeoireachta a bhunú maidir le húsáid na teicneolaíochta i dteagasc na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, COGG, GO, FnaG, CnaT |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Níl aon dul chun cinn le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

| Uimhir 5.24 | **Cruthófar leagan Gaeilge den tseirbhís Saorview, lena mbeifear in ann an córas a úsáid as Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá leagan Gaeilge den suíomh Saorview le fáil anois agus is féidir an Ghaeilge a roghnú mar theanga úsáide ar Saorview Connect. |

| Uimhir 5.25 | **Maidir le www.abair.ie, déanfar taighde agus forbairt ar chórais sintéise glórtha chun réimse leathan de chanúintí a chur ar fáil.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2020 |
| **Ceanneagraíocht** | CnaT, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | **Glórtha Sintéiseacha don Ghaeilge**<br>Obair leanúnach ar siúl. Tús curtha le taifeadadh ar ghuth óg baineann le canúint Chonnacht.<br><br>**Feidhmchláir agus bunthaighde dírithe ar oideachas is cúrsaí rochtana**<br>Tá obair ar siúl ar fheidhmchláir idirghníomhacha agus ar thaighde bunúsach dírithe ar fhoghlaimeoirí Gaeilge agus orthu siúd le míchumas. Baineann na feidhmchláir úsáid as na guthanna sintéiseacha agus as an taighde teangeolaíochta atá taobh thiar dóibh:<br><br>**Aithint Cainte don Ghaeilge**<br>Tá an scópáil déanta agus tús bríomhar curtha le córas a fhorbairt. |

| | |
|---|---|
| | Tá oiliúint foirne ar siúl go leanúnach i dtaca leis na hinnill aitheanta cainte is nuálaí, agus leis na modhanna is éifeachtaí le déileáil leis na corpais urlabhra s.rl.<br><br>Tá córas ar líne forbartha MíleGlór, chun taifeadtaí a bhailiú ó phobal tré sluafhoinsiú: tá sé nasctha le suíomh ABAIR. Tá bailiú ar siúl d'ábhair atá ann cheana (m.sh. ó TG4, Cois Life s.rl) agus ceadúnais á lorg ó ghrúpaí eile. Tá próiseáil agus ar eagarthóireacht ar siúl ar bhonn leanúnach. Tá córas aitheanta cainte bunúsach tógtha ag baint úsáide as na corpais (teoranta) atá againn go dtí seo (corpais sintéise, agus corpais eile atá bailithe againn go dtí seo).<br><br>**Abair.ie**<br>I mí na Nollag 2020, ceadaíodh maoiniú de os cionn €2m do thionscadal Abair don tréimhse 2021-2025. Cuireadh aip Abair.ie ar fáil le linn na tréimhse. Léann an aip téacs ó aon suíomh gan gá a bheith ar líne. Go dtí seo is ar chórais Android agus i gcanúint amháin atá sé. Ar fáil sa Google Play Store. |

| Uimhir 5.26 | **Déanfar forbairt ar an tionscadal Róbóglór (róbait/carachtair). Úsáidfear na róbait chun béim a chur ar chumarsáid agus ar idirghníomhaíocht i bhfoghlaim na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Moill Leis |
| **Amscála** | 2018-2020 |
| **Ceanneagraíocht** | CnaT, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá obair ar siúl chun múnlaí solúbtha den ghlór a chur i bhfeidhm leis na glórthaí sintéiseacha, chun gur féidir amach anseo gléasanna cumarsáide éifeachtacha a chur ar fáil, go háirithe d'fhoghlaimeoirí. Is taighde bunúsach atá i gceist anseo, agus tá córas *GlórCáil* á thógtháil ag Róbóglór, lenar féidir turgnaimh a dhéanamh ar cháilaíochtaí na nglór. |

| Uimhir 5.27 | **Maidir le www.ainm.ie, déanfaidh an Roinn cinnte de go gcaomhnófar an acmhainn luachmhar seo ar líne, a thugann cuntas beathaisnéise ar bhreis agus 1,750 duine a raibh baint acu le saol na Gaeilge ó 1560 i leith.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | OCBÁC, CIC, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuireadh maoiniú ar fáil do OCBÁC in 2019 agus 2020. Cuireadh ocht mbeathaisnéis nuascríofa leis an mBunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge i mí na Samhna 2019, agus sé bheatha eile i mí Iúil 2020. Tugadh 109,015 cuairt ar an suíomh www.ainm.ie i rith na tréimhse. |

| Uimhir 5.28 | **Maidir le www.logainm.ie, leanfar le forbairt na háise cuimsithí bainistíochta seo chun sonraí logainmneacha agus taifid chartlainne a riar. Áis don phobal atá ann, d'Éireannaigh sa bhaile agus thar lear, agus spreagann sí spéis i saibhreas agus i saíocht logainmneacha na hÉireann.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá maoiniú ceadaithe thar tréimhse trí bliana (2020-2022). Tá 14,000 sráidainm Gaeilge curtha leis an mbunachar. Rinne Gaois réamhphróiseáil agus taighde ar 2,215 sráid eile gan Ghaeilge i mBaile Átha Cliath agus ar 748 eastát tithíochta gan Ghaeilge ar fud na tíre. Cuireadh comhaid fuaime le Co an Dúin i 2019. Seoladh trí bhailiúchán nua ar Mheitheal Logainm.ie le linn na tréimhse agus tháinig 547,840 cuairteoir chuig an suíomh sa tréimhse chéanna. |

| Uimhir 5.29 | **Maidir le www.duchas.ie, ag tógáil ar fhoilsiú Bhailiúchán na Scol agus an Bhailiúcháin Grianghraf de chuid Chnuasach Bhéaloideas Éireann ar líne, déanfar sciar den Phríomhbhailiúchán Lamhscríbhinní a dhigitiú agus a fhoilsiú ar líne ar www.duchas.ie.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | OCBÁC, COBÁC, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá maoiniú ceadaithe thar tréimhse trí bliana (2019-2021). Foilsíodh 193 imleabhar ón bPríomhbhailiúchán. Foilsíodh taispeántas ar líne de ghrianghraif an bhéaloideasóra Michael J Murphy. Rinne baill Mheitheal Dúchas.ie 175,230 leathanach a thras-scríobh le linn na tréimhse; tháinig ardú suntasach air seo le linn na pandéime. Tugadh 1,350,431 cuairt ar an suíomh i rith na tréimhse agus tá 10,600 leantóir ag a chuntas Twitter. |

| Uimhir 5.30 | **Maidir le Gaeltech in OCBÁC, tacóidh RTCEGSM le clár taighde maidir le Próiseáil Teanga Nádúrtha na Gaeilge a chur i gcrích.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2021 |
| **Ceanneagraíocht** | OCBÁC, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá clár Gaeltech ag dul ar aghaidh. I measc na ngarspriocanna oiliúna, tá traenáil beagnach curtha i gcrích ag beirt thaigdheoirí iarchéime i réimsí éagsúla na próiseála nádúrtha teanga, mar aon le beirt theangeolaithe atá traenálta go hiomlán i réimse na hanótála comhréirí. Chruthaigh an easpa modúil chomhréire i gcúrsaí tríú leibhéal in Éirinn fadhbanna in aimsiú iarrthóirí le sainchúlraí cuí. Mar thoradh bhí dul chun cinn níos moille ag iarrthóirí i dtraenáil anótála. Athdhíreofar anois ar acmhainní atá áisiúil go hidirnáisiúnta (Spleáchais Chomhchoiteanna) seachas díriú go saintreorach ar an nGaeilge. |

| | |
|---|---|
| | I measc na spriocanna leanúnacha tá:<br>• eisiúintí acmhainní teanga le foinsí oscailte atá ag teastáil do phróiseáil uathoibríoch téacs (tacair shonraí teanga, múnlaí teanga AI agus múnlaí parsála comhréire)<br>• roinnt foilseachán atá piarmheasúnaithe go hidirnáisiúnta agus a bhfuil teacht go hoscailte orthu, ar chur i bhfeidhm teicnící staid na teicníochta i bpróiseáil nádúrtha na Gaeilge. |

| Uimhir 5.31 | **Déanfar ábhar ar shuíomh idirlín Edcite a aistriú go Gaeilge, chun cur leis an ábhar atá ar fáil cheana féin dóibh siúd atá ag teagasc as Gaeilge, agus oiliúint a chur ar mhúinteoirí chun an acmhainn a úsáid. Is ardán ar líne é Edcite a chuireann uirlisí ar líne ar fáil do mhúinteoirí chun cleachtaí oideachais a aimsiú, a shaincheapadh agus a chruthú dá gcuid daltaí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | CI, RTCEGSM, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Níl aon dul chun cinn le tuairisciú i leith na tréimhse seo. |

| Uimhir 5.32 | **Maidir le Clár TechSpace, déanfar forbairtí leanúnacha ar an togra ar mhaithe lena chur ar fáil go náisiúnta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | CI, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | **Iúil go Nollaig 2019**<br>• 5 scoil/eagraíocht óige páirteach<br>• 10 múinteoir traenáilte ina iomlán sa Chlár TechSpace<br>• Seoladh 20 uair curaculam sa ríomheolaíocht mar chuid den chlár TechSpace.<br>• Seoladh Dialann Scoile do mhúinteoirí méanscoileanna 2019/2020 le ceachtanna.<br>• Freastal déanta air ós cionn 8,000 duine óg i gcoláistí samhradh ar fud na tíre mar chuid don Chlár TechSpace ar an mbóthar (ceardlann a bhí curtha ar fáil do dhaoine óga agus d'fhoirneann na gcoláiste samhradh).<br><br>**2020 agus COVID-19**<br>• Forbairt déanta ar 4 seisiún traenála agus an Clár curtha ar líne do na muinteoirí le freastal thar 4 seachtaine<br>• Freastal déanta ar 1,000 duine óg sa bhaile le ceachtanna ar feadh 3 seachtaine<br>• TechSpace ar Campa Cúla4 ar feadh 4 seachtaine<br><br>**Líon scoileanna/eagrachtaí óige páirteach ina iomlán 2020:**<br>• 42 meánscoil<br>• 66 bunscoil<br>• 35 club óige |

| | |
|---|---|
| | • 81 eagracíocht traenáilte (146 ina iomlán ó thús ama go deireadh 2020).<br>• 361 múinteoir traenáilte ina iomlán sa Chlár TechSpace 2020<br>• Tionchar ar 8,500 duine ó san iomlán |

| **Uimhir 5.33** | **Maidir le Tech Féile, déanfar féile bunaithe ar theicneolaíocht na Gaeilge a bhunú do scoláirí meánscoile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | CI, RTCEGSM, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Reáchtáladh Tech Féile 2020 in Aerfort na Sionainne ar an 4 Márta 2020<br>• 390 duine óg i láthair<br>• 38 Oideoirí TechSpace<br>• 17 Eagraíochtaí Óige agus scoileanna<br>• 31 ceardlann agus taispeántas ar siúl |

| **Uimhir 5.34** | **Maidir le Fáilte ar Líne, déanfar cúrsaí ar líne go leibhéal céime don Ghaeilge agus do Chultúr na hÉireann a chur ar fáil.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | OCBÁC, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Os cionn 56,000 úsáideoir ó 140 tír le linn na tréimhse seo agus os cionn 100,000 duine ó thús an tionscadail.<br>Cuireadh c.12 ollchúrsa bunaithe ar leibhéal A & B1 den CEFR agus cultúr na hÉireann ar fáil go dtí seo. |

| **Uimhir 5.35** | **Maidir le cúrsaí ríomhaistriúcháin, leanfar le forbairtí ar chórais ríomhaistriúcháin, ar mhaithe le caighdeán seirbhísí i nGaeilge a fheabhsú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cé gur chríochnaigh thionscadal ELRI i mí Meán Fómhar 2019, leanadh ag bailiú shonraí teanga tríd an Stáisiún Athsheachadta Náisiúnta le linn 2020. Táthar ag súil le tuilleadh forbairt a dhéanamh air seo le linn 2021.<br><br>Tá OCBÁC ag déanamh comhordú ar thionscadal eile, PRINCIPLE, ó Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh. Ó thaobh na Gaeilge de, tá an tionscadal ag bailiú sonraí teanga ó Rannóg an Aistriúcháin (Tithe an Oireachtais), An Roinn Dlí agus Cirt, Foras na Gaeilge agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in OÉ, Gaillimh. |

| | |
|---|---|
| | Tá córais ríomhaistriúcháin á dtógáil leis na sonraí teanga atá á mbailiú, agus beidh tionchar dearfach ag an obair seo ar chaighdeán na ríomhaistriúcháin Ghaeilge. Faoi dheireadh 2020, bhí beagnach 300,000 Aonaid Aistriúcháin Béarla/Gaeilge faighte ag an dtionscadal. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 5.36 | **Maidir le Comhordú Acmhainní na dTeangacha Eorpacha (ELRC), tacóidh an Coimisiún Eorpach leis an RTCEGSM agus le ADAPT chun ardán aistriúcháin uathoibríoch a fhorbairt don Ghaeilge. Beidh an t-ardán seo tairbheach d'aistritheoirí in Institiúidí an Aontais chun dul i ngleic leis an tromualach aistriúcháin.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC, ASACE, Comhlachtaí ábhartha poiblí |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Obair leanúnach ar bun faoin tionscadal seo chun acmhainní teanga a bhailiú ar mhaithe le hardán aistriúcháin uathoibríoch a fhorbairt don Ghaeilge. I mí Lúnaa 2019, thacaigh an Roinn le ceardlann theicneolaíochta a bhain leis na Teangacha Ceilteacha, le linn an "MT Summit", comhdháil idirnáisiúnta a bhain le cúrsaí ríomhaistriúchaín, a bhí á óstáil ag OCBÁC.<br>Foilsíodh Páipéar Bán maidir le cúrsaí ríomhaistriúcháin i dTíortha na hEorpa, Éire san áireamh, i mí na Samhna 2019. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 5.37 | **Maidir le Vifax don Ghaeilge, leanfar leis an tacaíocht don togra seo a chuireann ábhar feiliúnach, cleachtaí atá bunaithe ar mhíreanna as Nuacht TG4, ar fáil don seomra ranga i meánscoileanna, i gcoláistí tríú leibhéal agus in institiúidí aosoideachais.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | OMN, RTCEGSM, COGG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá gach sprioc sáraithe ag Vifax le linn na tréimhse, agus ardú an-mhór tagtha ar líon na n-úsáideoirí agus ar líon na gcuairteanna atá tugtha ar an suíomh. 27,108 duine as 10 dtír éagsúla a bhain úsáid as Vifax le linn na tréimhse Iúil 2019–Nollaig 2020; sin ardú 129% ar líon na n-úsáideoirí a bhí aige sa bhliain 2018. Tugadh 168,830 cuairt ar an suíomh le linn na tréimhse céanna; sin ardú 103% ar líon na gcuairteanna a rinneadh in 2018.<br><br>Tá plean cumarsáide forbartha le poiblíocht níos éifeachtaí a dhéanamh ar Vifax sna meáin shóisialta gach seachtain agus tá togra beag taighde curtha ar bun le tuilleadh eolais a bhailiú faoi úsáid agus úsáideoirí Vifax, féachaint an mbeadh deiseanna ann forbairt a dhéanamh air, le freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na n-úsáideoirí.<br><br>Féach http://vifax.maynoothuniversity.ie/ |

| Uimhir 5.38 | **Tacófar leis an bhfeachtas Trasna na dTonnta, a chruthaíonn cibear-Ghaeltacht ar líne, ar mhaithe le feasacht a chruthú don teanga ar na meáin shóisialta, agus naisc a chruthú idir muintir na hÉireann, an diaspóra agus foghlaimeoirí Gaeilge ar fud na cruinne.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | FOÉC, RTCEGSM, RGET, CF, CnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Reáchtáladh Trasna na dTonnta faoi dhó in 2020 (i mí Aibreáin & i mí na Nollag). Mar gheall ar na feachtas seo, chonaic 8 milliún duine tvuíteanna as Gaeilge leis an haischlib #TrasnaNadTonnta. Chonaic na daoine seo tvuíteanna sé huaire ar an meán, agus mar sin 50 milliún 'taispeáint' tvuíteanna #TrasnaNadTonnta a bhí ann. |

## Oideachas

| Uimhir 5.39 | **Cuirfear tús le MA nua i gCleachtas Gairmiúil sna Meáin trí Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Beidh an MA ar fáil mar chúrsa lánaimseartha nó páirtaimseartha agus cuirfear béim ar an iriseoireacht, an chraoltóireacht agus cruthú ábhar d'ardáin éagsúla.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | OÉG, RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Lean RTÉ agus OÉ, Gaillimh den chomhpháirtíocht seo a fhorbairt agus a neartú le linn na tréimhse. Cuireann RTÉ socrúchán oibre chomh maith le meantóireacht ar fáil do na mic léinn MA ar fad i saoráidí RTÉ i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath. Faigheann na mic léinn oiliúint phraiticiúil sna réimsí seo a leanas - Nuacht, Teilifís, Raidió agus digiteach. |

## Corparáideach

| Uimhir 5.40 | **Cuirfear le húsáid na Gaeilge ar chuntas @RTÉ Twitter agus cíorfar ábhar breise i nGaeilge i spásanna eile de chuid RTÉ ar na meáin shóisialta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá láithreacht RTÉ Gaeilge ag méadú ar fud gach ardán meán sóisialta,- ar Twitter, Facebook, agus Instagram.<br><br>Twitter: https://twitter.com/rte<br>Facebook: https://www.facebook.com/ExploreRTE/<br>Instagram: https://www.instagram.com/explorerte/ |

## Na hEalaíona

| Uimhir 5.41 | **Leanfar leis an tacaíocht don Chumann Scoildrámaíochta, ar mhaithe le féilte drámaíochta chun drámaí as Gaeilge a chur chun cinn ar fud na tíre, i measc scoláirí bunscoile agus iarbhunscoile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | CS, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Déanadh athmheas ar na Féilte a reachtáileadh i 2019. Déanadh urraíocht ar Chomórtas Liteartha an Oireachtais agus déanadh socraithe do Fhéilte 2020. Ghlac 120 scoil páirt in 18 Féile Áitiúil. Ainmníodh scoileanna le dul ag na 4 Fhéilte Cúige. Léiríodh 28 dráma ag Féile Chonnacht 2020. De bharr COVID-19 cuireadh na Féilte Cúige eile agus An Fhéile Náisiúnta ar ceal. |

| Uimhir 5.42 | **Leanfar leis an tacaíocht don Taibhdhearc, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | AnT, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Bhí léiriúcháin agus ceolchoirm ar bun i mí Eanáir, Feabhra agus Márta 2020 ach bhí cuid mhór imeachtai le cur ar ceal ag an Taibhdhearc de bharr COVID-19. Eagraíodh '*Drive-In*' dráma i gcomhar le Fíbín i mí Lúnasa 2020 le 9 léiriú.<br><br>Ceadaíodh maoiniú 3 bliana don Taibhdhearc ag deireadh na bliana 2020 don tréimhse 2021 – 2023 chun plean gnó na hamharclainne a chur i bhfeidhm, Beidh an amharclann á ligeann ar léas ar feadh an tréimhse seo le gnólacht drámaíochta Gaeilge a bheidh ag déanamh bainistíocht agus feidhmíochta ar Amharclann Náisiúnta na Gaeilge. |

| Uimhir 5.43 | **Déanfar scéimeanna de chuid Fhoras na Gaeilge, amhail Scéim na bhFéilte, Scéim na gComplachtaí Drámaíochta, Scéim na dTionscadal Litríochta, na Scéimeanna Meantóireachta do scríbhneoirí agus Scéim na Foilsitheoireachta a chur chun feidhme chun an cultúr agus an chruthaitheacht agus gréasáin Ghaeilge a chothú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Le linn na tréimhse chuir Foras na Gaeilge an maoiniú seo a leanas ar fáil trí Chlár na Leabhar Gaeilge,:<br><br>**Scéim na Foilsitheoireachta:**<br>• 107 leabhar foilsithe ag 13 fhoilsitheoir (Iúil–Nollaig 2019) agus 76 leabhar foilsithe ag 12 fhoilsitheoir (Eanáir–Nollaig 2020). Tá an titim i líon na leabhar a fhoilsíodh le linn 2020 le tuiscint mar gheall ar COVID-19. |

| | |
|---|---|
| | **Scéim na gCoimisiún:**<br>• Rinneadh bainistíocht leanúnach ar 45 choimisiún faoi Scéim na gCoimisiún 2015, 2017 & 2019 ar mhaithe le soláthar sásúil sna réimsí éagsúla léitheoireachta a chinntiú (Iúil 2019 – Nollaig 2020).<br>**Scéim na dTionscadal Litríochta:**<br>• 9 n-eagraíocht maoinithe le tionscadail litríochta a reáchtáil (Iúil–Nollaig 2019)<br>• 8 n-eagraíocht maoinithe le tionscadail litríochta a reáchtáil (Eanáir–Nollaig 2020).<br>**An Scéim Meantóireachta:**<br>• 11 mheantóireacht curtha i gcrích (Iúil 2019 – Nollaig 2020) le deis a thabhairt do scríbhneoirí i dtús a ré scríbhneoireachta comhairle faoina gcuid scríbhinní agus faoi cheird na scríbhneoireachta i gcoitinne a fháil ó mheantóirí ar scríbhneoirí aitheanta iad.<br>**Scríobh Leabhar:**<br>• Ghlac 5,363 pháiste as 57 scoil páirt agus scríobhadh 2,344 leabhar faoin scéim Scríobh Leabhar le linn na scoilbhliana 2019-20.<br>• Níor fógraíodh an scéim roimh dheireadh na bliana 2020 mar gheall ar shrianta leanúnacha COVID-19. Cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige na scéime le linn 2021.<br>**Cothú na Léitheoireachta:**<br>• Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh 56 ócáid i leabharlanna (Iúil–Nollaig 2019)<br>• Níor fógraíodh an ciste le haghaidh na leabharlann le linn 2020 mar gheall ar COVID-19; Cuireadh maoiniú ar fáil do 60 naíonra agus naíscoil sa dá dhlínse le leabhair léitheoireachta Ghaeilge do pháistí a cheannach dá leabharlann ina ionad (Eanáir–Nollaig 2020).<br>• Cuireadh maoiniú ar fáil do 109 Gaelscoil agus scoil Ghaeltachta le leabhair léitheoireachta Ghaeilge do pháistí a cheannach dá leabharlann (Iúil 2019–Nollaig 2020)<br>**Scéim na bhFéilte:**<br>• Cuireadh maoiniú ar fáil do 56 fhéile, ina measc bhí, Scoil Samhraidh Willie Clancy, Scoil Samhraidh Mhic Reachtain, Féile na Bealtaine agus Féile Mhacha.<br>**Scéim na gCompántas Drámaíochta:**<br>• Cuireadh maoiniú ar fáil do 17 gCompántas Drámaíochta, ina measc bhí, Fibín, Aisling Ghéar, Branar agus Ababú.<br>**Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon;**<br>Cuireadh maoiniú ar fáil do 7 Mór-Imeacht Ealaíon, ina measc bhí Seachtain na Gaeilge ag Fleadh Cheoil na hÉireann, Féile an Phobail, an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta agus An Fhéile Phan-Cheilteach. |

| Uimhir 5.44 | **Tabharfar faoi líon na siopaí leabhar a dhíolann leabhair Ghaeilge trí Sheirbhísí Dáileacháin Leabhar Fhoras na Gaeilge – ÁIS – a mhéadú agus ardófar líon na leabhar Gaeilge a dhíoltar i siopaí leabhar in Éirinn agus thar lear trí thionscadal margaíochta leabhar.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Bhí díolachán ÁIS sa bhliain go dtí deireadh Nollag 2020 5.3% níos airde ná sa tréimhse chéanna in 2019, ainneoin na ndúshlán a bhain le COVID-19. |

| Uimhir 5.45 | **Maidir le Cultúr Club, déanfar an Ghaeilge a chur chun cinn agus imeachtaí bainteach le cultúr na hÉireann a reáchtáil as Gaeilge do dhaltaí bunscoile agus meánscoile thar lear. Neartóidh an clár seo féiniúlacht Éireannach i measc an phobail thar lear agus cuirfidh sé cultúr agus teanga na hÉireann chun cinn ar fud na cruinne.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | CnaG, RTCEGSM, RGET |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá críoch curtha leis an togra seo ó 2019 |

| Uimhir 5.46 | **Maidir le tacú tuilleadh le forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht, leanfar leis an tacaíocht do na healaíona sa Ghaeltacht agus déanfar tuilleadh acmhainní a sholáthar d'Ealaín na Gaeltachta Teo chun cur ar a cumas clár forbartha a sholáthar i gcomhar le páirtithe leasmhara a bheidh dírithe ar chur chun cinn na nealaíon Gaeilge agus Gaeltachta, mar aon le réimsí de Chlár Éire Ildánach a fheidhmiú, mar a bhaineann leis an nGaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CE, EnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn** | Ceadaíodh maoiniú €1.275m d'Ealaín na Gaeltachta chun clár 3 bliana atá comhaontaithe le RTCEGSM a chur chun cinn a raibh sé mar phríomhchuspóir aige deiseanna breise saibhrithe agus sealbhaithe teanga a chur ar fáil d'aos óg na Gaeltachta mar a bhaineann sé leis na healaíona teanga-bhunaithe sa Ghaeltacht; tagann cuid mhaith den obair seo faoi scáth an chláir *Cuisle* atá á riar ag EnaG le cúnamh na Roinne. |

| Uimhir 5.47 | **Déanfar Straitéis chomhtháite ealaíon a fhorbairt le haghaidh ealaíona na Gaeltachta agus na Gaeilge i gcomhar le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, an Chomhairle Ealaíon agus TG4 a bheidh dírithe:**<br>• **ar chomhordú agus chomhoibriú níos fearr a chinntiú i bhforbairt na n-ealaíon Gaeltachta agus Gaeilge**<br>• **ar na caidrimh i measc na bpáirtithe leasmhara a threisiú tuilleadh**<br>• **ar phróifíl na n-ealaíon Gaeltachta agus Gaeilge a mhéadú agus a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta**<br>• **ar dheiseanna a aimsiú chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do na healaíona Gaeltachta agus Gaeilge agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CE, EnaG, FnaG, OnaG, RCGAC, TG4 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Rinne OnaG áisiú ar 3 ócáid comhairliúcháin de chuid Fhoireann Taighde na Straitéise d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge ag Oireachtas na Samhna 2019;<br>• Chuir OnaG aighneacht chuig an bhFoireann Taighde ar an ábhar in Eanáir 2020.<br>• Mar chéad chéim in ullmhú Straitéis d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge, chuir Ollscoil Luimnigh i gcomhpháirt le Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, dréacht tuarascála ar fáil don Roinn a bhí bunaithe ar phróiseas taighde a cuireadh i gcrích le linn 2019/20.<br>• I bpáirt le RTCEGSM agus Éire Ildánach, rinne TG4 coimisiúnú ar *Samhlú*, clár ceiliúrtha Ealaíne, léirithe ag Fíbín.<br>• Comhoibriú idir TG4 agus Ealaín na Gaeltachta le haghaidh Oíche Chultúir 2020. Cruthaíodh clár leath uaire (Tearmann) a craoladh ar TG4, maraon le sraith míreanna próifíle ar ealaíontóirí sa Ghaeltacht, a taispeáineadh ar Mholscéal.<br>• Cuireadh spás fógraíochta ar fáil ar TG4 d'ócáidí agus do ghrúpaí ealaíne: Ealaín na Gaeltachta, An Taibhdhearc, Fíbín.<br>• Thacaigh TG4 le Ceangal Dolen, comhdháil amharclanaíochta do thíortha Ceilteacha. |

| Uimhir 5.48 | **Leanfar ag tacú le cur chun cinn na n-ealaíon sa Ghaeltacht tríd an gcúnamh caipitil a chuirtear ar fáil faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga de chuid na RTCEGSM.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG, CE, EnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Leanadh ag cur cúnamh ábhartha ar fáil ar bhonn leanúnach faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga do choistí agus eagraíochtaí pobail sa Ghaeltacht |

| Uimhir 5.49 | **Cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil chun na healaíona a chothú agus a chur chun cinn i measc na hÓige sa Ghaeltacht ar mhaithe le tacú le cur chun cinn an phróisis pleanála teanga agus an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 araon.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, EnaG, TnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Ceadaíodh maoiniú €1.275m d'Ealaín na Gaeltachta in 2019 chun clár 3 bliana suas go 2021/22 atá comhaontaithe le RTCEGSM a chur chun cinn chun leas a bhaint as na healaíona teanga-bhunaithe sa Ghaeltacht.<br>• Ceadaíodh allúntas suas le €150,000 do TG4 chun cur ar a gcumas sraith scannáin agus sraith stoingí comhpháirtíochta brandáilte Ar-Aer a chruthú – Samhlú 2020.<br>• Ceadaíodh €25,000 faoin togra *Fighting Words* i gcomhpháirtíocht le Éire Ildánach.<br>• Thacaigh TG4 le ócáid TechFéile 2020 in Aerfort na Sionainne.<br>• Léirigh Tuismitheoirí na Gaeltachta i gcomhar le TG4 agus Aniar Teo sraith físeáin bunaithe ar na hEalaín Béil agus dúchasach le ceiliúradh a dhéanamh ar Oireachtas 2020 (a cuireadh ar athló de bharr srianta COVID-19). Ghlac 125 páiste agus duine óg ón nGaeltacht páirt sa togra agus bhí ionadaíocht i gceist ó gach aon chontae Gaeltachta. Craoladh 6 físeán ar an teilifís agus ar na meáin shóisialta ina raibh suas le 60 duine de na páistí/daoine óga sin páirteach. Cuireadh sraith físeáin ar fáil do Cúla4 ar Scoil mar thoradh ar an togra seo chomh maith.<br>• Chuir Tuismitheoirí na Gaeltachta ranganna ar fáil sa cheol, amhránaíocht agus damhsa dúchasach (i gcomhpháirtíocht le Ealaín na Gaeltachta), ranganna ceoil nua-aimseartha agus ranganna drámaíochta ar fáil chomh maith. Tá Amharclann na nÓg, compántas drámaíochta don óige curtha ar bun ag an eagraíocht. |

## Féilte

| Uimhir 5.50 | **Leanfar de bheith ag cur tacaíocht mhaoinithe ar fáil i gcomhar leis an gceanneagraíocht chuí chun deiseanna a chur ar fáil chun tacú le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán do dhaoine fásta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, OnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | D'aontaigh FnaG buiséad agus clár oibre do 2019 agus 2020 le hOireachtas na Gaeilge i leith an réimse seo ar mhaithe le deiseanna úsáidte Gaeilge agus gréasáin úra do phobail labhartha Gaeilge a éascú ar fud na tíre.<br><br>Lean OnaG d'eagrú féile náisiúnta ealaíon, cultúir agus dioscúrsa an Oireachtais, i nDeisceart Bhaile Átha Cliath in 2019 agus go fíorúil in 2020.<br><br>D'fhreastail 10,000 ar an Oireachtas in 2019 ar aon dul le 2018. Méadaíodh líon na gcomórtas taibhealaíne ó 41 go dtí 52 agus an líon ócáidí gréasánaíochta ó 12 go dtí 21.<br><br>D'Oireachtas Fíorúil 2020 bhí fócas iomlán na féile ar eispéiris ealaíne teangabhunaithe Gaeilge a chruthú ar ardáin ilmheáin na heagraíochta agus, le tacaíocht na meán, ar TG4, RTÉ Raidió na Gaeltachta, RTÉ Radio 1 agus BBC Thuaisceart Éireann.<br><br>Lean OnaG de reáchtáil agus d'éascú deiseanna úsáidte Gaeilge ar bhonn réigiúnach, go fisiciúil in 2019 agus go fíorúil in 2020, ina measc:<br>• **Tionscnaimh Ealaíon:** Oíche Chultúir; Gradaim Chumarsáide an Oireachtais; Ceardlanna Ealaíon Teangabhunaithe Gaeilge & Comórtais ag féilte éagsúla, ina measc, An Fhéile Idirnáisiúnta Pan-Cheilteach, Sean-Nós na Fearsaide, Féile an Phobail (Béal Feirste), Féile na Gealaí; Seónna Oireachtais i gcomhar le grúpaí áitiúla éagsúla; Sraith Ceardlanna Ealaíon do Mhúinteoirí i gcomhar leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí.<br>• **Tionscnaimh Liteartha:** Sraith Comórtas Liteartha an Oireachtais; Na Gradaim Fhoilsitheoireachta; Taisce Liteartha an Oireachtais (Sraith Podchraoltaí de Shaothair Liteartha ar Ardchaighdeán, tionscanta in 2020).<br>• **Tionscnaimh Ghréasánaíochta:** Nollaig na mBan; #parkrunabú (ar athló ó mhí Marta 2020 de bharr na paindéime); Féastaí Sráide (2019 amháin); Feachtais Ghréasánaíochta fíorúla (An Mheitheal Áitiúil & Tae @ 3). |

| | |
|---|---|
| | • **Taighde:** Baineadh tairbhe ar leith as tréimhsí dianghlasála 2020 le tabhairt faoi mhór-shaothar taighde a mbainfear leas as chun straitéis ghréasánaíochta úrnua bunaithe ar fhianaise nua-bhailithe, cothrom le dáta a chruthú. Cuireadh an taighde i gcrích trí cheistneoir a ullmhú agus a scaipeadh, agus agallaimh aonair agus grúpaí fócais ar líne a reáchtáil d'fhonn faisnéis a bhailiú ó phobal na Gaeilge maidir leis na riachtanais atá acu agus conas a d'fhéadfaimis é a chur ar fáil. Cuirfear an Tuairisc ar fáil in 2021.<br><br>Ina theannta sin, d'eagraigh OnaG go leor deiseanna úsáidte Gaeilge eile ar bhonn réigiúnacha le linn na tréimhse:<br>• Oireachtas na Samhna Fíorúil: Reáchtáladh 78 imeacht oifigiúla thar 10 lá, 28 craoladh ar na meáin náisiúnta agus bhí 28 eagraíocht/institiúid/ comhlacht ag eagrú imeachtaí i bpáirt leis an oireachtas.<br>• Na Gradaim Chumarsáide – ócáid fhíorúil: 250 a bhreathnaigh ar an ócáid agus líon gradam a bronnadh 13.<br>• Comórtais Liteartha – ócáid fhíorúil: Bronnadh duaischiste €26,500, le 23 comórtas liteartha agus 223 iomaitheoir. D'fhéach 693 duine ar an ócáid bhronnta fíorúil.<br>• Páirtnéireacht déanta le himeachtaí eile le linn na tréimhse, ar nós: Sean-Nós na Fearsaide, Féastaí Sráide, Parkrun Abú, Steip na Seachtaine, Tráth na gCeist, Amhrán na seachtaine agus Bí Cruthaitheach.<br><br>D'eagraigh Conradh na Gaeilge roinnt gréasáin arís sa tréimhse Iúil 2019 go Nollaig 2020, mar shampla:<br>• 'Caint & Comhrá' – gréasán ciorcail comhrá ar fud an domhain. Bhí 145 chiorcal sa ghréasán ag deireadh 2019. Cuireadh tacaíocht ar fáil do bhreis agus 70 ciorcal sa ghréasán a fheidhmiú ar líne i rith na paindéime. Eagraíodh Comhrá 19 agus Comhrá 20 – comhrá leanúnach gan stad thar chúpla lá - le spreagadh a thabhairt do na ciorcail agus ghlac 50 grúpa páirt.<br>• Gréasán na gCumann Gaelach agus Oifigeach Gaeilge sna coláistí tríú leibhéal.<br>• Gréasánaiocht le grúpaí mionlaigh – imeachtaí eagraithe le 15 grúpa mionlach / nua Éireannaigh.<br>• Gréasán na Lárionad Gaeilge –44 lárionad anois ar fud an 32 chontae mar chuid den ghréasán seo. Cuireadh ábhar nua comónta ar fáil do na lárionaid i rith na tréimhse seo. |



# 6

## Réimse Gnímh

# Foclóirí

# Réimse Gnímh 6: Foclóirí

## Réamhrá

**Foclóir Stairiúil na Gaeilge**
Tá Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ) i mbun oibre ar an tionscadal a bhfuil sé mar chuspóir aige foclóir stairiúil don Nua-Ghaeilge (1600-2000) a thiomsú, a thaispeánfaidh éabhlóid na teanga sa tréimhse sin. Tá sé ar cheann de na tionscadail taighde teanga is uaillmhianaí riamh san Eoraip. Is cuid luachmhar dár n-oidhreacht iad foclóirí na teanga agus tá deontas ceadaithe ag an RTCEGSM don tionscadal seo don tréimhse 2020-2024. Déanfaidh an foclóir cur síos ar fhorbairt fhoclóir na Gaeilge, ar fhoirmeacha éagsúla na bhfocal agus ar an gcaoi ar athraigh na sainmhínithe le linn na tréimhse sin. Go dáta, seoladh Corpas Stairiúil na Gaeilge 1600-1926 ar líne agus tá breis agus 3 mhíle téacs agus oiread agus 19 milliún focal ann.

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag tacú go leanúnach le hearnáil na foclóireachta agus na téarmaíochta.

**Foclóir Nua Béarla-Gaeilge**
D'fhoilsigh Foras na Gaeilge an chéad leagan den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge ar www.focloir.ie sa bhliain 2013. Bhreathnaigh breis is 2.4 milliún úsáideoir ar shuíomh an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge, foclóir.ie, sa bhliain 2020, méadú 14% ón mbliain 2019. In 2020, breathnaíodh ar níos mó ná 34 milliún leathanach ar an suíomh, méadú 23% ón mbliain 2019. Ar oileán na hÉireann atá 75% d'úsáideoirí an tsuímh. In 2020, is i Meiriceá a bhí 13% d'úsáideoirí lonnaithe (níos mó tá 300,000 míle duine).

Foilsíodh leagan clóite den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge, an *Concise English-Irish Dictionary* i mí na Bealtaine 2020. Leabhar 1,800 leathanach faoi chlúdach crua atá ann ina bhfuil 30,000 iontráil, 85,000 aonad céille, chomh maith le forlíonadh stíle agus gramadaí. Bhí breis is 5,000 cóip díolta faoi dheireadh na bliana 2020. Sheol an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn an leabhar go hoifigiúil in ócáid ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2020.

Maidir le cúrsaí téarmaíochta, baineadh cloch mhíle amach i lár 2019 nuair a rinneadh an 100 milliúnú cuardach ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge ó cuireadh ar líne é sa bhliain 2005. Bíonn thart ar 50,000 cuairteoir in aghaidh na míosa ag an suíomh téarma.ie (níos lú i míonna an tsamhraidh, níos mó sna míonna eile). Is as oileán na hÉireann a thagann formhór na bhfiosruithe (thart ar 89%), agus fiosruithe ón mBreatain, ó thíortha eile an Aontais Eorpaigh, ó na Stáit Aontaithe, ó Cheanada agus ón Astráil go mór chun tosaigh freisin.

### Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018-2019 | 1 | 1 | | |
| 2018-2021 | 2 | | 2 | |
| 2018-2022 | 3 | | 3 | |
| 2020 | 1 | 1 | | |
| IOMLÁN | 7 | 2 | 5 | 0 |

## Réimse Gnímh 6: Foclóirí

### Foclóirí

| Uimhir 6.1 | **Foilseofar leagan clóite den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Foilsíodh leagan clóite den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge, *Concise English-Irish Dictionary*, i mí na Bealtaine 2020 agus díoladh breis is 5,000 cóip díolta faoi dheireadh na bliana 2020. |

| Uimhir 6.2 | **Leanfar leis an bpleanáil chuí chun foclóir Gaeilge-Gaeilge agus foclóir Gaeilge-Béarla a fhorbairt.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Cuireadh Céim 1 agus Céim 2 de Chorpas Foclóireachta Gaeilge i gcrích agus Céim 3 le déanamh in 2021. Aisiompú bunachar sonraí Fhoclóir Nua Béarla Gaeilge (FNGB) idir lámha; conradh aontaithe le comhlacht seachtrach chun sainmhínithe foclóra a úsáid. Cás gnó don tionscadal nua foclóireachta Gaeilge-Gaeilge agus Gaeilge-Béarla á ullmhú le cur faoi bhráid Bhord Fhoras na Gaeilge, na Ranna Urraíochta, agus an CATT in 2021. |

| Uimhir 6.3 | **Maidir le Foclóir Stairiúil na Gaeilge, leanfar leis an bhforbairt agus an tacaíocht lena chinntiú go gcuirfear Foclóir Stairiúil na Gaeilge i gcrích. Mar chuid den obair seo, cuirfear fo-chorpais ar fáil ar líne ó am go chéile.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ARÉ |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Comhaontaíodh plean forbartha 2020-2025 idir Acadamh Ríoga na hÉireann agus RTCEGSM mí Lúnasa 2019, a shocraigh cuspóirí don tréimhse sin lena chinntiú go ndéanfar forbairt ar obair an Fhoclóra Stairiúil. |

| | |
|---|---|
| | Tá fás suntasach ar an gCorpas digiteach de théacsanna a bheidh mar dhúshraith don Fhoclóir Stairiúil. Bhí 85 milliún focal réidh faoi Nollaig 2020 , agus táthar ag díriú ar an sprioc 90 milliún a bhaint amach. Tá pleanáil ar siúl maidir leis an chéad sciar eile den chorpas stairiúil a sheoladh ar líne don phobal.<br><br>Cuireadheagar ar *Fhoclóir Mháirtín Uí Chadhain*, foclóir canúnach a réitigh an t-údar iomráiteach agus breis agus 500 míle focal de chaint Chonamara breactha ann. Beidh fáil ag an bpobal ar an bhfoclóir seo den chéad uair riamh, saor in aisce ar líne. |

## Téarmaíocht

| Uimhir 6.4 | **Leanfar le hobair an Choiste Téarmaíochta idir fhaomhadh téarmaíochta agus fhoilsiú na dtorthaí ar www.tearma.ie faoi réir na dtagairtí sa Straitéis do 'téarmaíocht nua-aimseartha i nGaeilge a fhorbairt agus a scaipeadh'.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Leanadh den tsoláthar de théarmaí úra agus de théarmaí leasaithe ar an mbunachar náisiúnta, agus béim ar théarmaí ón bhfoclóir nua. Eagraíodh ceardlann idirnáisiúnta do théarmeolaithe. Foilsíodh cuirí chun tairisceana i dtaca le forbairt, eagarthóireacht agus óstáil don suíomh téarma.ie, agus faoi dheireadh 2020 bhí conarthaí nua dréachtaithe don treimhse 2021-2023. |

| Uimhir 6.5 | **Maidir le téarmaíocht dhlíthiúil a sholáthar, déanfar próiseáil ar Rialacha na nUaschúirteanna, 1986, ar mhaithe le téarmaíocht a bhaineann leis an dlí agus an reachtaíocht a bhaint astu agus iad a chur ar fáil i riocht ailínithe le go mbeidh teacht ag speisialtóirí agus ag an bpobal i gcoitinne ar na saintéarmaí dlí atá le fáil iontu, Institiúidí an AE san áireamh.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018-2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC, RDCC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá an tionscadal seo curtha i gcrích.<br>Féach https://www.gaois.ie/ga/ |

## Acmhainní ar Líne

| Uimhir 6.6 | **Maidir le háiseanna ar líne, déanfar cothabháil agus forbairt ar www.focloir.ie agus www.teanglann.ie le go mbeadh méadú leanúnach ar úsáid an phobail ar na hacmhainní seo.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018-2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Nuashonrú déanta ar teanglann.ie agus ar foclóir.ie i Ráithe 4, 2020. Sa bhliain 2020, bhí 2.4 milliún úsáideoir ag foclóir.ie (ardú 0.5 milliún ón tuairisc dheireanach) agus 2.4 milliún úsáideoir ag teanglann.ie (ardú 0.8 milliún ón tuairisc dheireanach). Nuashonrú ar aip an dá shuíomh idir lámha. Conradh nua cúig bliana le haghaidh sholáthar na seirbhísí teicniúla sínithe. |

| Uimhir 6.7 | **Maidir le huirlisí aistriúcháin, leanfar le forbairt a dhéanamh ar uirlisí aistriúcháin agus córas chun costais aistriúcháin a laghdú agus seirbhís níos gasta a chur ar fáil.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Fostaíodh aistritheoir nua sa Roinn roimh dheireadh na bliana 2020.<br><br>Tá tuairisc ar na tionscadail ELRI agus ELRC ar fáil ag 5.35 agus 5.36 thuas. |



# 7

## Réimse Gnímh

# Reachtaíocht agus stádas

# Réimse Gnímh 7: Reachtaíocht agus Stádas

## Réamhrá

Nuair a cuireadh an Plean Gníomhaíochta le chéile, leagadh amach 3 mhórthogra ó thaobh na reachtaíochta de a bhí le cur i gcrích chun stádas na teanga a neartú sna 5 bliana - 2018 go 2022. Is iad sin:

1. Acht na Gaeltachta 2012 a fheidhmiú;
2. Acht na dTeangacha Oifigiúla a leasú; agus
3. Deireadh a chur leis an maolú teanga san Aontas Eorpach faoi 31 Nollaig 2021.

## Acht na Gaeltachta, 2012

Déantar rianú beacht san Acht faoin bpróiseas pleanála teanga atá á chur i bhfeidhm ó 2014 i leith. Tugtar léargas faoi Réimse Gnímh 2 den tuairisc seo ar an dul chun cinn atá déanta chun cúram a dhéanamh de chur i bhfeidhm an phróisis seo le linn na tréimhse tuairiscithe.

Ina theannta sin tá léargas níos cuimsithí ar shuíomh idirlín RTCEGSM faoin bpróiseas trí chéile.

## Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019

Tá an-dul chun cinn déanta ar an mBille Teanga agus foilsíodh é i Nollaig 2019.

Is é an aidhm is mó atá leis an mBille nua ná a chinntiú go leanfaidh an tAcht Teanga de bheith ina thacaíocht éifeachtach do gach duine ar mian leo seirbhísí d'ardchaighdeán i nGaeilge a fháil ón Stát. Tá sé mar chuspóir sa Bhille go mbeidh 20% de na daoine nua a earcaítear don tseirbhís phoiblí ina gcainteoirí Gaeilge agus go mbeidh gach oifig phoiblí atá lonnaithe sa Ghaeltacht ag feidhmiú as Gaeilge, agus, ag eascairt as seo, go mbeidh níos mó daoine le Gaeilge ar fáil sna heagrais Stáit.

Chuige sin, tá i gceist coiste comhairleach úrnua a bhunú faoin mBille chun cuidiú leis an bpróiseas agus beidh ról lárnach ag an gcoiste seo mar choiste stiúrtha chun cur chuige comhordaithe a bheith againn chun a chinntiú go n-earcófar líon leordhóthanach pearsanra le Gaeilge chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar don phobal. Beidh an coiste seo in ann taighde a choimisiúnú chun na tosaíochtaí is práinní a aimsiú san earnáil phoiblí ó thaobh na Gaeilge de.

Cé gur fáiltíodh roimh an Bhille nuair a foilsíodh é, bhí roinnt mhaith ag maíomh gur theastaigh Bille níos láidre, an Coimisinéir Teanga agus Conradh na Gaeilge ina measc.

Bhí sé seo aitheanta ag an Rialtas agus ghealladh sa Chlár Rialtais in 2020 go dtabharfaí Bille níos láidre chun cinn. Tá tacaíocht an Rialtais faighte ag an Aire Martin agus ag an Aire Stáit Chambers roinnt leasuithe a mholadh a láidróidh an Bille.

Ba é an cáineadh is mó a déanadh ar an mBille mar a bhí, ná go raibh easpa spriocdhátaí luaite le cuid de na beartais. Tá iarracht déanta dul i ngleic leis sin anois agus na leasuithe seo á moladh:

- An Coiste Comhairleach reachtúil um Sheirbhísí le bunú tráth **nach déanaí ná sé mhí tar éis an Bhille a bheith achtaithe**
- An Plean Náisiúnta ar mhaithe le soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a mhéadú le bheith ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Aire **tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis a bhunaithe**
- 20% d'earcaigh nua do chomhlachtaí poiblí inniúil sa Ghaeilge tráth nach déanaí ná an **31 Nollaig 2030**.

Chomh maith leis seo, teastaíonn ón Rialtas cumhacht bhreise a thabhairt don Choimisinéir Teanga chun faireachán a dhéanamh ar fhorálacha in achtacháin eile a bhaineann le húsáid nó le stádas teanga oifigiúil agus tráchtaireachtaí a sholáthar ar an gcaoi a mheasann sé/sí a bheith iomchuí. Is dul chun cinn a bheadh anseo agus chuideodh sé go mór le Comhlachtaí Poiblí a gcuid dualgaisí ó thaobh na teanga de a chomhlíonadh.

Chuaigh an Bhille tríd an dara chéim sa Dáil i mí Dheireadh Fómhair 2020. Cé go raibh Céim an Choiste den Bhille le tarlú i mí na Nollag 2020, rinne teachtaí an Oireachtais os cionn 300 leasú breise a mholadh, rud a chuir moil leis an bpróiseas.

**Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla (Comhlachtaí Poiblí) 2003, 2019**
Tá na deacrachtaí atá ag daoine ar mian leo teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Phoiblí trí mheán na Gaeilge, ach nár éirigh leo sin a dhéanamh, de bharr nár déanadh liosta na gcomhlachtaí poiblí atá ag teacht faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a nuashonrú ón mbliain 2006, tugtha ar aird go leanúnach ag an gCoimisinéir Teanga.

Is cúis áthais mar sin go bhfuil an t-athbhreithniú a rinneadh ar Chéad Sceideal an Achta i rith 2018 agus 2019 curthai gcríoch. Leagadh na dréacht-rialacháin ábharthacha os comhair Thithe an Oireachtais ag deireadh 2019 agus tháinig siad i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2020.

## An Ghaeilge san Aontas Eorpach

I mí Iúil 2019, cuireadh tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach faoi bhráid an Rialtas maidir le dul chun cinn institiúidí an Aontais, lenar ghlac an Coimisiún Eorpach ar an 4 Iúil 2019, i dtaca leis an laghdú de réir a chéile ar an maolú ar úsáid na Gaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre an Aontais Eorpaigh.

Ar an iomlán, bhí ábhar dearfach sa tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach. Tá dul chun cinn déanta i ngach réimse den Phlean Gníomhaíochta chun deireadh a chur leis an maolú mar thoradh ar obair leanúnach na RTCEGSM, i gcomhar le hinstitiúidí an AE agus an earnáil tríú leibhéal in Éirinn. De bharr stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach, cuirtear deiseanna fostaíochta nua in Éirinn agus san Eoraip ar fáil do mhuintir na hÉireann. Bhí 101 ball foirne Gaeilge ag obair in institiúidí an Aontais Eorpaigh i mí na Nollag 2018. Is poist ard-oilte agus saineolacha iad, agus tá pá maith ag dul leo dá bharr sin. Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí sé seo méadaithe go dtí 138 duine.

Dul chun cinn suntasach a bhí ann nuair a fógraiodh comórtas nua i mí Feabhra, 2020 chun aistritheoirí Gaeilge a fhostú sa Choimisiún Eorpach – in Éirinn (ar an nGráinsigh i gCo. na Mí) agus sa Bhruiséil. Ba é seo an chéad uair a bheadh aistritheoirí de chuid an AE le fostú in Éirinn, agus ba léiriú maith é go bhfuil an Coimisiún Eorpach agus institiúidí eile de chuid an Aontais Eorpaigh ag obair chun teacht ar réitigh chruthaitheacha, agus ag déanamh gach ar féidir leo chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh a ndóthain aistritheoirí acu nuair a thiocfaidh deireadh leis an maolú a bhaineann le stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach faoi dheireadh na bliana 2021.

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | **1** | 1 | | |
| 2018-2019 | **1** | | | 1 |
| 2018-2021 | **1** | | 1 | |
| 2018-2022 | **3** | | 2 | 1 |
| 2021 | **1** | | 1 | |
| IOMLÁN | **7** | **1** | **4** | **2** |

# Réimse Gnímh 7: Reachtaíocht agus Stádas

## Bille & Acht

| Uimhir 7.1 | **Déanfar Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2017 a achtú.** |
|---|---|
| **Stádas** | Moill Leis |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, DP, OAA |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Déanadh an Ionstraim Reachtúil, I.R. Uimh. 230/2020 - *Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019*, i mí an Mheithimh 2020. Rinne sé seo nuashonrú don chéad uair ó 2006 ar liosta na gcomhlachtaí poiblí atá faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla.<br><br>Chríochnaigh Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) an dara céim sa Dail i mí Dheireadh Fómhair 2020 Cé go raibh Céim an Choiste den Bhille le tarlú i mí na Nollag 2020, rinne teachtaí an Oireachtais os cionn 300 leasú breise a mholadh, rud a chuir moil leis an bpróiseas. |

## Tuaisceart Éireann

| Uimhir 7.2 | **Leanfaidh an Rialtas ag obair le go gcuirfear tiomantais ó thaobh na Gaeilge a bhaineann le Rialtas na Breataine agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann i bhfeidhm ina n-iomláine, lena n-áirítear Acht Teanga don Ghaeilge a thabhairt isteach agus an Ghaeilge a fheabhsú, a chosaint agus a fhorbairt i dTuaisceart Éireann.** |
|---|---|
| **Stádas** | Moill Leis |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RGET, RTCEGSM |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Aontaithe mar chuid den chlár "Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua" go dtabharfar isteach Acht Teanga don Ghaeilge i dTuaisceart Éireann. |

## An Ghaeilge san Aontas Eorpach

| Uimhir 7.3 | **Cuirfear deireadh leis an maolú teanga faoin 31 Nollaig 2021. Leanfar leis an obair leis na hinstitiúidí ábhartha san AE chun tacú go gníomhach le stádas na Gaeilge san AE.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2021 |
| **Ceanneagraíocht** | IAE |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Lean RTCEGSM ag tacú le réimse leathan beartais chun tacú go gníomhach le stádas na Gaeilge san AE:<br>• Maoiniú do chúrsaí ábhartha tríú leibhéal, ar mhaithe le ráta ratha i gcomórtais earcaíochta an Aontas Eorpaigh a fheabhsú<br>• Cuireadh maoiniú ar fáil don tionscadal téarmaíochta, LEX i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.<br>• D'eagraigh an Roinn, i gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, comórtas aistriúcháin le haghaidh meánscoileanna<br>• Lean an Roinn ag maoiniú 'Gluaiseacht', Seó Bóthair de chuid Conradh na Gaeilge,<br>• In aineoinn cúrsaí COVID-19, leanadh leis an scéim intéirneachta in 2020 |

| Uimhir 7.4 | **Déanfar feachtas mór feasachta a reáchtáil chun daoine a mhealladh le freastal ar na cúrsaí dírithe ar an sprioc seo agus le daoine a mhealladh le cur isteach ar na poist (go háirithe sna scoileanna agus in institiúidí tríú leibhéal.)** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | RTCEGSM, SCP, INBF, CnaG |
| **Ceanneagraíocht** | 2018 – 2021 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Foilsíodh alt fógraíochta ar Tuairisc.ie in Eanáir 2020 maidir le comórtas d'aistritheoirí leis an Choimisiún Eorpach.<br>• Eagraíodh feachtas poiblíochta maidir leis an scéim interneachta.<br>• Lean an Roinn ag comhoibriú leis an Roinn Ghnóthaí Eachtracha, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, an tIonad Barr Feabhais agus Conradh na Gaeilge ag poibliú gach comórtas earcaíochta a bhí ar bun ag institiúdí an AE. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 7.5 | **Maidir le Comórtais na nAistritheoirí Óga, eagróidh Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, i gcomhar leis an RTCEGSM, comórtas aistriúcháin 'Aistritheoirí Óga' le haghaidh meánscoileanna Gaeilge in Éirinn, ó thuaidh agus ó dheas, ar mhaithe le scoláirí a spreagadh maidir leis na deiseanna gairme le Gaeilge san AE.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Go bliantúil |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ASACE |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Reáchtáladh an comórtas in 2019 agus 2020 le ceithre dhuais réigiúnach i leith an aistriúcháin is fearr Gaeilge ó Bhéarla, duais amháin speisialta i leith an aistriúcháin is fearr ó theanga eile seachas an Béarla agus an Príomhdhuais i leith an aistriúcháin is fearr as na ceithre cúige. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 7.6 | **Maidir le Scéim Intéirneachta, bunófar Scéim Intéirneachta i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh chun feasacht na gcéimithe anseo faoi na deiseanna atá ar fáil san Eoraip a ardú agus chun taithí oibre fhiúntach a chur ar fáil dóibh.** |
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, IAE |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá an Scéim Intéirneacht á mhaoiniú ó 2018. Cuireadh tús leis an tréimhse oiliúna i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus ceapadh beirt i gComhairle na hEorpa, triúr i Parlaimint na hEorpa, beirt sa Choimisiún Eorpach, beirt i gCoiste na Réigiún agus duine i oifig na bhFoilseachán. Tharraing duine amháin siar sular chuir siad tús leis. Cuirtear liúntas €2,000 in aghaidh na míosa ar fáil do na hintéirneachtaí seo ar feadh tréimhse 10 mí. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 7.7 | **Maidir le LEX/IATE, mar chuid de straitéis an Rialtais chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as an nGaeilge a bheith aitheanta mar theanga oifigiúil agus oibre den AE, leanfaidh an Roinn ag cur maoinithe ar fáil chun téarmaíocht Ghaeilge a fhorbairt do bhunachar téarmaíochta an AE dar teideal InterActive Terminology for Europe (IATE).** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, OCBÁC |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Maoiníodh an tionscadal le linn na tréimhse agus tá maoiniú ceadaithe go dtí deireadh 2021. Tá 4,000 iontráil téarmeolaíochta ó bhunachar IATE á bpróiseáil ó thaobh na Gaeilge de in aghaidh na bliana ag foireann Gaois. Bíonn siad á bhfoilsiú ar iate.europa.eu agus ar www.gaois.ie . |



# 8

## Réimse Gnímh

# Saol eacnamaíochta

# Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta

## Réamhrá

Tá Údarás na Gaeltachta ag cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht le beagnach 40 bliain agus ag tacú le forbairt teanga, le forbairt eacnamaíoch, le forbairt pobail agus le forbairt shóisialta na Gaeltachta. Tá dhá bhunphrionsabal i straitéis an Údaráis don tréimhse 5 bliana 2018–2022:

- Caomhnú agus Neartú na Gaeilge; agus
- Forbairt Nuálaíochta agus Cruthú Fostaíochta.

Tá na prionsabail seo ag croílár straitéis na heagraíochta.

Bhí méadú leanúnach ar chúrsaí fostaíochta i gcomhlachtaí Gaeltachta a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta ó thús tréimhse na Plean Gníomhaíochta Cúig Bliana, ach d'fhág tionchar na paindéime COVID-19 gur tháinig laghdú don chéad uair sa tréimhse sin ar an líon fostaíochta i gcliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis in 2020. Is fiú a nótáil mar sin féin go bhfuil ardú d'os cionn 4% tagtha ar na figiúirí fostaíochta in imeacht 10 mbliana, agus go bhfuil súil go dtiocfaidh feabhas ar an líon fostaíochta i gcomhlachtaí Gaeltachta ach srianta COVID-19 bheith tagtha chun críche.

Cruthaíodh 427 post nua lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2020. Bhí glanlaghdú ann de 6% (481 post) ar an mbliain roimhe sin, rud a chiallaíonn go raibh 7,363 post lánaimseartha agus 437 post páirtaimseartha i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ón Údarás ag deireadh na bliana (2020).

In 2020, ceadaíodh €7.4m de thacaíochtaí éigeandála do chliantchomhlachtaí a bhí ag réiteach don Bhreatimeacht agus ag dul i ngleic le tionchar COVID-19. Cheadaigh Bord an Údaráis infheistíocht Stáit de luach €4.9m i ndeontais fostaíochta, innealra, oiliúna agus clár oiliúna i rith 2020. Ceadaíodh suas le €20.3m i soláthar caipitil i rith na bliana d'athchóiriú agus forbairt infreastruchtúr gnó na Gaeltachta chun tacú le buanú fostaíochta agus tograí nua a fhorbairt.

Tá tionchar suntasach geilleagrach ag cliantchomhlachtaí an Údaráis ar gheilleagar na Gaeltachta agus na tíre. De réir taighde ABSEI a rinneadh in 2020, meastar go raibh díolachán iomlán de €923m á dhéanamh ag na cliantchomhlachtaí an bhliain roimhe sin chomh maith le caiteachas díreach de €437m i ngeilleagar na hÉireann. Léiríonn sé seo go bhfuil luach maith á fháil ar infheistíocht an Stáit i gcruthú fostaíochta sa Ghaeltacht.

Líonra de 31 mol nuálaíochta & digiteach le ceangal ardluais leathanbhanda é ***gteic*, Gréasán Digiteach na Gaeltachta**, arna fhorbairt ag Údarás na Gaeltachta i gceantair ar fud na 7 gcontae Gaeltachta. Bhí 16 gteic ag feidhmiú faoi dheireadh 2020, agus obair ullmhúcháin in áit do 13 gteic eile. Bhí breis agus 450 spás deisce ar fáil do lucht nuálaíochta, fiontraithe, cianoibrithe agus gnóthaí faoi dheireadh 2020.

Déanadh an branda '**Gaeltacht na hÉireann**', branda nua atá forbartha ag Údarás na Gaeltachta, a sheoladh i rith 2018. Tá an branda forbartha chun gur féidir ceantair Ghaeltachta na tíre agus feabhas a dtáirgí a chur chun cinn ar fud an domhain faoi aon bhratach amháin. Tá sé in úsáid ag eagraíochtaí pobail agus teanga chomh maith le gnóthaí.

Chuir Údarás na Gaeltachta iarratas pleanála do **Pháirc na Mara**, páirc nuálaíochta mara i gCill Chiaráin i gConamara, faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mí Mheithimh 2020. Fuarthas os cionn 26 léiriú spéise ó chomhlachtaí a bhfuil suim acu a ngnóthaí a lonnú i bPáirc na Mara agus tá plé déanta le hinfheisteoirí príobháideacha faoina gcuid riachtanas forbartha féin. Tá sé measta go dtiocfaidh 200 post díreach as an togra, 400 post indíreach, agus infheistíocht idir €30 agus €50 milliún ón earnáil phríobháideach.

Tá fócas ar leith á chur ar fhorbairt straitéiseach na turasóireachta sa Ghaeltacht, chomh maith le cumasú agus forbairt áiseanna agus táirgí turasóireachta. I bhfianaise tionchar diúltach COVID-19 ar an earnáil turasóireachta, cuireadh síneadh ama bliana le tréimhsí an 11 Oifigeach Turasóireachta faoin Scéim Forbartha Bainistíochta Turasóireachta atá ar bun ar fud na tíre. Tá tionscnaimh chaipitil san earnáil turasóireachta aitheanta ag an Údarás le forbairt a dhéanamh orthu mar pháirtíocht idir pobail áitiúla, Údarás na Gaeltachta, Fáilte Éireann agus RTCEGSM. Is iad na tionscnaimh atá i gceist ná: Árann, Inis Oírr, Carna, Leitir Mealláin agus an Eachléim. Tá tús curtha leis an obair ar thogra Áras Scéalta an Atlantaigh ar an Eachléim.

Ar mhaithe le plean gníomhaíochta faoi leith a chur i dtoll a chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin faoi leith a bhaineann le ceantar Gaeltachta Uíbh Ráthaigh i gCo. Chiarraí, bunaíodh tascfhórsa i Meán Fómhair 2017 faoi chathaoirleacht Údarás na Gaeltachta. Bhí rannpháirtíocht leathan i gceist leis an tascfhórsa lena n-airítear RTCEGSM, RFTP, RGFCS Údarás na Gaeltachta, Comhairle Contae Chiarraí, Eagrais Forbartha agus Turasóireachta agus eagraíochtaí forbartha áitiúla.

Ag eascairt as an obair a rinne an tascfhórsa, seoladh Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh - Tuairisc agus Plean Gníomhaíochta 2019-2022 i mí Iúil 2019. Déantar rianú sa tuairisc ar 100 beart a bhfuil sé mar aidhm fhoriomlán acu dul i ngleic go príomha le titim agus críonadh daonra chomh maith le meath geilleagrach agus sóisialta. I measc na bpríomhaidhmeanna atá sa phlean tá cruthú 145 post nua, an titim daonra a fhreaschur agus é a ardú fá 3%, 10 dteaghlach sa bhreis a mhealladh chun na dúiche, mol digiteach gteic nua a bhunú i mBaile an Sceilg agus plean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú i leith Chathair Saidhbhín mar bhaile seirbhíse Gaeltachta.

Tá sé aitheanta go bhféadfadh an plean agus a chur i bhfeidhm a bheith mar mhúnla do cheantair eile ar fud na hÉireann a bhfuil na dúshláin chéanna bainteach leo.

### Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018-2019 | 1 | 1 | | |
| 2018-2020 | 1 | | 1 | |
| 2018-2021 | 1 | | 1 | |
| 2018-2022 | 10 | | 10 | |
| 2019 | 1 | 1 | | |
| 2019-2022 | 1 | | 1 | |
| IOMLÁN | 15 | 2 | 13 | 0 |

# Réimse Gnímh 8: Saol Eacnamaíochta

### Saol Eacnamaíochta sa Ghaeltacht

| | |
|---|---|
| Uimhir 8.1 | **Cuirfear le buiséad caipitil Údarás na Gaeltachta chun tacú leis go céimiúil oibriú i dtreo 8,500 post lánaimseartha a chruthú faoin mbliain 2022 de bharr cuideachtaí Gaeltachta a bhunú agus a fhorbairt, cuideachtaí nua a mhealladh le hinfheistíocht a dhéanamh sa Ghaeltacht agus earnálacha nua a fhorbairt agus a chur chun cinn.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Bhí an líon poist a bhí á gcruthú in aghaidh na bliana ag Údarás na Gaeltachta ag teacht leis an sprioc de 8,500 post lánaimseartha a chruthú faoin mbliain 2022. Tháinig laghdú suntasach ar an líon poist a cruthaíodh in 2020 de bharr COVID-19, áit a raibh 7,363 postag deireadh 2020, i gcomparáid le 7,844 in 2019. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 8.2 | **Déanfar naisc a neartú tuilleadh idir Údarás na Gaeltachta agus Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna chun acmhainn a mhéadú sna ceantair Ghaeltachta agus chun taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá ÚnaG ag obair leis na hinstitiúidí ar fud na tíre chun an Ghaeltacht agus comhlachtaí na Gaeltachta a chur chun cinn.<br><br>• Rinneadh an cúrsa *Ard-Dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán* a mhaoiniú den bhliain acadúil 2019-20. Déanann ITGM an cúrsa seo a reáchtáil ar an gCeathrú Rua, Co. na Gaillimhe, i gcomhar le ÚnaG agus Europus. |

| | |
|---|---|
| | • Rinneadh an cúrsa *Ard–Dioplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meáin Dhigiteacha* a mhaoiniú don bhliain acadúil 2019-20. Déanann IT Phort Láirge an cúrsa seo a reáchtáil i nGaeltacht na Rinne i gcomhar le ÚnaG agus Nemeton.<br>• Rinne ÚnaG páirt-mhaoiniú don bhliain acadúil 2019-20 ar scoláireachtaí iarchéime in IT Thrá Lí (1), ITGM (2) agus OÉ Gaillimh (1).<br>• Bhí deich gcomhlacht a chuireann ábhar léirithe ar fáil do TG4 páirteach sa chlár forbartha oiliúna nua sna Meáin Dhigiteacha don chéad uair. Tríd an scéim bhí oifigigh faoi oiliúint i réimsí éagsúla den phróiseas léirithe agus d'fhreastail na rannpháirtithe ar chúrsa sainspéise a reáchtáil IT na Gaillimhe–Maigh Eo (ITGME).<br>• Tá clár oiliúna maidir le tograí turasóireachta á fhorbairt i gcomhar le IT Thrá Lí agus IT Leitir Ceanainn agus tá na hoifigigh turasóireachta atá lonnaithe i dtograí turasóireachta Gaeltachta ag freastal ar an gclár.<br>• Rinneadh cómhaoiniú ar Mháistreacht i Nuálachas Mara in ITGME chomh maith le Clár Scoláireachta nua do Mháistreacht i dTaighde i gcomhar le Smartbay, SEAI agus Foras na Mara a chuirfidh sraith acmhainní oideachais iar-bhunscoile ar fáil i réimse fhuinneamh in-athnuaite na mara. |

| | |
|---|---|
| **Uimhir 8.3** | **Ar mhaithe le ceantair Ghaeltachta a fhorbairt tuilleadh, mar a bhaineann sé le turasóireacht chultúrtha, cuirfidh Údarás na Gaeltachta clár infheistíochta caipitil faoi leith i bhfeidhm i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Faoin gclár seo déanfar ionaid turasóireachta chultúrtha a fhorbairt i gceantair áirithe Gaeltachta i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear Fáilte Éireann agus páirtithe leasmhara áitiúla.**<br><br>**Beidh sé mar phríomhaidhm ag an slabhra ionaid seo, cultúr saibhir, sainiúil na Gaeltachta a chur i láthair mar áis a bheidh ar leas phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge trí chéile.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Ceanneagraíocht** | 2018 – 2022 |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá an próiseas deartha críochnaithe d'Áras Scéalta an Atlantaigh, An Fód Dubh. Tá an tÚdarás ag obair i gcomhar leis an Roinn i dtaobh Plean Gnó do thograí turasóireachta eile. |

| Uimhir 8.4 | **Déanfar tacaíocht reatha a sholáthar do 10 dtogra straitéiseacha i leith turasóireacht chultúrtha de bhun na Scéime Forbartha Bainistíochta Turasóireachta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Ceadaíodh síneadh bliana luach €450,000 do 15 oifigeach forbartha turasóireachta Gaeltachta faoin scéim forbartha turasóireachta de bharr gur aithníodh gur fhág cúinsí a bhaineann le COVID-19 nár baineadh an méid go bhféadfaí a bhaint amach in 2020 sa réimse turasóireachta. |

| Uimhir 8.5 | **Eagrófar feachtas dírithe ar an diaspóra Gaeltachta agus Gaeilge a mhealladh abhaile le tabhairt faoi dheiseanna fostaíochta, féinfhiontraíochta agus cianoibrithe, ach úsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus suíomh idirlín a chruthú atá dírithe ar an diaspóra Gaeltachta agus Gaeilge.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2018 – 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | • Bhí ÚnaG lárnach san ócáid *Golden Bridges* i mBostún, áit ar eagraíodh ócáid shonrach maidir leis an nGaeltacht agus Bostún<br>• Thug Aire Rialtais agus ionadaithe eile de chuid Rialtas na hAlban cuairt ar cheannceathrú Údarás na Gaeltachta maidir leis an gceangal idir an Ghaeltacht agus Albain a neartú<br>• Bhí ÚnaG lárnach san Athbhreithniú Déthaobhach idir Éire agus Albain<br>• Leanadh le foilsiú nuachtlitir dírithe ar an diaspóra |

| Uimhir 8.6 | **Déanfar gréasán (gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltachta) de 23 mol digiteach a fhorbairt sna ceantair Ghaeltachta, sé cinn acu siúd ar na hoileáin Ghaeltachta, d'fhiontraithe agus do chuideachtaí nuálacha agus chun tacú le cianoibrithe.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2020 |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Bhí 16 gteic ag feidhmiú faoi dheireadh 2020, agus obair ullmhúcháin in áit do 13 gteic eile. Bhí breis agus 450 spás ar fáil gteic ar fáil faoi dheireadh 2020.. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 8.7 | **Déanfar Branda Gaeltachta "Gaeltacht na hÉireann" a chur chun cinn chun aitheantas agus próifíl níos airde a thabhairt don Ghaeltacht agus do na táirgí agus na seirbhísí ar ardchaighdeán atá ar fáil iontu agus í a chur i láthair mar cheann scríbe turasóireachta faoi leith.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Táthar ag leanacht le cur an bhranda i bhfeidhm trasna iliomad réimse atá faoi chúram Údarás na Gaeltachta, ina n-áirítear cliantchomhlachtaí, eagrais forbartha pobail, an réimse pleanála teanga agus eile. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 8.8 | **Déanfar Páirc na Mara a fhorbairt i gConamara mar Pháirc Nuálaíochta Muirí ísealcharbóin ar chaighdeán domhanda.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Chuir Údarás na Gaeltachta iarratas pleanála do Pháirc na Mara faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mí Mheithimh 2020. Fuarthas os cionn 26 léiriú spéise ó chomhlachtaí a bhfuil suim acu a ngnóthaí a lonnú i bPáirc na Mara agus tá plé déanta le hinfheisteoirí príobháideacha faoina gcuid riachtanas forbartha féin. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 8.9 | **Leanfar le taighde ar an earnáil feamainne sa Ghaeltacht le táirgí breisluacha a shainiú agus tuarascáil a ullmhú, dá réir, chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an acmhainn nádúrtha seo.** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tionóladh Lá Mara Údarás na Gaeltachta don dara bliain in 2020, áit ar pléadh caighdeáin bainte feamainne chun inbhuanaitheacht a chinntiú i measc ábhair eile.<br><br>Reachtaladh cúrsa oiliúna le linn 2020 i réimse na feamainne idir ÚnaG agus Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Déanadh é a reáchtáil i gceantar Iorras Aithneach. |

| | |
|---|---|
| Uimhir 8.10 | **Déanfar gréasáin a bhunú ina mbeidh Cumainn Tráchtála, gnóthaí Gaeltachta agus gnóthaí eile atá ag feidhmiú as Gaeilge sna ceantair ábhartha éagsúla (ar bhonn píolótach).** |
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2019 ar aghaidh |
| **Ceanneagraíocht** | ÚnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Reachtáladh imeachtaí gréasánú ar líne i gcomhthéacs srianta COVID-19 |

## Saol Eacnamaíochta Lasmuigh den Ghaeltacht

| Uimhir 8.11 | **Leanfaidh Foras na Gaeilge leis an tacaíocht mhaoiniúcháin a chuireann sé ar fáil sa réimse forbartha pobail agus eacnamaíochta.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2022 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, GnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Bhain breis agus 84 ghnólacht leas as an Scéim Tacaíochta Gnó le linn na tréimhse ó Iúil 2019 go Nollaig 2020.<br><br>Leanadh den bhfeachtas ardaithe feasachta Gnó Means Business faoina gcuireann FnaG pacáistí tacaíochta ar fáil go bliantúil do ghnólachtaí a bhfuil spéis acu leas a bhaint as an nGaeilge agus forbraíodh comhpháirtnéireachtaí urraithe le páirtithe leasmhara gnó le próifíl na Gaeilge a ardú. In 2020, déileáladh le 89 n-ordú ina raibh breis agus 25,995 áis curtha ar fáil do ghnólachtaí i 18 gcontae. |

| Uimhir 8.12 | **Leanfaidh Foras na Gaeilge de bheith ag tacú leis an bhfeachtas 'Do Ghairm le Gaeilge' i gcomhar le GradIreland.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, GI |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Bhí Foras na Gaeilge i láthair ag Féile GradIreland agus páirteach i roghnú rannpháirtithe d'fhíseáin GradIreland in 2019. Cuireadh an suíomh PEIG.ie faoi bhráid an phobail le linn na féile freisin.<br><br>Foilsíodh 10 n-alt ar PEIG.ie i bhfoirm agallaimh le daoine ag obair in earnáil na Gaeilge. Rinneadh scannánú ar shraith nua agallamh (5 cinn) le daoine éagsúla atá ag obair trí Ghaeilge agus tá siad anois ar fáil ar na meáin shóisialta agus ar chainéal YouTube Fhoras na Gaeilge.<br><br>Reáchtáladh Aonach Gairmeacha Grad Ireland ar líne i bhfómhar 2020 agus bhí foireann Fhoras na Gaeilge agus PEIG.ie ar fáil le comhairle a chur ar mhic léinn maidir le deiseanna oiliúna agus fostaíochta trí Ghaeilge. |

| Uimhir 8.13 | **I gcomhthéacs an ghné uathúil dhíolacháin a bhaineann leis an nGaeilge agus an tairbhe féideartha faoi leith atá bainteach léi mar a bhaineann lé gnóthaí gnó trí chéile, leanfaidh na heagraíochtaí Gaillimh le Gaeilge, Gnó Mhaigh Eo agus Gael-Taca (Cathair Chorcaí) ag obair le páirtithe leasmhara áitiúla chun an Ghaeilge a bhrú chun cinn laistigh dá gceantair feidhme faoi leith i gcomhthéacs an phróisis pleanála teanga.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | Ar bhonn leanúnach |
| **Ceanneagraíocht** | RTCEGSM, FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Maoiniú leanúnach a fháil ag na heagraíochtaí seo. Chríochnaigh Bainiseoir/Oifigeach Forbartha Gael-Taca i Meán Fómhair 2020.<br><br>Tá na heagraíocht seo ceaptha mar cheanneagraíochtaí BSG agus tá FnaG ag plé go leanúnach ar mhaithe le dréachtadh pleananna teanga sna ceantair ina bhfuil siad ag feidhmiú mar Cheanneagraíochtaí Pleanáil Teanga. |

## Lipéadú & Pacáistiú

| Uimhir 8.14 | **Leanfaidh Foras na Gaeilge ag cur an phacáiste tacaíochta a d'fhorbair sé ar fáil do chuideachtaí atá ag iarraidh pacáistiú dátheangach a dhéanamh ar a gcuid táirgí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Déanta |
| **Amscála** | 2019 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Tá an beart seo curtha i gcrích ón tréimhse roimhe seo. |

## Caighdeán Seirbhíse

| Uimhir 8.15 | **Leanfar le cur i bhfeidhm an chórais creidiúnaithe úr faoi Chaighdeán ISO (9001:2015), Q-Mharc Gnó le Gaeilge, atá dírithe ar an earnáil ghnó chun seirbhísí ar ardchaighdeán a thairiscint go dátheangach do chliaint/chustaiméirí.** |
|---|---|
| **Stádas** | Idir Lámha |
| **Amscála** | 2018 – 2021 |
| **Ceanneagraíocht** | FnaG, GnaG |
| **Tuairisc ar an dul chun cinn (T2)** | Bronnadh an Q-Mharc ar dhá chomhlacht eile in 2020 agus chuaigh 10 gcinn eile ag dul trí phróiseas iniúchta. Rinne an NSAI iniúchadh ar an bproiséas agus tá an ISO 9001:2015 bainte amach arís ag an gcomhlacht. Tá sé i gceist go mbeadh an Q-Mharc ceangailte leis na Gradaim Ghnó náisiúnta atá á bhforbairt ag Glór na nGael agus páirtithe leasmhara eile ionas go mbeadh gnólachtaí ábalta tabhairt faoin Q-Mharc i ndiaidh dóibh bonn óir a bhaint amach sna gradaim. |



# 9

## Réimse Gnímh

# Tionscnaimh leathana

# Réimse Gnímh 9: Tionscnaimh Leathana

## Réamhrá

**De dheasca thionchar COVID-19 ba ghá do gach páirtí leasmhar díriú mar thosaíocht ar fheidhmiú na mbearta a bhfuil tuairisciú déanta ina leith thuas. Ní rabhthas in ann dá réir díriú ar bheart 9.2 thíos thar an tréimhse tuairiscithe ná go deimhin ar aon bheart eile a thionscnaimh de bharr na gcuinsí mar a bhí.**

## Léargas ar an Dul Chun Cinn

| Amscála | Sprioc | Déanta | Idir Lámha | Moill Leis |
|---|---|---|---|---|
| 2018 | 1 | 1 | | |
| 2019 | 1 | | | 1 |
| IOMLÁN | 2 | 1 | 0 | 1 |

# Réimse Gnímh 9: Tionscnaimh Leathana

## Poiblíocht/Feasacht

| Uimhir 9.1 | **Cuirfear maoiniú ar fáil chun clár imeachtaí Bhliain na Gaeilge 2018 a chur i bhfeidhm.** |
|---|---|
| Stádas | Déanta |
| Amscála | 2018 |
| Ceanneagraíocht | RTCEGSM, FnaG |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T2) | Cuireadh an beart seo i gcrích le linn 2018. |

| Uimhir 9.2 | **Déanfar feachtas turasóireachta cultúrtha a fhorbairt agus a fheidhmiú sa Ghaeltacht dírithe ar iarscoláirí na gcoláistí Gaeilge, ar dhaoine/teaghlaigh ar mian leo freastal ar chúrsaí Gaeilge agus ar thuismitheoirí a thagann ar cuairt chuig na scoláirí Gaeilge.** |
|---|---|
| Stádas | Moill Leis |
| Amscála | 2019 |
| Ceanneagraíocht | ÚnaG, CONCOS |
| Tuairisc ar an dul chun cinn (T2) | Tá plé air seo ag leanúint ar an mbunús gur féidir cur chuige a fhorbairt do 2022 agus cobhsú tagtha ar dheiseanna turasóireachta i gcomhthéacs na paindéime COVID-19. |

# Aguisíní

# Aguisín 1: Gluais Acrainmneacha agus Naisc Úsáideacha

| Acrainm | Ainm iomlán | Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann |
|---|---|---|
| AG | Aonad Gaeltachta | |
| AnT | An Taibhdhearc | http://antaibhdhearc.com/ |
| APT | Aonaid Pleanála Teanga (na LPT) | |
| ARÉ | Acadamh Ríoga na hÉireann | https://www.ria.ie/ |
| ASACE | Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh | http://www.artscouncil.ie/ |
| BB | Bord Bia | https://www.bordbia.ie/ |
| BIM | Bord Iascaigh Mhara | http://www.bim.ie/ |
| BOO | Boird Oideachais & Oiliúna | |
| CCBÁC | Comhairle Cathrach BÁC | http://www.dublincity.ie/ |
| CE | An Chomhairle Ealaíon | |
| CEÁ | Ceanneagraíochtaí Áitiúla | |
| CÉI | (Clár) Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe | |
| CF | Coimisiún Fulbright | http://www.fulbright.ie/ |
| CFÁ | Cuideachtaí Forbartha Áitiúla | |
| CI | Camara Ireland | |
| CIC | Cló Iar-Chonnacht | https://www.cic.ie/ |
| CL | Comhordaitheoir Luathbhlianta | |
| CLG | Cumann Lúthchleas Gael | https://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/ |
| CM | An Chomhairle Mhúinteoireachta | https://www.teachingcouncil.ie/ga/ |
| CnaF | Cumann na bhFiann | https://www.colaistenabhfiann.ie/gníomhaíochtaí/cumann-na-bhfiann |
| CnaG | Conradh na Gaeilge | https://cnag.ie/ga/ |

| Acrainm | Ainm iomlán | Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann |
|---|---|---|
| CnaT | Coláiste na Tríonóide | https://www.tcd.ie/gaeloifig/gaeilge/index.ga.php |
| CNC | Creat Náisiúnta Cáilíochtaí | |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | https://ncca.ie/ga/ |
| CNÉ | Craoltóirí Neamhspleácha Éireann | |
| CNNG | Comhar Naíonraí na Gaeltachta | http://www.comharnaionrai.ie/ |
| CNOS | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | https://ncse.ie/ |
| CO | An Chomhairle Oidhreachta | https://www.heritagecouncil.ie/ga/ |
| COBÁC | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | http://www.ucd.ie/bnag/ga/ |
| COC | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | https://www.ucc.ie/ga/ |
| COL | Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta | |
| COGG | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | https://www.cogg.ie/ |
| CONCOS | Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh | https://www.concos.ie/ |
| CONM | Coláiste Ollscoile Naomh Muire | https://www.stmarys-belfast.ac.uk/academic/education/ime_english.asp |
| CPT | Ceanneagraíochtaí/Coistí Pleanála Teanga | |
| CS | An Cumann Scoildrámaíochta | http://www.scoildramaiocht.ie/ |
| CT | An Coimisinéir Teanga | https://www.coimisineir.ie/ |
| CTB | Curaclam Teanga na Bunscoile | |
| CTÉ | Comhlachas Tráchtála na hÉireann | |
| CTET | Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha | |
| DP | Dréachtóir Parlaiminteach | |
| EAO | An Earnáil Ardoideachais | |

| Acrainm | Ainm iomlán | Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann |
|---|---|---|
| **EEÁ** | Eagraíochtaí Ealaíon Áitiúla | |
| **ELRI** | Bonneagar Acmhainne Teanga na hEorpa (*European Language Resource Infrastructure*) | http://www.elri-project.eu/ |
| **EnaG** | Ealaín na Gaeltachta | https://ealain.ie/ |
| **EPB** | Eagraíochtaí Pobalbhunaithe | |
| **FCÁT** | Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha | |
| **FÉ** | Fáilte Éireann | http://www.failteireland.ie/ |
| **FGL** | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | |
| **FMS** | Féinmheastóireacht Scoile | |
| **FnaG** | Foras na Gaeilge | https://www.forasnagaeilge.ie/ |
| **FSS** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | https://www.hse.ie/eng/services/gaeilge/ |
| **FOÉC** | Fondúireacht Ollscoil Éireann Cheanada | |
| **FP** | Fiontair Pobail | |
| **FTO** | An Foras Taighde ar Oideachas | http://www.erc.ie/ |
| **GIS** | Geographic Information System (Córas Faisnéise Geografaí) | |
| **GI** | Grad Ireland | https://gradireland.com/ |
| **GL** | Gael Linn | https://www.gael-linn.ie/ |
| **GnaG** | Glór na nGael | https://www.glornangael.ie/ |
| **GO** | Gaeloideachas | https://gaeloideachas.ie/ |
| **IAE** | Institiúidí an Aontais Eorpaigh | https://europa.eu/european-union/index_ga |
| **IAO** | Institiúidí Ardoideachais | |
| **IATE** | InterActive Terminology for Europe | https://iate.europa.eu/home |
| **ICT** | Institiúid na gComhairleoirí Treorach | |

| Acrainm | Ainm iomlán | Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann |
|---|---|---|
| **ILBF** | An Ciste Craoltóireachta Gaeilge (Irish Language Broadcast Fund) | https://www.northernirelandscreen.co.uk/irish-language-broadcast-fund/ |
| **INBF** | Ionad Náisiúnta Barr Feabhais | |
| **ITGM** | Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe–Mhaigh Eo | https://www.gmit.ie/ |
| **LCS** | Lárionad do Cheannaireacht Scoile | |
| **LFC** | Luathfhoghlaim agus Cúram | |
| **LN** | Leabharlann Náisiúnta | https://www.nli.ie/ga/homepage.aspx |
| **MRI** | Múnla Rochtana agus Ionchuimsithe | |
| **MTeo** | Muintearas Teo | http://www.muintearas.com/ |
| **OAA** | Oifig an Ard-Aighne | http://www.attorneygeneral.ie/index_ga.html |
| **OCBÁC** | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | https://www.dcu.ie/ |
| **OCD** | Oidhreacht Chorca Dhuibhne | http://www.oidhreacht.ie/ |
| **OÉG** | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | https://www.oegaillimh.ie/ |
| **OL** | Ollscoil Luimnigh | https://www.ul.ie/gaeilge |
| **OMN** | Ollscoil Mhá Nuad | https://www.maynoothuniversity.ie/nua-ghaeilge-modern-irish |
| **OOP** | Oifig na nOibreacha Poiblí | https://www.opw.ie/ga/ |
| **OnaG** | Oireachtas na Gaeilge | http://www.antoireachtas.ie/ |
| **OSIE** | Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta | https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Social-Environmental-and-Scientific-Education?lang=ga-ie |
| **OTM** | Oiliúint Tosaigh Múinteoirí | |
| **OU** | Ollscoil Uladh | https://www.ulster.ac.uk/ |
| **RA** | An Roinn Airgeadais | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-airgeadais/ |
| **RCAC** | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-comhshaoil-aeraide-agus-cumarsaide/ |

| Acrainm | Ainm iomlán | Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann |
|---|---|---|
| **RTCEGSM** | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-turasoireachta-cultuir-ealaion-gaeltachta-spoirt-agus-mean/ |
| **RCPA** | An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-caiteachais-phoibli-agus-athchoirithe/ |
| **RDC** | An Roinn Dlí & Cirt | http://www.justice.ie/ga/JELR/pages/home |
| **RFTP** | An Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail/ |
| **RGE** | An Roinn Gnóthaí Eachtracha | https://www.dfa.ie/ie/ |
| **RCS** | An Roinn Coimirce Sóisialaí | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-coimirce-soisialai/ |
| **RFTF** | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | https://enterprise.gov.ie/ga/ |
| **RLCMLÓ** | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-leanai-comhionannais-michumais-lanphairtiochta-agus-oige/ |
| **RO** | An Roinn Oideachais | https://www.education.ie/ga/ |
| **RS** | An Roinn Sláinte | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-slainte/ |
| **RT** | Roinn an Taoisigh | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/roinn-an-taoisigh/ |
| **RTÉ** | Raidió Teilifís Éireann | https://www.rte.ie/ |
| **RTÉ RnaG** | RTÉ Raidió na Gaeltachta | https://www.rte.ie/rnag/ |
| **RTRAO** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-tithiochta-rialtais-aituil-agus-oidhreachta/ |
| **SCP** | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | https://www.publicjobs.ie/ga/ |
| **SFGM** | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí | https://pdst.ie/ga/about_us |
| **SNSO** | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | https://www.gov.ie/ga/seirbhis/18530a-none/ |
| **SSM** | Sraith Shóisearach do Mhúinteoirí | https://www.jct.ie/leagangaeilge/home/home_ga |
| **TEP** | Tionscnaimh Earnála Príobháidí | |
| **TFC** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | |

| **Acrainm** | **Ainm iomlán** | **Suíomh idirlín na heagraíochta – de réir mar a bhaineann** |
|---|---|---|
| **TG4** | TG4 | https://www.tg4.ie/ga/ |
| **TnaG** | Tuismitheoirí na Gaeltachta | http://tuismitheoiri.ie/ |
| **ÚÁ** | Údaráis Áitiúla | |
| **ÚAO** | An tÚdarás um Ard-Oideachas | https://hea.ie/ |
| **ÚnaG** | Údarás na Gaeltachta | http://www.udaras.ie/ |

# Aguisín 2: Miontuairiscí Chruinnithe an Choiste Stiúrtha

Is iad seo a leanas cóip de na miontuairiscí ó chruinnithe den Choiste Stiúrtha ar an bPlean Gníomhaíochta a reáchtáladh le linn na tréimhse tuairiscithe, 1 Iúil 2019 go 31 Nollaig 2020 agus atá faofa mar is cuí.

## Cruinniú den 31 Deireadh Fómhair 2019

**Coiste Stiúrtha maidir le Plean Gníomhaíochta 2018-2022**
**Miontuairiscí ón gcruinniú a reáchtáladh ar an 31 Deireadh Fómhair 2019**

**I láthair**

| | |
|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic (Cathaoirleach) | RCOG |
| Seán Mac Eoin | RCOG |
| Sorcha de Brúch | RCOG |
| Micheál Ó Conaire | RCOG |
| Seán Ó Leidhinn | RCOG |
| Seán Ó Grífín (Rúnaí) | RCOG |
| Eibhlín Ní Scannláin | ROS |
| Nicholas Meehan | RCPA |
| Orla Corrigan | RLGÓ |
| Rónán Mac Con Iomaire | ÚnaG |
| Seán Ó Coinn | FnaG |

| | |
|---|---|
| *RCOG* | *An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta* |
| *ROS* | *An Roinn Oideachais agus Scileanna* |
| *RCPA* | *An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe* |
| *RLGÓ* | *An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige* |
| *ÚnaG* | *Údarás na Gaeltachta* |
| *FnaG* | *Foras na Gaeilge* |

Ag tús an chruinnithe chuir an Cathaoirleach, an Dr Aodhán Mac Cormaic fáilte roimh Orla Corrigan a tháining in áit Paul Fay ar an gcoiste mar ionadaí na RoinneLeanaí agus Gnóthaí Óige.

1. **Miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh - an 15 Bealtaine 2019**
   Aontaíodh le miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh den 15 Bealtaine 2019.

2. **Tuarascáil Bhliantúil**
   Cuireadh dréacht de Thuarascáil Bhliantúil 2018-2019 i láthair ag an gcruinniú agus pléadh go mion é. Thug gach ionadaí breac-chuntas gairid ar a réimsí freagrachta faoi seach ag cur béime ar ghníomhartha aonair a mbeifí ag súil le moill orthu. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar, socraíodh go dtabharfaí seachtain eile do gach páirtí leasmhar ábhartha leasuithe a dhéanamh ar an dréacht-téacs. Pléadh leagan Béarla na tuarascála freisin agus d'aontaigh an RCOG breathnú ar na roghanna d'fhonn aistriúchán Béarla a bheith acu don seoladh.

Pléadh formáid agus leagan amach na tuarascála freisin agus aontaíodh graif agus hipearnasc a úsáid chun an téacs a fheabhsú mar ba chuí.

Aontaíodh freisin go gclúdófaí aon ghníomhartha nua nó treochtaí a bheadh ag teacht chun cinn sa chéad tuarascáil bhliantúil eile a chuimseodh an tréimhse ó Iúil 2019 go Nollaig 2020.

Pléadh roghanna éagsúla maidir leis an ionad seolta agus socruithe. Thug an RCOG le fios go mbeidís ag súil le dáta seolta ag deireadh mhí na Samhna / tús mhí na Nollag 2019.

3. **Aon Ghnó Eile**
   Thar ceann an choiste, ghuigh an Dr Aodhán Mac Cormaic gach rath ar Sheán Ó Leidhinn agus é ag dul ar scor ó RCOG.

## Cruinniú den 9 Deireadh Fómhair 2020

**Coiste Stiúrtha maidir le Plean Gníomhaíochta 2018-2022**
**Miontuairiscí ón gcruinniú a tionóladh ar líne ar 09 Deireadh Fómhair 2020**

**I láthair**

| | |
|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic (Cathaoirleach) | RTCEGSM |
| Seán Mac Eoin | RTCEGSM |
| Sorcha de Brúch | RTCEGSM |
| Micheál Ó Conaire | RTCEGSM |
| Aodán Mac an Mhíle | RTCEGSM |
| Seán Ó Grífín | RTCEGSM |
| Máire Uí Churraoin | RTCEGSM |
| Maria Uí Bhrian | RTCEGSM |
| Eibhlín Ní Scannláin | An Roinn Oideachais [RO] |
| Rónán Mac Con Iomaire | Údarás na Gaeltachta [ÚnaG] |
| Seán Ó Coinn | Foras na Gaeilge [FnaG] |

**Leithscéal Gafa:**

| | |
|---|---|
| Orla Corrigan | RLCMLÓ |
| Rob O'Toole | RCPA |

D'oscail An Cathaoirleach an cruinniú a bhí tagtha le chéile go fíorúil agus chuir sé fáilte roimh gach duine a bhí i láthair. Mhínigh sé go raibh i gceist an chéad tuairisc bliantúil a fhoilsiú ag tús na bliana seo ach cuireadh moill lena foilsiú mar gheall go príomha ar an bpaindéim. Mhínigh sé go raibh sé i gceist go bhfoilseofaí an dara tuairisc ar an dul chun cinn go luath in 2021, a chlúdóidh tréimhse ó Iúil 2019 go dtí Nollaig 2020.

1. **Miontuairiscí an chruinnithe dheiridh – 31 Deireadh Fómhair 2019**
   Rinneadh miontuairiscí an chruinniú deiridh ar 31 Deireadh Fómhair 2019 a chomhaontú.

2. **Léargas ar an staid reatha**

   **FnaG**
   - Tugadh le fios go raibh dul chun cinn maith déanta maidir le clár oibre na bliana, in ainneoin na srianta COVID-19. Bhí na grúpaí SPG agus líonraí Gaeilge ag feidhmiú ar line agus lucht féachana substaintúil acu.

   **ÚnaG**
   - Tugadh le fios go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh i ndáil leis an bpróiseas pleanála teanga, cé go mbeadh moill bainteach leis an mbaile seirbhíse Béal an Mhuirthead a thabhairt chun críche.
   - De bharr an géarchéim COVID-19 bheadh sé dúshlánach ar ÚnaG na spriocanna fostaíochta a bhaint amach don bhliain reatha agus bheadh tograí fostaíochta síos chomh maith.

**RO**

- Tugadh le fios go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh trasna réimse na ngníomhartha a ghabhann leis an Roinn. Luadh gur cuireadh moill leis an gcomhairliúchán ar shonraíochtaí nua do Ghaeilge na hArdteistiméireachta de bharr srianta COVID-19.
- Aontaíodh cruinniú dé-thaobhach a eagrú idir ROS agus RTCEGSM chun plé cuimsitheach a dhéanamh ar réimse an Oideachais.

**RTCEGSM – Réimsí Gnímh 4, 5 & 7**

- Bhí tús curtha le díospóireacht sa Dáil maidir le Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019. Bhí sé luaite i gClár an Rialtais go dtabharfaí Bille níos láidre chun cinn agus bhí suil go mbeadh sé achtaithe roimh dheireadh na bliana.
- Éileamh mór ar ranganna ar líne de bharr an géarchéim COVID-19
- Chuaigh an comhlacht dramaíochta Fíbín i gcomhpháirt leis An Taibhdhearc chun siamsaíocht bheo a chur ar fáil faoi réir na srianta COVID-19
- In ainneoin na géarchéime COVID -19 leanadh le maoiniú a chur ar fáil do theagasc na Gaeilge in Ollscoileanna thar lear.

**RTCEGSM – Réimsí Gnímh 6**

- Luadh go raibh éileamh ard ar na suíomhanna logainm.ie agus dúchas.ie toisc go raibh níos mó ama ag daoine chun taighde a dhéanamh le linn an dian-ghlasáil COVID-19
- Bhí sé i gceist na heagrais tras-teorainn ar fad a thabhairt le chéile chun an staid reatha a phlé

**RTCEGSM – Réimsí Gnímh 2 – An Ghaeltacht**

- Tugadh le fios gur baineadh go leor amach le linn na bliana sa réimse seo:
    - Go raibh Pleananna Teanga i bhfeidhm in 10 gcinn de na 14 Limistéar Pleanála Teanga a raibh plean ceadaithe ina leith
    - Gur ceapadh 9 Oifigeach Pleanála Teanga agus 3 Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga le linn thréimhse na tuairisce
- Tugadh le fios gur buaileadh earnáil na gColáistí Samhraidh go dona de bharr an géarchéim COVID-19 áfach.

**3. Na chéad chéimeanna eile**

Aontaíodh cruinniú eile den gCoiste Stiúrtha a shocrú faoi cheann míosa chun plé cuimsitheach a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile agus treochtaí agus dúshláin a bheadh ag teacht chun cinn a aithint agus aghaidh cuí a thabhairt orthu.

## Cruinniú den 27 Samhain 2020

**Coiste Stiúrtha maidir le Plean Gníomhaíochta 2018-2022**
**Miontuairiscí ón gcruinniú a tionóladh ar líne ar 27 Samhain 2020**

**I láthair**

| | |
|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic (Cathaoirleach) | RTCEGSM |
| Seán Mac Eoin | RTCEGSM |
| Sorcha de Brúch | RTCEGSM |
| Micheál Ó Conaire | RTCEGSM |
| Aodán Mac an Mhíle | RTCEGSM |
| Máire Uí Churraoin (Rúnaí) | RTCEGSM |
| Eibhlín Ní Scannláin | An Roinn Oideachais [RO] |
| Michael McKeown | RCPA |
| Tom Clancy | RCPA |
| Orla Corrigan | RLCMLÓ |
| Rónán Mac Con Iomaire | Údarás na Gaeltachta [ÚnaG] |
| Seán Ó Coinn | Foras na Gaeilge [FnaG] |

**Leithscéal Gafa:**

| | |
|---|---|
| Maria Uí Bhriain | RTCEGSM |

D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú fíorúil agus chuir sé fáilte fhoirmiúil roimh gach ball nua a bhí i láthair. Mhínigh sé go reáchtálfaí an cruinniú go dátheangach a oiread agus ab fhéidir.

1. **Miontuairiscí an chruinnithe dheiridh (ar líne) - 9 Deireadh Fómhair 2020**
   Glacadh le dhá leasú beag a dhéanamh ar na miontuairiscí. Aontaíodh an chóip dheiridh de na miontuairiscí a sheoladh chuig Coiste na Gaeilge feasta.

2. **Uasdátú ar dhul chun cinn ó na heagraíochtaí:**

   **ÚnaG**

   Dul chun cinn maith á dhéanamh maidir leis na próisis phleanála teanga:
   - 14 phlean teanga sínithe agus á gcur i bhfeidhm
   - Cuireadh 4 phlean teanga ar aghaidh chuig RTCEGSM le cur faoi bhráid an Aire
   - 4 phlean teanga eile le cur faoi bhráid RTCEGSM roimh dheireadh na bliana.Struchtúir á gcur i bhfeidhm maidir le baile seirbhíse Dhaingean Uí Chúis.
   - Moilleanna suntasacha maidir le baile seirbhíse Bhéal an Mhuirthead a chur i gcrích. Cé go raibh an próiseas pleanála bunaithe chaithfeadh an tÚdarás fhéachaint arís ar an iliomad gníomhartha eile ina leith seo.

   Cé go raibh an tÚdarás chun tosaigh leis an dul chun cinn a rinneadh sa dara bliain dá Phlean Straitéiseach 2018-2020 maidir le cruthú post, bheadh sé ina dhúshlán d'ÚnaG an fhostaíocht a choinneáil mar gheall ar ghéarchéim COVID-19 agus a thionchar. Bheadh éifeacht dhiúltach ag an mBreatimeacht freisin de bharr cuideachtaí Gaeltachta ag féachaint ar mhargaí seachas an Ríocht Aontaithe.

**FnaG**

Príomhphointí:

- Ag súil go gceadófaí an Scéim Pobal Gaeilge
- 6 chruinniú BSG ar siúl
- 5 líonra ceadaithe
- Scoláireachtaí Gaeilge le dul ar aghaidh
- Togra chun Foclóir Gaeilge/Gaeilge a fhorbairt.

Tugadh faoi deara go raibh ról suntasach ag RTCEGSM sa togra chun Foclóir Gaeilge/Gaeilge a fhorbairt agus go raibh cruinniú déthaobhach le bheith ar siúl go gairid ina dhiaidh sin idir RTCEGSM agus FnaG. Bhí cainteanna ar siúl idir FnaG agus ROS maidir le féidearthacht cómhaoinithe. Dúirt an Cathaoirleach go raibh fonn ar an Aire Chambers labhairt leis an Aire Foley ar an ábhar seo agus ar ábhair eile. ROS chun sonraí teagmhála an oifigigh i rannán NCSC a chur ar aghaidh chuig an RTCEGSM.

Tugadh le fios go raibh dul chun cinn maith déanta ar chlár oibre na bliana, in ainneoin thionchar srianta COVID-19. Bhí na grúpaí SPG agus líonraí Gaeilge ag feidhmiú ar líne agus bhí lucht féachana substaintiúil acu.

Thagair an Cathaoirleach do mhéadú €1.3 i mbuiséad FnaG don bhliain 2021. Dúirt sé nach raibh maoiniú meaitseála ón gComhaireacht Thuaidh Theas tugtha chun críche ag an bpointe sin.

**ROS**

Tugadh le fios gur cuireadh moill ar an gcomhairliúchán ar an athbhreithniú ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta mar gheall ar dhúnadh scoileanna de bharr shrianta COVID-19.

Aontaíodh cruinniú déthaobhach a eagrú idir ROS agus RTCEGSM chun réimse an Oideachais a phlé go cuimsitheach.

Bhí dul chun cinn á dhéanamh, b'fhéidir go ndéanfaí athdhíriú ar chuid de, agus súil le tuarascáil mhaith ag an deireadh.

Tugadh le fios gur ghlac níos mó daoine páirt san ehub fisice agus matamaitice.

Tugadh le fios go mbeadh cruinniú ar siúl an tseachtain dar gcionn idir RTCEGSM agus ÚnaG ar bheartas Gaeltachta don oideachas.

**RLCMLÓ**

Tháinig méadú ar an méid ábhair as Gaeilge a bhí á tháirgeadh agus ar an ábhair ar líne i nGaeilge.

Bhí an tsonraíocht curtha i gcrích maidir leis an 2 shainphost Gaeilge. Bhíothas ag súil go bhfógrófaí iad seo roimh dheireadh na bliana. Bhí an painéal agallaimh i bhfeidhm.

Bhíothas ag súil le cruinniú a thionól ar an 21 Nollaig leis an gcoiste a dhéanfaidh maoirseacht ar an idirghabháil luath agus go sceidealófaí cruinniú idir RLCMLÓ agus ÚnaG gan mhoill.

**RTCEGSM - Réimse Gnímh 4, 5 & 7**

Tugadh faoi deara go ndeachaigh Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019 tríd an 2ú céim go gairid roimhe sin agus bhíothas ag súil go mbogfaí go céim an Choiste ar an 10 Nollaig agus ag súil go n-achtófaí an Bille san athbhliain.

Tugadh le fios gur chabhraigh maoiniú méadaithe capitil le moil Ghaeilge a sholáthar, mar shampla i gCluain Dolcáin, Áras Chrónáin, agus go raibh mol nua á chur ar bun i nGaelscoil Mhic Amhlaidh, Gaillimh. Fuarthas pleanáil do mhol Gaeilge ag 6 Sráid Fhearchair, Cathair Bhaile Átha Cliath.

Tugadh le fios gur cuireadh Techspace ar bun go náisiúnta agus go raibh sé á chur ar bun i scoileanna agus ag féachaint ar chlár leasaithe don bhliain seo chugainn.

Tugadh le fios go ndeachaigh an chuideachta drámaíochta Fíbín i gcomhpháirtíocht leis An Taibhdhearc chun siamsaíocht bheo a sholáthar faoi shrianta COVID-19. Nótaladh go raibh próiseas ar siúl chun grúpa a cheapadh chun múnla bainistíochta nua a tháirgeadh don Taibhdhearc ar feadh téarma 3 bliana.

Tugadh le fios go raibh maoiniú nua 5 bliana i bhfeidhm do thionscadal léitheoir scáileáin Shioncronóir Urlabhra in UCD. In ainneoin ghéarchéim COVID -19, leanadh le maoiniú a sholáthar chun Gaeilge a theagasc in Ollscoileanna thar lear agus bhog gach rang 3ú leibhéal thar lear ar líne.

Maidir le cúrsaí téarmaíocht, tugadh le fios go raibh obair ar siúl ar Theasáras Gaeilge.

Tugadh le fios gur tháinig méadú faoi dhó ar iarratais ar chomórtas na n-aistritheoirí óga i mbliana.

Nótaladh gur cosúil go gcuirfí deireadh le maolú an AE ar an nGaeilge in 2021 mar gheall ar rath na scéimeanna intéirneachta agus an méadú ar an bhfoireann Ghaeilge a bhí lonnaithe in Institiúidí an AE.

**RCPA**

Rinneadh comparáid idir líon na n-iarratas ar leibhéal Oifigeach Cléireachais agus Oifigeach Feidhmiúcháin sa sruth Gaeilge agus an líon sa sruth ginearálta / oscailte. Tugadh le fios go raibh imní curtha in iúl ag an gceardchumann Fórsa faoi na bearta a bheadh le cur i bhfeidhm chun an sprioc a bhaint amach i mBille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019 chun líon na gcainteoirí Gaeilge a earcaítear sa tseirbhís phoiblí a mhéadú go 20%. Rinneadh comparáid idir an bhearna i líon na n-iarratas ar leibhéal Oifigeach Cléireachais agus Oifigeach Feidhmiúcháin do shruth na Gaeilge. Ní raibh i gcomórtas neamhspleách OF na Gaeilge ach 1% de na daoine a bhí páirteach sa chomórtas ginearálta. Bhí staitisticí earcaíochta do 2019 le cur ar aghaidh ag RCPA chuig RTCEGSM.

**RTCEGSM - Réimse Gnímh 6**

Tugadh faoi deara go raibh éileamh mór ar na suíomhanna logainm.ie agus dúchas.ie toisc go raibh níos mó ama ag daoine taighde a dhéanamh le linn srianta COVID-19.

Tugadh le fios go raibh sé i gceist gach eagraíocht trasteorann a thabhairt le chéile chun an staid reatha a phlé.

**RTCEGSM - Réimse Gnímh 2**

Tugadh le fios go raibh go leor bainte amach i rith na bliana sa réimse seo. Tugadh faoi deara, áfach, go ndeachaigh géarchéim COVID-19 i bhfeidhm go mór ar earnáil na gColáistí Samhraidh.

3. **Na chéad chéimeanna eile**

Aontaíodh cruinniú a eagrú leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha roimh an gcéad chruinniú eile den Choiste Stiúrtha i mí Feabhra.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh gá struchtúr a chur i bhfeidhm chun comhairle a chur ar chainteoirí Gaeilge faoi na deiseanna a bhaineann leis an nGaeilge mar ábhar, cosúil leis an bhfeachtas feasachta atá i bhfeidhm maidir le deiseanna fostaíochta an AE.

4. **Scála ama don dara tuairisc ar dhul chun cinn an Phlean Gníomhaíocha (T2)**

Thug RTCEGSM le fios go raibh sé mar aidhm acu go mbeidh dréacht-tuarascáil ar fáil faoi dheireadh mhí Feabhra. Tugadh le fios go scaipfí an teimpléad tuairiscithe go luath i mí Eanáir agus go rabhathas ag súil go bhfoilseofaí an dara tuaraisc go luath san athbhliain. Iarradh ar na páirtithe leasmhara go léir gan leagan amach an teimpléid tuairiscithe a athrú agus é á nuashonrú don dara tuairisc.

5. **Conclúid**

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine as a gcur i láthair agus luaigh sé go raibh obair ollmhór ag leanúint ar aghaidh ar ardáin éagsúla mar gheall ar COVID-19.

gov.ie

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland